AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2026
COM(2026) 600 final

2026/0203 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/943, a mhéid a bhaineann le féachaint chuige go seasfaidh billí leictreachais an aimsir san Aontas Eorpach, trí chostais chórais a laghdú agus trí leictriú agus digitiú a chothú

{SWD(2026) 600 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Ghlac an Coimisiún Eorpach (‘an Coimisiún’) an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne i mí Feabhra 2025[1], ina bhfuil bearta arb é is aidhm dóibh costais fuinnimh a laghdú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, atá le seachadadh sa ghearrthéarma den chuid is mó. Rinneadh scrúdú sa Phlean Gníomhaíochta ar na tosca lena mbrúitear suas praghsanna fuinnimh agus sainaithníodh costais soláthair fuinnimh agus cánachas, chomh maith le costais a bhaineann leis an ngréasán agus leis an gcóras, mar phríomhréimsí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu chun cuidiú leis na billí fuinnimh a laghdú do thomhaltóirí na hEorpa. Rinne an Coimisiún obair leantach ar an bPlean sin le roinnt tionscnamh, lena n-áirítear Treoirlínte maidir le muirir ghréasáin a sheasfaidh an aimsir[2], an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha[3], Pacáiste Fuinnimh na Saoránach[4] agus an Treochlár Straitéiseach le haghaidh an Aistrithe Dhigitigh agus na hIntleachta Saorga san Earnáil Fuinnimh[5].

I bhfianaise na n-imeachtaí sa Mheánoirthear, an 19 Márta 2026, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bearta spriocdhírithe a thíolacadh go práinneach le haghaidh gníomhaíochtaí coincréiteacha chun gach comhpháirt de phraghsanna leictreachais a ísliú.

D’fhreagair an Coimisiún le foilsiú AccelerateEU[6], lenar míníodh an gá atá le costais fuinnimh a laghdú trí dhlús a chur le cur in úsáid fuinnimh ghlain de thionscnamh AE agus tríd an ráta leictrithe a mhéadú. Ba cheart é sin a chomhcheangal le huasghrádú breise ar an gcóras leictreachais trí bhearta maidir le bonneagar eangaí nua a thógáil, trí úsáid a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana agus trí chánachas.

Leis an togra seo, tacaítear le cuspóir AccelerateEU trí fheabhas a chur ar dhearadh na muirear gréasáin chun costéifeachtúlacht na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin a áirithiú agus chun oibreoirí córais agus úsáideoirí córais araon a dhreasú chun úsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana. Ina theannta sin, tugtar bearta cánachais isteach leis chun a áirithiú, i measc spriocanna eile, go ngearrfar cáin níos lú ar leictreachas ná ar ghás nádúrtha. Soiléirítear leis an togra freisin ról na n-údarás rialála náisiúnta maidir le rochtain éifeachtúil, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar ghréasáin tarchurtha agus dáileacháin a áirithiú[7], lena n-áirítear i gcásanna plódaithe eangaí a bhféadfadh sé go mbeadh gá le bearta a chur i bhfeidhm ina leith lena n-áiritheofaí aibíocht agus dul chun cinn iarrataí ar nascadh leis an eangach, mar aon le coinníollacha tosaíochta a leagan amach.

Muirir líonra

Tá an cómhargadh leictreachais ar cheann de bhunchlocha an iomaíochais agus an rathúnais san Aontas seo againne. Tá an tAontas tiomanta do dhícharbónú a shaothrú, agus inacmhainneacht agus slándáil fuinnimh a mhéadú an tráth céanna. Tá sé sin ríthábhachtach d’iomaíochas thionscail na hEorpa, mar a leagtar amach sa Chomhaontú maidir le

1 COM/2025/79.
2 C/2026/126.
3 COM/2025/1005.
4 COM/2026/115.
5 COM/2026/501.
6 COM/2026/370.
7 Airteagal 3, pointe (q), de Rialachán (AE) 2019/943.

Tionsclaíocht Ghlan[8], lena dtugtar aghaidh freisin ar an ngá atá le tacú le huathriail straitéiseach, slabhraí soláthair ríthábhachtacha a dhaingniú agus rathúnas eacnamaíoch a choinneáil ar bun. Le blianta beaga anuas, áfach, agus le linn dhá ghéarchéim, tá an tAontas ag dul i ngleic le costais fuinnimh atá ag ardú, rud a chuireann ár n-iomaíochas i mbaol.

Is é gréasán leictreachais na hEorpa an gréasán is idirnasctha ar domhan agus is colún bunúsach de mhargadh leictreachais na hEorpa é. Mar gheall ar éileamh ar leictreachas atá ag ardú, leictriú méadaitheach úsáidí deiridh, dílárú an táirgthe leictreachais agus cur in úsáid luathaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite, beidh gá le hinfheistíocht mhór chun an gréasán leictreachais a nuachóiriú agus a leathnú, agus chun optamú a dhéanamh ar an mbealach a dhéantar eangacha leictreachais a dhearadh agus a oibriú. Ag tráthanna a ghintear a lán leictreachais le foinsí fuinnimh in-athnuaite, léirítear le praghsanna ísle nó diúltacha leictreachais — atá éirithe níos tráthrialta le blianta beaga anuas[9] — an gá atá leis an gcóras a bheith níos solúbtha. Tá sé sin ríthábhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht foinsí fuinnimh in-athnuaite agus chun ciorrú nach bhfuil costéifeachtúil a sheachaint, agus tomhaltas á dhreasú ag tráthanna agus i suíomhanna a bhfuil na foinsí fuinnimh is saoire ar fáil agus ina n-íoslaghdaítear na costais a bhaineann le hoibriú an chórais.

Cumhdaítear costais an chórais leictreachais le muirir ghréasáin. Maoinítear leo uasghrádú fisiciúil na n-eangach, agus coinneáil ar bun agus oibriú an chórais. Tá sé sin fíor-riachtanach chun foinsí fuinnimh in-athnuaite, leictriú agus éileamh tionsclaíoch agus gnó nua a chur in úsáid. Le blianta beaga anuas, is é atá sna muirir ghréasáin, ar an meán, idir 24 % agus 29 %[10] den bhille leictreachais do theaghlaigh (agus is iad praghas an tráchtearra fuinnimh, cánacha agus tobhaigh agus costais charbóin na príomhthosca eile). Cé go meastar go dtiocfaidh laghdú ar chomhpháirt fuinnimh an phraghais leictreachais, meastar go mbeidh costais eangaí ina mír níos mó fós ar bhillí leictreachais. Measann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) go mbeidh gá le hinfheistíochtaí ar leibhéal nach bhfacthas riamh cheana sna heangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais chun córas fuinnimh dícharbónaithe de chuid an Aontais a thógáil[11]. Leis sin, dhéanfaí rátaí infheistíochta bliantúla na ndeacáidí deireanacha a mhéadú faoi dhó agus faoi thrí fiú. Mar thoradh ar chostais chórais atá ag ardú, d'fhéadfadh méadú mór teacht ar chostais iomlána eangaí le himeacht ama suas le 60 % faoi 2050 i gcomparáid le 2022.

Beidh sé ríthábhachtach an úsáid is fearr a bhaint as an mbonneagar eangaí atá ann cheana, agus muirir ghréasáin a dhearadh go cliste agus go héifeachtúil, chun éifeachtúlacht an bhonneagair a mhéadú agus chun costais fhoriomlána chórais a optamú. Go háirithe, le muirir ghréasáin lena ndreasaítear éifeachtúlachtaí córais, féadfar costais oibriúcháin fhoriomlána córais agus comhpháirt na muirear gréasáin den bhille fuinnimh a laghdú, mar shampla, trí

8 COM/2025/85.

9 ACER (2026), *Key developments in EU electricity and gas markets* [Príomhfhorbairtí i margaí leictreachais agus gáis an Aontais] https://www.acer.europa.eu/monitoring/electricity-gas-key-developments-2026.

10 ACER (2024) *Retail market Monitoring report* [Tuarascáil Faireacháin ar an Margadh Miondíola]: https://www.acer.europa.eu/sites/default/files/documents/Publications/ACER-CEER_2024_MMR_Retail.pdf.

11 Tuarascáil ACER '*Electricity infrastructure development to support a competitive and sustainable energy system*' [Forbairt bonneagair leictreachais chun tacú le córas fuinnimh iomaíoch agus inbhuanaithe], ACER_2024_Faireachán_ar_Bhonneagar_Leictreachais.pdf. De réir na tuarascála, '*meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar infheistíocht bhliantúil san eangach go dtí 2050, suas le EUR 100 billiún, agus meastacháin níos ísle ag EUR 75 bhilliún*.'

riachtanais agus costais athsheolta a laghdú, nó trí bhuaicéileamh a laghdú agus, ar an gcaoi sin, riachtanais infheistíochta eangaí a laghdú[12].

Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndreasófar le muirir ghréasáin oibreoirí córais chun an eangach a oibriú go héifeachtúil, chun solúbthacht a úsáid agus chun eangacha cliste leictreachais a fhorbairt agus chun réitigh neamhshreinge a úsáid amhail teicneolaíochtaí feabhsaithe eangaí, agus an dreasacht chun infheistíocht a dhéanamh san eangach á coinneáil ar bun agus cothrom iomaíochta á áirithiú an tráth céanna. Ba cheart úsáideoirí eangaí a dhreasú chun iad féin a iompar ar bhealach atá fabhrach don chóras, a n-úsáid fuinnimh a choigeartú nó é a aistriú i dtreo tráthanna agus áiteanna ina bhfuil na foinsí fuinnimh is saoire ar fáil agus nuair is é is costéifeachtúla don chóras foriomlán. Chun an méid sin a bhaint amach, moladh leis an bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne togra reachtach a chur ar aghaidh maidir le dearadh muirear gréasáin. Ar an gcúis sin, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin an 16 Márta 2026 go n-ullmhóidh an Coimisiún togra reachtach chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht an bhonneagair eangaí.

Tugtar aghaidh leis an togra seo ar ábhair imní maidir le costais fuinnimh atá ag ardú, ós rud é go bhfuil siad á spreagadh ní hamháin ag praghsanna arda luaineacha, ach ag costais chórais atá ag ardú freisin. Déantar amhlaidh leis trí fheabhas a chur ar dhearadh na muirear gréasáin chun costéifeachtúlacht na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin a áirithiú agus trína áirithiú go soláthraítear na dreasachtaí is gá d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí córais araon chun costais chórais a laghdú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí úsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana.

Tá dreasachtaí níos láidre á gcur chun cinn leis an togra d'oibreoirí córais chun costéifeachtúlacht a mhéadú mar aon le rochtain thráthúil ar an eangach a chumasú, dreasachtaí a sholáthar d'úsáideoirí eangaí chun a n-iompraíocht tomhaltais a oiriúnú, trédhearcacht fheabhsaithe a spreagadh agus oibleagáid a chur ar údaráis rialála táscairí feidhmíochta a shocrú chun úsáid éifeachtúil eangaí agus éifeachtúlacht córais a mhéadú. Leis na bearta uile sin, ba cheart go gcuideofaí lena áirithiú go léirítear na fíorchostais a fhorchuirtear ar an gcóras le muirir ghréasáin agus go dtacófar a thuilleadh le húsáid éifeachtúil eangaí.

Ceadaítear leis an togra córais speisialta muirear gréasáin chostléiritheacha a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí sonracha úsáideoirí córais bunaithe ar a bpatrún tomhaltais, amhail tionscail dianfhuinnimh agus lárionaid sonraí. Comhcheanglaítear an rogha sin leis le coimircí chun éifeachtaí díobhálacha ar inacmhainneacht do theaghlaigh agus do FBManna a sheachaint.

Chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm, ní mór an togra a chomhcheangal le reachtaíocht threasach maidir le struchtúr coiteann agus modheolaíocht chomhchuibhithe i leith muirir ghréasáin, atá comhchosúil leis an reachtaíocht atá ann cheana san earnáil gáis.

[12] Sa tSlóivéin, tháinig laghdú níos mó ná 2,4 % ar an mbuaiclód mar thoradh ar athchóiriú taraife ó 2024. Léiríodh le staidéar ó Agora Energiewende lenar díríodh ar an nGearmáin go bhféadfaí solúbthacht tomhaltóirí a mhéadú go mór le taraifí dinimiciúla, agus go bhféadfaí 10 % den tomhaltas leictreachais bliantúil iomlán a aistriú in 2035. Léiríodh le tuarascáil a choimisiúnaigh SmartEN go bhféadfar an buaicualach a laghdú os cionn 20 %, agus leibhéil arda glactha feithiclí leictreacha ann, le taraifí dea-dheartha.

Méadair chliste agus eangacha cliste leictreachais

Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht bonneagair eangaí, ní mór na cumais theicniúla agus dhigiteacha a bheith ag an gcóras leictreachais chun faireachán a dhéanamh ar stádas na heangaí agus chun úsáid eangaí a optamú gar d'fhíor-am, agus chun úsáideoirí eangaí a dhreasú nó a stiúradh chun a n-úsáid eangaí a optamú, go háirithe nuair a dhéantar iad a chúpláil le suiteáil fhótavoltach agus ceallraí tí agus/nó taraifí dinimiciúla. Leis sin, d'fhéadfaí costais chórais a laghdú a thuilleadh, go háirithe trí bhuaicéilimh a laghdú. Leis na cumais sin, cuirtear ar a gcumas d'oibreoirí córais freagairt ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla, agus úsáid níos fearr á baint as an mbonneagar atá ann cheana, agus cuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí córais freagairt do chomharthaí praghais. Chun é sin a bhaint amach, tá gá le creat cumasúcháin níos leithne lena gcomhcheanglaítear córais méadraithe chliste, eangacha cliste agus digitithe agus athúsáid níos éifeachtaí sonraí eangaí leictreachais. Gan na coinníollacha cumasúcháin sin, tá an deis atá ag tomhaltóirí, comhbhailitheoirí, soláthróirí agus oibreoirí córais chun freagairt do chomharthaí praghais, lena n-áirítear comharthaí praghais ó mhuirir ghréasáin chliste chun solúbthacht a sholáthar agus oibriú córais a optamú, fós teoranta ó thaobh struchtúir de.

Ar an gcúis sin, tá bearta teoranta ach spriocdhírithe maidir le méadair chliste agus eangacha cliste leictreachais ag gabháil leis an togra maidir le muirir ghréasáin. Tugtar isteach leis íosoibleagáid cur in úsáid uile-Aontais le haghaidh córais méadraithe chliste chun a áirithiú, i ngach Ballstát, go mbeidh méadair chliste ag 50 % ar a laghad de chustaiméirí deiridh faoi 2030. Ba cheart an cion sin a mhéadú de réir a chéile go 75 % ar a laghad de chustaiméirí deiridh faoi 2033 chun an bonn teicniúil le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach tomhaltóirí agus infheictheacht níos mionsonraithe córais a neartú. I gcás na mBallstát a bhfuil leibhéil cur in úsáid faoi bhun 30 % acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, b'iomchuí síneadh teoranta a chur leis an sprioc-am le haghaidh sprioc 50 %. Léirítear leis an gcur chuige sin an staid mar atá faoi láthair ar fud an Aontais, agus dul i bhfód foriomlán na méadar cliste ag thart ar 60 % in 2024[13] agus cumhdach 80 % á shárú cheana féin ag 15 Bhallstát, i gcomhréir leis na leibhéil cur in úsáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2019/944[14], rud a léiríonn gur féidir rátaí dul i bhfód níos airde a bhaint amach, cé go bhfuil Ballstáit eile fós go mór faoi bhun na tairsí sin nó nár thionscain siad cur in úsáid ar mhórscála go fóill. Leis an leathadh amach míchothrom sin, baintear an bonn d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh agus d'fhorbairt táirgí agus seirbhísí nuálacha. An tráth céanna, leis an oibleagáid cur in úsáid atá beartaithe, ba cheart glacadh leordhóthanach a chruthú ar fud an Aontais chun tacú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as an mbonneagar gréasáin leictreachais atá ann cheana agus chun é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí a dtomhaltas fuinnimh agus a gcostais fuinnimh a thuiscint agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, soiléirítear leis an togra nach mbeidh feidhm ag measúnuithe costais agus tairbhe faoi Threoir (AE) 2019/944 ach amháin maidir le cur in úsáid thar an leibhéal 75 %, lena n-áiritheofar cur chuige comhsheasmhach uile-Aontais, agus solúbthacht á caomhnú an tráth céanna le haghaidh cur in úsáid breise bunaithe ar bhreithnithe eacnamaíocha. Déantar foráil leis freisin maidir le comhtháscairí eangaí cliste leictreachais a fhorbairt chun tacú le faireachán níos comhsheasmhaí ar ghlacadh réiteach eangaí cliste agus nuálach agus chun an nasc idir rialáil gréasáin, feidhmíocht agus úsáid éifeachtúil an bhonneagair atá ann cheana a neartú. Níos tábhachtaí fós, bunaítear leis creat

[13] ACER/Comhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa, *Retail Market Monitoring Report* [Tuarascáil Faireacháin ar an Margadh Miondíola] (mí na Samhna 2025); Comhaid Tíre (Iúil 2025).

[14] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

spriocdhírithe chun feabhas a chur ar mhalartú agus athúsáid shlán sonraí eangaí leictreachais. Tacaítear leis freisin le hoibriú éifeachtúil, slán agus solúbtha an chórais leictreachais, agus le huirlisí nuálacha digiteacha agus sonraíbhunaithe a fhorbairt, lena n-áirítear feidhmchláir intleachta saorga, atá in ann feabhas a chur ar fheidhmíocht agus optamú eangaí. Is freagairt dhíreach é sin ar ghlao an Uachtaráin ar oibreoirí eangaí feabhas a chur ar tháirgiúlacht an bhonneagair atá ann cheana trí leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha[15].

I dteannta a chéile, tá sé beartaithe leis na bearta sin a áirithiú gur féidir na dreasachtaí a chruthaítear trí mhuirir ghréasáin chliste a aistriú ina n-éifeachtúlachtaí oibríochtúla coincréiteacha agus costais fhoriomlána chórais a laghdú.

Cánachas

Tá leictriú gheilleagar na hEorpa ina riachtanas straitéiseach le haghaidh chuspóirí iomaíochais, slándála fuinnimh agus dícharbónaithe an Aontais. Chun córas fuinnimh níos leictrithe agus níos aeráidneodraí a bhaint amach, tá gá le hinfheistíochtaí substaintiúla in eangacha agus i mbonneagar leictreachais. Is iad muirir ghréasáin agus cánachas fuinnimh le chéile na príomhspreagthaí rialála costais atá leabaithe i mbillí leictreachais agus, dá réir sin, tá dlúthbhaint acu le chéile chun leictriú a dhreasú. Dá dtabharfaí aghaidh ar mhuirir ghréasáin ina n-aonar, gan prionsabail an chánachais ar leictreachas a ailíniú an tráth céanna le leictriú an Aontais, bhainfí an bonn de chomhleanúnachas agus d'éifeachtacht bheartas fuinnimh an Aontais. Ní fhéadfar leis an togra seo costas an leictreachais do thomhaltóirí a laghdú go struchtúrach agus spriocanna leictriúcháin an Aontais a chur chun cinn go fóinteach ach amháin trí ghníomhú ar an dá ghné ar bhealach comhordaithe.

I gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne agus AccelerateEU, ba cheart bearta spriocdhírithe maidir le cánachas leictreachais agus, go sonrach, na dreasachtaí le haghaidh leictriú atá leabaithe ann, a bheith ag gabháil le hathchóiriú muirear gréasáin, nó tá an riosca ann nach mbainfear amach an cuspóir maidir le spreagthaí costais billí leictreachais a laghdú go marthanach. Dá bhrí sin, bheadh drochthionchar mór ag cur chuige den sórt sin ar inacmhainneacht do thomhaltóirí an Aontais agus ar iomaíochas gheilleagar an Aontais.

Chuige sin, leis an togra seo déantar na prionsabail maidir le cánachas ar leictreachas a ailíniú freisin le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuireann le hiarrachtaí an Aontais astaíochtaí a laghdú. Chun leictriú chóras fuinnimh na hEorpa a mhéadú, mar a mhionshonraítear in AccelerateEU, ba cheart dreasachtaí chun gás nádúrtha a úsáid thar leictreachas i gcórais chánachais na mBallstát a aisiompú.

Sa bhreis ar an mbeart níos leithne sin, áirítear leis an togra seo féidearthacht shaincheaptha agus níos spriocdhírithe chun cánachas leictreachais a laghdú do thionscail dianfhuinnimh, ionas go bhféadfar na cánacha ar leictreachas do na húsáideoirí sin a laghdú a thuilleadh agus an dreasacht maidir le leictriú a fheabhsú.

Áiritheofar leis na bearta sin go laghdófar na costais fuinnimh deiridh do thomhaltóirí agus go mbeidh rialáil na gcostas fuinnimh ailínithe ar bhealach níos fearr le cuspóirí leictriúcháin na hEorpa.

---

[15] Litir ón Uachtarán Von Der Leyen roimh an gComhairle Eorpach dar dáta an 16 Márta 2026, 'Cé go bhfuil muirir eangaí fíor-riachtanach (...) Is féidir le hoibreoirí eangaí níos mó a dhéanamh freisin chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht an bhonneagair eangaí, **agus leas iomlán á bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha**'.

Leis na prionsabail maidir le cánachas ar fhuinneamh a leagtar amach sa leasú seo ar Rialachán (AE) 2019/943 (an Rialachán Leictreachais), dírítear ar chur chun feidhme fhorálacha an Aontais lena bhforchuirtear íosráta ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha agus lena rialaítear an fhéidearthacht a thugtar do na Ballstáit rátaí laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a úsáideann tionscail dianfhuinnimh mar a shocraítear le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle. I gcomhréir le cuspóirí na Treorach sin, tá sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit a leibhéil cánach fuinnimh a shocrú, ar choinníoll go leanfaidh siad na forálacha sa Treoir, agus leis na prionsabail sa Rialachán Leictreachais cumasófar na difríochtaí atá ann cheana sna dreasachtaí leictriúcháin i gcreataí cánachais fuinnimh na mBallstát a laghdú.

Tugtar isteach leis an togra seo leasuithe teoranta spriocdhírithe ar an Rialachán Leictreachais a bhfuil géarghá leo chun cuspóirí an togra a bhaint amach. Tá tuilleadh modhnuithe féideartha ar an Rialachán sin go hiomlán lasmuigh de raon feidhme agus d'aidhmeanna an togra seo. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil ar bhealach cuiditheach leis na comhreachtóirí, chun a áirithiú go gcaomhnóidh an próiseas reachtach maidir leis an togra seo a raon feidhme fíor-riachtanach go hiomlán agus nach saobhfaidh sé é.

Bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin

Tá rochtain thráthúil ar an ngréasán leictreachais ríthábhachtach d'iomaíochas agus do dhícharbónú earnálacha tionsclaíochta, mótarfheithiclí agus iompair na hEorpa — mar shampla, comhthiomsuithe athluchtaithe — agus do dhigitiú an gheilleagair, lena n-áirítear lárionaid sonraí a bhunú. Is coinníoll ríthábhachtach í freisin chun spriocanna an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus AccelerateEU a chomhlíonadh, agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Tá sé ríthábhachtach freisin chun riachtanais tithíochta agus bunriachtanais ghaolmhara na sochaí a chomhlíonadh. Cuireann moilleanna ar nascadh leis an eangach moill ar an aistriú glan agus ar fhás eacnamaíoch na hEorpa. Tá scuainí nasctha eangaí ann i 16 Bhallstát ar a laghad bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh in 2025[16]. Is é sin an fáth a bhfuil sé ag éirí níos práinní dul i ngleic le scuainí nasctha eangaí ar fud an Aontais.

Cé gurb é an réiteach fadtéarmach ar an dúshlán a bhaineann le hacmhainneacht neamhleor gréasáin tógáil luathaithe na n-eangach ar bhealach réamhbhreathnaitheach, is féidir réitigh níos gearrthéarmaí a chur chun cinn i gcomhthráth chun a áirithiú go ndéanfar giniúint fuinnimh ghlain agus ualaí leictrithe a nascadh go tráthúil leis an eangach. Ag tógáil ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, chuir an Coimisiún Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla[17] ('Treoraíocht') ar aghaidh mar chuid den Phacáiste um na hEangacha Eorpacha. Soláthraíodh moltaí coincréiteacha leis an Treoraíocht maidir le pleanáil chomhordaithe gréasáin a bhfuil an tsochaí agus an tionscal rannpháirteach inti, úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na heangacha atá ann cheana, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí tharaifí gréasáin, muirir nasctha nó solúbthacht a dhearadh, agus ar deireadh, trédhearcacht na hacmhainneachta óstála eangaí agus na nósanna imeachta um nascadh. Maidir leis na nósanna imeachta um nascadh leis an eangach, cuirtear i dtábhacht leis an Treoraíocht an gá atá le himeacht ó leithdháileadh 'tús freastail ar an gceann is túisce' d'acmhainneacht gréasáin i

[16] Fraunhofer ISI, Fraunhofer IEG, Guidehouse, REKK, *Study on network development planning, tariff structures and connection requests for electricity distribution grids* [Staidéar ar phleanáil forbartha gréasáin, struchtúir taraife agus iarrataí ar nascadh le haghaidh eangacha dáileacháin leictreachais], Meán Fómhair 2025, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/08843617-9cf8-11f0-97c8-01aa75ed71a1.

[17] Fógra ón gCoimisiún 'Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla' (C/2025/6703).

dtreo córas lena mbreithneofar aibíocht agus dul chun cinn na n-iarrataí ar nascadh leis an eangach, mar aon lena dtionchar ar phlódú, nó ar bhreithnithe comhshaoil, sóisialta nó eacnamaíocha.

Leis an togra dlíthiúil seo, cuirtear chun feidhme forálacha na Treoraíochta a bhaineann le nósanna imeachta éifeachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha um nascadh leis an eangach i gcás plódaithe i gcreat dlíthiúil an Aontais, lena sonraítear a thuilleadh na rialacha atá ann cheana faoi Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944 trí thagairt shainráite a dhéanamh don rogha tosaíocht a thabhairt d'earnálacha nó d'úsáideoirí gréasáin laistigh d'earnáil nó don rogha chun tionchair ar phlódú gréasáin nó ar bhreithnithe eacnamaíocha, sóisialta nó comhshaoil a bhreithniú fad atá siad sin bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Ní chumhdaítear go sainráite leis an reachtaíocht atá ann cheana ach oiread critéir aibíochta agus dul chun cinn chun dul i ngleic le hiarrataí amhantracha nó neamhaibí ar nascadh. Tá gá le soiléiriú chun cur chun feidhme iomlán fhorálacha na Treoraíochta a chumasú agus chun ról na n-údarás rialála a shoiléiriú maidir leis na coinníollacha rochtana gréasáin a shocrú, i gcomhréir le forálacha Airteagail 6 agus 59 de Threoir (AE) 2019/944 atá ann cheana. An tráth céanna, fágtar spás leis an togra chun coinníollacha náisiúnta a bhreithniú trí discréid iomlán a fhágáil ag an údarás rialála náisiúnta maidir le roghnú na mbeart faoi seach. Ní mór dóibh a áirithiú, áfach, go mbeidh bearta eile i bhfeidhm lena dtugtar aghaidh ar phlódú eangaí, lena gcuirtear chun feidhme creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana, amhail pleanáil gréasáin trasearnála lena mbaineann páirtithe leasmhara, comhaontú nasctha solúbtha nó úsáid réiteach neamhshreinge agus digiteach chun éifeachtúlacht gréasáin a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais seo agus le beartais eile an Aontais**

Tá an tionscnamh seo atá beartaithe ailínithe leis na cuspóirí maidir le leictriú a mhéadú, agus inacmhainneacht á háirithiú an tráth céanna, mar a leagtar síos in AccelerateEU agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Dá bhrí sin, tá an togra seo ailínithe freisin le cuspóir an Phlean Gníomhaíochta um an Leictriúchán[18], is é sin, dlús a chur leis an leictriú san earnáil fuinnimh chun aistriú fuinnimh costéifeachtúil agus slán a áirithiú agus chun spleáchas ar allmhairí a laghdú. Áirítear leis an bPlean Gníomhaíochta um an Leictriúchán gníomhaíochtaí cothrománacha chun cuspóirí táscacha leictriúcháin a bhaint amach, mar aon le gníomhaíochtaí earnáilsonracha lena spriocdhírítear ar iompar, foirgnimh agus tionscal. Tá muirir ghréasáin éifeachtúla, mar aon le húsáid agus forbairt eangaí, ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an bPlean Gníomhaíochta.

Tá cuspóirí an togra chun costais do thomhaltóirí a laghdú, feabhas a chur ar iomaíochas thionscal an Aontais, agus borradh a chur faoi fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus infheistíocht ísealcharbóin comhsheasmhach le creat an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, agus i gcomhréir leis na tionscnaimh atá ann faoi láthair. Freagraítear leis an togra do na saincheisteanna a sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Fhuinneamh Inacmhainne i mí Feabhra 2025, i.e. go gcuirtear iomaíochas chuideachtaí na hEorpa i mbaol le costais arda fuinnimh agus gur ualach mór iad ar thomhaltóirí.

[18] COM(2026)595 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Plean Gníomhaíochta um an Leictriúchán.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh ról tábhachtach ag úsáid éifeachtúil an chórais fuinnimh, agus struchtúr cánach iomchuí mar thaca leis, chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí leictreachais tairbhiú de chostais fuinnimh níos intuartha agus níos ísle.

Tá nasc láidir idir an tionscnamh atá beartaithe agus na tograí reachtacha a cuireadh chun cinn sa Phacáiste um na hEangacha Eorpacha agus oibríonn sé go maith leo. Is é is aidhm dó an úsáid is fearr a bhaint as an mbonneagar eangaí atá ann cheana chun costas na heangaí a laghdú go dtí an méid is gá. Comhlánaítear leis, dá bhrí sin, an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha, arb é is aidhm dó pleanáil bonneagair eangaí nua a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí. Áirítear leis sin breithniú tosaíochta a dhéanamh ar roghanna malartacha ar fhorbairt gréasáin amhail réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha nó solúbthacht neamh-iontaise, amhail freagairt don éileamh agus stóráil, sa phleanáil gréasáin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Leis an togra, neartaítear an creat rialála maidir le réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha a chur in úsáid agus maidir lena n-úsáid in oibriú córais ar an leibhéal náisiúnta, agus dírítear níos mó leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha ar bhonneagar trasteorann. Déantar amhlaidh leis trína áirithiú go gcuirtear réitigh den sórt sin chun cinn aon uair is féidir leo feabhas a chur ar acmhainneacht inúsáidte, solúbthacht agus iontaofacht gréasán leictreachais ar bhealach costéifeachtúil. Treisítear an treoir beartais a glacadh cheana féin leis faoin bPacáiste um na hEangacha Eorpacha chun tosaíocht a thabhairt i bpleanáil gréasáin do réitigh neamhshreinge in éineacht le solúbthacht neamh-iontaise. Maidir le rochtain ar an eangach, tá an togra dlíthiúil go hiomlán comhsheasmhach le spriocanna an Phacáiste um na hEangacha Eorpacha trí fhorálacha na Treoraíochta maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla a bhaineann le nósanna imeachta éifeachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha um nascadh leis an eangach i gcás bainistiú ar phlódú i gcreat dlíthiúil an Aontais a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, an obair leanúnach ar chur chun feidhme na Treoraíochta a threisiú.

I gcomhréir le cuspóirí Phacáiste Fuinnimh na Saoránach[19] chun tomhaltóirí a chumhachtú agus a rannpháirtíocht sa mhargadh fuinnimh a neartú, féachtar leis an togra freisin na costais deiridh fuinnimh do thomhaltóirí a laghdú trí na dreasachtaí cearta a sholáthar chun eangacha Eorpacha a úsáid ar bhealach optamach. Tá sé sin comhsheasmhach le torthaí na tuarascála ar phraghsanna soláthair leictreachais margadhbhunaithe agus le luach saothair na solúbthachta i gconarthaí miondíola a chur chun cinn[20] faoi thacar cur chun feidhme Phacáiste Fuinnimh na Saoránach, lena ndírítear aird ar a thábhachtaí atá leathadh amach méadar cliste. Baintear an méid sin amach leis an togra trí inbhreathnaitheacht na heangaí a mhéadú trí mhéadair chliste agus, ar an gcaoi sin, rannpháirtíocht níos gníomhaí tomhaltóirí a chumasú agus solúbthacht ar thaobh an éilimh a éascú, agus cuidiú le tomhaltóirí a chosaint an tráth céanna ar chostais fuinnimh atá ag ardú agus le hiomaíochas thionscail na hEorpa a chosaint. Chuige sin, tugtar isteach leis bunlíne uile-Aontais le haghaidh cur in úsáid méadar cliste, arb é is aidhm di glacadh leordhóthanach a bhaint amach chun tacú le hoibriú córais níos freagrúla agus le húsáid fheabhsaithe acmhainneachta gréasáin. I gcomhthráth, soiléirítear leis go bhfuil ról na measúnuithe costais agus tairbhe teoranta do chur in úsáid thar an mbunlíne sin, lena n-áirithítear cur chuige comhsheasmhach ar fud an Aontais, agus solúbthacht á coinneáil ar bun do na Ballstáit an tráth céanna.

Tá sé comhsheasmhach freisin le creat beartais digiteach agus fuinnimh níos leithne an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain

[19] COM(2026)115 final.
[20] COM(2026)850 final.

chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí)[21], an Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[22] agus reachtaíocht an mhargaidh leictreachais[23] atá ann cheana maidir le bainistiú sonraí agus idir-inoibritheacht. Comhlánaítear leis an togra na hionstraimí sin trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais earnáilsonracha atá nasctha le malartú sonraí eangaí leictreachais agus trí réitigh nuálacha dhigiteacha agus IS-bhunaithe a fhorbairt chun córas eangaí leictreachais a oibriú agus a optamú. An tráth céanna, áirithítear leis ailíniú le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, cibearshlándáil, trédhearcacht agus úsáid dhleathach sonraí agus tacaítear le réitigh Eorpacha dhigiteacha agus IS-bhunaithe a fhorbairt le haghaidh bonneagar criticiúil fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le huathriail straitéiseach an Aontais. Rannchuidítear leis freisin le cuspóirí an Ghnímh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, go háirithe trí fheabhas a chur ar úsáid an bhonneagair atá ann cheana, rud a chumasaíonn naisc eangaí níos tráthúla agus, ar an gcaoi sin, cur in úsáid tráthúil bonneagair néalríomhaireachta agus intleachta saorga, lena n-áirítear lárionaid sonraí.

Thairis sin, tá an togra comhsheasmhach leis an Dlí Aeráide Eorpach freisin, toisc go dtacaítear leis le laghduithe ar astaíochtaí trí éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe, solúbthacht ar thaobh an éilimh agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, rud a rannchuidíonn le córas fuinnimh níos dícharbónaithe agus níos athléimní.

Comhlíontar leis an togra seo freisin an gealltanas polaitiúil a thug an tUachtarán von der Leyen, a d'fhógair ina litir chuig na Cinn Stáit agus Rialtais roimh Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mí an Mhárta 2026, dar dáta an 16 Márta 2026, go bhfuil deis shoiléir ann cánachas leictreachais a laghdú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí reachtaíocht. Is féidir é sin a dhéanamh trína áirithiú go ngearrtar cáin níos fabhraí ar leictreachas ná ar ghás agus trí laghduithe ar chánachas ar leictreachas a úsáideann gnólachtaí dianfhuinnimh a éascú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena soláthraítear an bunús dlí chun bearta a mholadh arb é is aidhm dóibh, *inter alia*, feidhmiú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh agus caomhnú fuinnimh a chur chun cinn agus cineálacha nua agus in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt[24]. I réimse an fhuinnimh, tá inniúlacht roinnte ag an Aontas de bhun Airteagal 4(2)(i) CFAE.

Áirítear leis an togra freisin bearta cánachais spriocdhírithe, nach bhfuil ach coimhdeach leis an bpríomhchuspóir córais fuinnimh lena n-áirithítear feidhmiú an mhargaidh fuinnimh mar a liostaítear in Airteagal 194(2) CFAE. Go sonrach, tá na bearta cánachais ceaptha chun tacú leis an gcuspóir sin a bhaint amach trí chomhlánú agus treisiú a dhéanamh ar an gcuspóir maidir le costéifeachtúlacht na muirear gréasáin a mhéadú trí bhearta spriocdhírithe arb é is aidhm dóibh costais leictreachais do thomhaltóirí a ísliú agus, ar an gcaoi sin, a inacmhainneacht a mhéadú, cothrom iomaíochta a áirithiú idir tomhaltóirí fuinnimh ar fud an Aontais agus tacú le cuspóirí leictriúcháin an Aontais. Is éard atá sna bearta sin prionsabail

[21] Rialachán (AE) 2023/2854.
[22] Rialachán (AE) 2024/1689.
[23] Treoir (AE) 2019/944, Rialachán (AE) 2019/943.
[24] Airteagal 194(1) CFAE.

ghinearálta agus soiléirithe agus comhlánaítear leo creat comhchuibhithe an Aontais atá ann cheana mar a leagtar amach i dTreoir 2003/96/AE ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

An gá le gníomhaíocht AE

Leis an sciar méadaitheach de leictreachas ísealchostais, athraitheach agus díláraithe ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar fud an Aontais, mar aon leis an sprioc maidir le leictriú méadaithe chun neamhspleáchas fuinnimh a áirithiú, cuirtear níos mó struis ar eangacha Eorpacha. Chuige sin, tá gá le hinfheistíochtaí móra eangaí, rud a fhágann go mbíonn costais eangaí níos airde ann, i dtréimhse ghearrthéarmach ar a laghad go dtí go dtiocfaidh an t-éileamh chun cinn go hiomlán agus go mbeidh na costais scaipthe ar fud bonn tomhaltóirí níos leithne. Tá teaghlaigh agus gnólachtaí ar fud an Aontais neamhchosanta ar na costais níos airde sin, rud a dhéanann difear d'inacmhainneacht agus d'iomaíochas.

Is saincheist í sin atá ábhartha ar fud an Aontais, lena n-éilítear creat dlíthiúil comhsheasmhach laistigh den Aontas, nach féidir aghaidh a thabhairt uirthi ach amháin le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Le beartais náisiúnta neamh-chomhordaithe maidir le prionsabail na dtaraifí tarchurtha agus dáileacháin, d'fhéadfaí an margadh inmheánach a shaobhadh a mhéid a bheidh giniúint, seirbhísí stórála fuinnimh nó tomhaltóirí faoi dhreasachtaí an-éagsúil chun bheith rannpháirteach sa mhargadh. Ba cheart na dreasachtaí chun leictreachas a úsáid thar ghás nádúrtha i gcórais chánachais náisiúnta a chuíchóiriú ar leibhéal an Aontais chun comharthaí praghais comhsheasmhacha a áirithiú ar fud mhargadh fuinnimh an Aontais, rud a thacóidh le cur chuige aontaithe i leith leictriú agus, dá réir sin, slándáil fuinnimh.

Leis na rialacha atá ann faoi láthair, fágtar corrlach mór le haghaidh cur chun feidhme ag na húdaráis rialála náisiúnta (ÚRNanna). Leis sin, cruthaíodh córais muirear gréasáin atá an-éagsúil ó Bhallstát go chéile. Mar sin féin, tá gá le comhordú níos dlúithe idir gníomhaithe náisiúnta chun comhtháthú méadaithe mhargaí leictreachais an Aontais a bhaint amach. Bíonn tionchar díreach ag idirghabhálacha beartais náisiúnta san earnáil leictreachais ar na Ballstáit chomharsanachta mar gheall ar idirnaisc eangaí. Tá gá le cur chuige coiteann le haghaidh córas leictreachais feidhmiúil, trádáil agus infheistíocht trasteorann éifeachtúil agus aistriú fuinnimh níos tapúla agus níos comhordaithe i dtreo córas fuinnimh atá níos comhtháite agus níos fuinneamhéifeachtúla bunaithe ar ghiniúint in-athnuaite.

Ina theannta sin, ba cheart tacú le muirir ghréasáin a dhéanamh níos fabhraí don chóras trí choinníollacha cumasúcháin coiteanna ar fud an Aontais. Fágann méadair chliste, eangacha cliste leictreachais agus malartuithe éifeachtacha sonraí eangaí leictreachais go bhfuil sé níos éasca d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí eangaí araon freagairt do chomharthaí praghais agus an bonneagar atá ann cheana a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Tacaítear leis na coinníollacha sin le híosleibhéal de chur in úsáid méadar cliste ar fud an Aontais trí ghlacadh leordhóthanach réiteach idir-inoibritheach a áirithiú, agus cur in úsáid breise á fhágáil faoi réir measúnuithe costais agus tairbhe ar an leibhéal náisiúnta. Gan creat Aontais níos comhordaithe sna réimsí sin, bheadh cuir chuige náisiúnta fós ilroinnte, rud a chuirfeadh moill ar fhorbairt réiteach nuálach agus sonraíbhunaithe ar leibhéal an Aontais. Tá gá le córas uile-Aontais d'athúsáid sonraí eangaí leictreachais chun forbairt, tástáil agus scálú réiteach digiteach nuálach a chumasú le haghaidh oibriú agus bainistiú eangaí an Aontais. Braitheann na réitigh sin ar rochtain ar shonraí eangaí ardcháilíochta idir-inoibritheacha atá éagsúil go leordhóthanach ar fud na gcóras agus na mBallstát.

I ndáil le bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin, soiléirítear leis an togra raon feidhme chur i bhfeidhm na rialacha atá ann cheana faoi Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944 i gcásanna plódaithe eangaí, trí na húdaráis rialála a chumasú coinníollacha agus bearta náisiúnta a oiriúnú de réir mar is cuí leo chun an cás sonrach i mBallstát nó i limistéar eangaí ar leith a léiriú. Ní bheidh tionchair ó thaobh na coimhdeachta de mar thoradh ar an togra toisc go gcoinnítear freagracht na n-údarás rialála náisiúnta ar bun leis go hiomlán.

Leis na leasuithe atá beartaithe, baintear cothromaíocht amach idir na hoibleagáidí agus an tsolúbthacht a fhágtar faoi na Ballstáit maidir le conas muirir eangaí chostéifeachtúla a bhaint amach, rochtain éifeachtúil thráthúil ar an eangach a bhaint amach, méadair chliste a leathadh amach, eangacha cliste leictreachais a bhunú agus malartuithe sonraí agus athúsáid sonraí chun críoch nuálaíochta a éascú.

Ina theannta sin, tá na tograí sa Rialachán seo ailínithe leis na cuspóirí a leagtar amach i dTreoir (AE) 2003/96 ón gComhairle, lena n-áirítear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

- **Breisluach AE**

Tá sé níos éifeachtúla creat iomchuí cuimsitheach a áirithiú le haghaidh costais fuinnimh lena gcumhdaítear muirir ghréasáin agus cánacha ar leibhéal an Aontais ná mar atá sé ar Bhallstáit aonair gníomhú go haontaobhach, toisc go seachnaítear leis cur chuige ilroinnte a bhféadfadh muirir ghréasáin atá ró-ard nó difríochtaí saobhacha i struchtúir chánach a bheith mar thoradh air. Beidh na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh níos forleithne agus níos costéifeachtaí, má spreagtar iad le comhchreat dlíthiúil agus beartais. Ina theannta sin, ní fhéadfaí gníomhaíochtaí a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát ach amháin laistigh de shrianta an chreata uile-Aontais atá ann cheana maidir le muirir ghréasáin mar a leagtar amach sa Rialachán Leictreachais agus ní bheadh siad in ann na hathruithe is gá ar an gcreat sin a bhaint amach.

An tráth céanna, cuirtear creat comhleanúnach chun cinn leis an togra chun réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha a chur chun cinn ar fud leibhéil uile córais leictreachais. Chuige sin, tá gá le híosleibhéal de chur in úsáid méadar cliste chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach tomhaltóirí agus le húsáid gréasáin níos éifeachtúla, le próiseas struchtúrtha de chuid an Aontais trí mholtaí ACER agus le tuairisciú ar dhul chun cinn chun táscairí eangaí cliste leictreachais a dhaingniú i gcleachtas rialála, agus le cur chuige comhordaithe agus idir-inoibritheach i leith malartú agus athúsáid sonraí eangaí leictreachais chun críoch nuálaíochta.

Tá gá leis na forálacha atá beartaithe i ndáil le bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin chun soiléireacht a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944 i gcás plódú eangaí, trí cheart a sholáthar d'údaráis rialála bearta agus coinníollacha a bhunú chun breithniú tosaíochta a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha, shóisialta, chomhshaoil agus ghréasáin, ar aibíocht agus dul chun cinn na n-iarratasóirí ar rochtain ar an eangach, agus chun idirdhealú a dhéanamh idir earnálacha agus laistigh d'earnálacha nó de ghrúpaí úsáideoirí gréasáin, de réir mar is gá, agus bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha.

Ar an gcaoi chéanna, dá dtacófaí leis na hathruithe sin trí aghaidh a thabhairt go comhuaineach ar neamhréireachtaí sa chóras cánachais fuinnimh ar leibhéal an Aontais, d'áiritheofaí a n-éifeachtacht ar fud na mBallstát uile.

Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach leo féin. Is é sin an cás ina soláthraítear breisluach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Meastar go bhfuil na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán Leictreachais comhréireach.

Chun dreasachtaí níos láidre a sholáthar le haghaidh úsáid éifeachtúil eangach Eorpach, tugtar isteach leis na bearta atá beartaithe, i measc nithe eile, rialacha trédhearcachta feabhsaithe agus úsáid táscairí feidhmíochta ag údaráis rialála náisiúnta. D'fhéadfadh ualach riaracháin méadaithe agus costais níos airde a bheith mar thoradh ar na rialacha trédhearcachta nua a thugtar isteach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na gnéithe breise a bheidh ar riaracháin náisiúnta a chur ar fáil go poiblí. Mar sin féin, beidh tionchar teoranta aige sin toisc go gcoimeádtar chomh híseal agus is féidir na gnéithe breise lena n-éilítear trédhearcacht agus toisc go bhfuil siad i gcomhréir leis na gnéithe sin ar tharraing ACER aird orthu sa tuarascáil is déanaí uaidh maidir le dea-chleachtais, a foilsíodh an 26 Márta 2025[25]. Thairis sin, tá a dtionchar riachtanach agus comhréireach chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le hinchomparáideacht an tsocraithe taraifí a mhéadú, an tuiscint atá ag úsáideoirí córais a mhéid a bhaineann leis na taraifí is iníoctha acu a fheabhsú, é a chur ar a gcumas dóibh a n-iompraíocht a choigeartú do cheann atá fabhrach don chóras agus, ar deireadh, costais chórais a laghdú.

Tá na bearta atá beartaithe maidir le réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha comhréireach toisc nach bhforchuirtear leo samhail theicneolaíoch aonfhoirmeach ná córas láraithe de chuid an Aontais le haghaidh eangacha cliste leictreachais agus malartú sonraí. Tá siad teoranta don mhéid is gá chun oibriú eangaí níos costéifeachtaí a stiúradh:

- ar an gcéad dul síos, trí cheangal a chur ar údaráis rialála réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha a chur chun cinn i gcás inar léir go gcuirtear feabhas ar acmhainneacht, solúbthacht nó iontaofacht eangaí leo;
- ar an dara dul síos, trí chreat coiteann a thabhairt isteach le haghaidh líon teoranta táscairí eangaí cliste leictreachais chun tacú le faireachán agus dreasachtaí rialála níos comhsheasmhaí;
- ar an tríú dul síos, trí oibleagáidí spriocdhírithe a bhunú maidir le malartú sonraí eangaí, mar aon le creat deonach ar leibhéal an Aontais chun uirlisí digiteacha nuálacha a fhorbairt.

Comhlánaítear é sin le leibhéal bunlíne maidir le leathadh amach méadar cliste, agus an tráth céanna fágtar an cur in úsáid thar an leibhéal sin faoi na Ballstáit ar bhonn measúnuithe costais agus tairbhe.

Dá bhrí sin, ní chomhcheanglaítear leis an togra ach na rialacha coiteanna sin de chuid an Aontais is gá chun ilroinnt a laghdú agus chun tacú leis an margadh inmheánach trí an-solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit, d'údaráis rialála agus d'oibreoirí córais maidir lena chur chun feidhme. Cuirtear teorainn le comhchuibhiú breise leis do ghníomhartha cur chun feidhme, agus i gcás ina bhfuil gá le ceanglais theicniúla agus rialachais aonfhoirmeacha, agus sa chás sin amháin.

[25] Tuarascáil ACER maidir le cleachtais taraifí gréasáin an 26 Márta 2025, lch. 75. Tá an tuarascáil le fáil anseo: 2025-ACER-Cleachtais-Taraifí-Líonra-Leictreachais.pdf.

Leis na prionsabail chánachais, ní théitear thar a bhfuil gá leis chun an cuspóir a bhaint amach maidir le córais cánachais fuinnimh a ailíniú leis na leasuithe ar mhuirir ghréasáin, agus chun solúbthacht a sholáthar chun leictriú gnólachtaí dianfhuinnimh a chur chun cinn.

Maidir le forálacha an togra a bhaineann le bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin, fágtar discréid iomlán ag na húdaráis rialála náisiúnta i gcomhréir lena n-inniúlacht eisiach coinníollacha maidir le rochtain ar an eangach a shocrú nó a fhormheas agus, dá bhrí sin, táthar go hiomlán comhréireach agus ailínithe leis an gcuspóir rochtain éifeachtúil ar an eangach a chumasú.

Ar deireadh, meastar gurb iomchuí an pacáiste foriomlán beart atá beartaithe i bhfianaise an riachtanais uileghabhálaigh a bhaineann le praghsanna leictreachais inacmhainne agus iomaíochas cuideachtaí Eorpacha a áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Leasófar an Rialachán Leictreachais leis an togra. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an togra sraith theoranta forálacha nua a chur isteach agus tacar teoranta forálacha atá ann cheana san ionstraim sin a leasú, is leor leas a bhaint as gníomh leasaitheach. An 2 Iúil 2025, d'eisigh an Coimisiún dréachtfhógra ina raibh treoirlínte maidir le muirir ghréasáin todhchaí-sheasmhachta le haghaidh costais laghdaithe chórais[26]. San fhógra sin, molann an Coimisiún modheolaíochtaí taraife a dhearadh i leith muirir ghréasáin chun úsáid solúbthachta agus infheistíochtaí a dhreasú chun an úsáid a bhaintear as an eangach atá ann cheana a optamú, chun leathnú eangaí a sholáthar ar an gcostas is lú agus chun leithdháileadh cothrom costléiritheach muirear eangaí a áirithiú, agus iomaíochas na hEorpa agus leictriú agus dícharbónú níos doimhne á spreagadh an tráth céanna. Mar sin féin, chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear na prionsabail dearaidh ábhartha chun feidhme i ngach Ballstát. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí, amhail bearta an togra seo.

Leis na prionsabail maidir le cánachas ar fhuinneamh a leagtar amach sa leasú seo ar an Rialachán Leictreachais, dírítear ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Aontais lena bhforchuirtear íosráta ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha agus lena soláthraítear treoraíocht phraiticiúil maidir le húsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit rátaí cánachais laghdaithe a chur i bhfeidhm ar leictreachas a úsáideann diantionscail mar a leagtar amach i dTreoir 2003/96/CE ón gComhairle. I gcomhréir le cuspóirí na Treorach sin, tá sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit a leibhéil cánach fuinnimh a shocrú, ar choinníoll go leanfaidh siad na forálacha sa Treoir, agus leis na prionsabail sa Rialachán seo cumasófar na difríochtaí atá ann cheana i ndreasachtaí leictriúcháin i gcreataí cánachais fuinnimh na mBallstát a laghdú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus measúnú tionchair**

Tá an togra seo mar chuid de fhreagairt an Choimisiúin ar an ngéarchéim fuinnimh a thruicear an coinbhleacht sa Mheánoirthear agus dúnadh Chaolas Hormuz. Cé gur chuir an tAontas dlús mór leis an aistriú fuinnimh le blianta beaga anuas i dtreo córas éifeachtúil, solúbtha agus idirnasctha atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh glana de thionscnamh AE, tá sé fós ag brath ar

[26] C(2025) 4010.

allmhairí breosla iontaise. Is breoslaí iontaise allmhairithe iad breis agus leath (57 %) den fhuinneamh a ídítear san Eoraip.

Bhí ardú praghsanna mar iarmhairt láithreach ar an gcoinbhleacht agus tá méadú EUR 500 milliún in aghaidh an lae tagtha ar chostais breosla iontaise don Aontas dá bharr sin. Níl aon bhagairt láithreach ann do shlándáil an tsoláthair, cé go bhfuil stoic roinnt breoslaí gann. Tá sciar na mbreoslaí iontaise a bhíonn i dtáirgeadh leictreachais á laghdú ag an Aontas, ach tá an gás agus an ola fós chun tosaigh i dtaca leis an téamh, le cúrsaí tionscail agus leis an iompar agus is ionchur lárnach iad i slabhraí luacha tionsclaíocha (e.g. ceimiceáin, plaistigh agus leasacháin). Fágann sé sin go bhfuil teaghlaigh agus gnólachtaí san Eoraip, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus tionscail dianfhuinnimh, agus a gcuid fostaithe, neamhchosanta ar mhéaduithe tobanna ar phraghsanna domhanda. Thairis sin, is mór iad éifeachtaí féideartha na géarchéime ar fhás agus ar bhoilsciú OTI agus is dócha go mbeidh a tionchar le brath ar feadh roinnt míonna ar a laghad agus go rachaidh sé i bhfad níos faide ná an earnáil fuinnimh, agus iarmhairtí eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta ag baint leis.

Sa chomhthéacs sin, tá gá le gníomhaíocht thapa ón Aontas chun dochar mór do thomhaltóirí leictreachais an Aontais a sheachaint, go háirithe chun billí leictreachais agus spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú. I mí an Mhárta 2026, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún 'bearta spriocdhírithe a thíolacadh go práinneach — ar fud chomhpháirteanna uile na bpraghsanna leictreachais — le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla chun na praghsanna leictreachais a ísliú agus chun aghaidh a thabhairt ar róluaineacht sa ghearrthéarma, lena n-áirítear le haghaidh na n-earnálacha dianfhuinnimh, agus na cásanna éagsúla sna Ballstáit á gcur san áireamh'[27]. D'fhreagair an Coimisiún le Teachtaireacht AccelerateEU[28], inar fógraíodh go nglacfaí togra reachtach maidir le dhá chomhpháirt mhóra den bhille leictreachais, i.e. muirir ghréasáin agus cánachas, i mí na Bealtaine 2026.

Dá bhrí sin, mar gheall ar an ngá atá le gníomhaíocht phráinneach agus glacadh an togra seo laistigh de thréimhse ama thar a bheith comhbhrúite, dheonaigh an Coimisinéir atá freagrach as rialáil níos fearr maolú sonrach ar mheasúnú tionchair agus comhairliúcháin thiomnaithe le páirtithe leasmhara a dhéanamh sula nglacfar an togra seo. I gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr a leagtar amach sa Teachtaireacht[29] maidir le 'Leabhar rialacha an Aontais atá níos simplí, níos soiléire agus a fhorfheidhmítear ar bhealach níos fearr', ullmhaíodh doiciméad inmheánach oibre chun gabháil leis an togra. Leagtar amach leis an doiciméad inmheánach oibre an míniú agus an réasúnaíocht atá leis an togra ón gCoimisiún, mar aon leis an mbealach a mhéadófar costéifeachtúlacht oibriú na heangaí agus a chothófar leictriú leis na bearta a chuirtear i láthair ann, rud a laghdóidh costais chórais ar deireadh. Ina theannta sin, cuirtear i láthair leis an doiciméad inmheánach oibre an fhianaise atá ar fáil maidir le hábharthacht na mbeart atá beartaithe.

Mar sin féin, leis an tionscnamh seo, baineadh leas as conclúidí na gcomhairliúchán poiblí a rinneadh le déanaí maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha mar aon leis an Treochlár Straitéiseach le haghaidh an Aistrithe Dhigitigh agus na hIntleachta Saorga san Earnáil Fuinnimh. Faoin gcomhairliúchán maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha, d'aontaigh 76 % de na freagróirí go bhfuil gá le bearta breise chun éifeachtúlacht na heangaí atá ann cheana a mhéadú, agus d'aontaigh 62 % de na freagróirí freisin gur gá infheictheacht agus tairbhí cainníochtaithe na dteicneolaíochtaí digiteacha, nuálacha agus feabhsaithe eangaí a fheabhsú freisin.

---

27 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-1-2026-INIT/ga/pdf.

28 7fac9eea-5717-4182-a368-bd68c427ff4c_en.

29 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ie/qanda_26_902.

De réir an staidéir a shainordaigh an Coimisiún Eorpach[30], beidh ar 16 Bhallstát ar a laghad aghaidh a thabhairt ar scuainí nasctha eangaí ó lár 2025. Is annamh a dhéantar difear do roinnt tíortha mar gheall ar leictriú nó glacadh níos moille foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus tá plódú mór eangaí ag tíortha eile. Tugadh faoi deara le hanailís eile[31] go raibh roinnt scuainí 30 oiread mhéid an bhuaiclóid in 2024, rud a léiríonn go bhfuil iarrataí amhantracha agus neamhaibí sa scuaine. Deimhníodh freisin gur ann d'iarrataí amhantracha agus neamhaibí a chuireann bac ar rochtain thráthúil ar an eangach faoi chomhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara faoin bPacáiste um na hEangacha Eorpacha, a bhí ar siúl idir an 25 Meitheamh agus an 25 Iúil 2025. I measc na bhfreagróirí a rinne ionadaíocht ar oibreoirí córais, údaráis rialála, na Ballstáit, páirtithe leasmhara sa mhargadh fuinnimh, mar aon le hionadaithe na sochaí sibhialta, d'aontaigh 66 % díobh go bhfuil fadhb le hiarrataí amhantracha agus neamhaibí ina dtíreolaíocht agus san Aontas, agus d'aontaigh 56 % díobh go bhfuil acmhainneacht eangaí faoi ghlas mar gheall ar iarrataí neamhaibíochta. Thairis sin, d'aontaigh 82 % de na freagróirí, nó d'aontaigh siad go páirteach, go bhféadfadh bearta lena rannchuidítear le plódú san eangach a mhaolú mar chuid de na nósanna imeachta um nascadh leis an eangach a bheith ina gcuidiú. D'aontaigh líon beagán níos ísle freagróirí nó d'aontaigh siad go páirteach (71 %) le breisluach na mbeart i bhfianaise rannchuidiú na n-iarrataí ar nascadh leis an aistriú glan, le seirbhísí leasa ghinearálta nó bunaithe ar chritéir eile.

Faoin gComhairliúchán Poiblí Oscailte ón Treochlár Straitéiseach le haghaidh an Aistrithe Dhigitigh agus na hIntleachta Saorga san Earnáil Fuinnimh, aontaíonn formhór na rannpháirtithe nó aontaíonn siad go láidir go gcuirfí dlús le cur in úsáid réiteach digiteach agus IS sa chóras fuinnimh le tionscnamh uile-Aontais chun bunsamhlacha IS a fhorbairt. De réir an ghrúpa rannpháirtithe sin a ndearnadh suirbhé orthu, tá muinín láidir ann i gcomhar a chothú chun dlús a chur le glacadh uirlisí digiteacha agus réiteach IS san earnáil fuinnimh. D'aontaigh thart ar 60 % de na rannpháirtithe le bunsamhlacha IS a chur in úsáid, ach bhí caveat i gceist leis an gcuid is mó díobh sin (45 %): ba cheart a bheith cúramach. Ba cheart bunsamhlacha IS a fhiosrú i gcásanna úsáide sonracha — amhail eangacha — agus coimircí agus rialachas soiléir i bhfeidhm. Rangaíodh comhpháirtíochtaí a fhorbairt, go háirithe comhar idir oibreoirí eangaí, academia agus taighde, mar phríomhghníomhaíocht (mar aon le cistiú agus maoiniú) lena neartófaí ar an mbealach is éifeachtaí cumas an Aontais nuáil a dhéanamh le córais chliste fuinnimh. I dtéarmaí bearta breise, d'aontaigh na freagróirí go soiléir go bhfuil sé ríthábhachtach timpeallachtaí comhoibríocha a shainaithint. Fuarthas 81 thagairt do 'Tacaíocht chun éiceachórais/moil a chruthú lena dtugtar forbróirí agus gníomhaithe fuinnimh le chéile chun réitigh, feidhmchláir, bunsamhlacha, etc. IS-bhunaithe a thógáil'. Luadh soiléireacht rialála agus tábhacht a thabhairt sa reachtaíocht atá ar na bacáin go minic i measc na ngníomhaíochtaí is éifeachtaí d'fhonn creat comhordaithe a fhorbairt chun IS agus teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn san earnáil fuinnimh.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh teagmhála a dhéanamh le páirtithe leasmhara, chun cur chun feidhme rathúil an Rialacháin seo a áirithiú.

---

30 Fraunhofer ISI, Fraunhofer IEG, Guidehouse, REKK, *Study on network development planning, tariff structures and connection requests for electricity distribution grids* [Staidéar ar phleanáil forbartha gréasáin, struchtúir taraife agus iarrataí ar nascadh le haghaidh eangacha dáileacháin leictreachais], Meán Fómhair 2025, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/08843617-9cf8-11f0-97c8-01aa75ed71a1.

31 Boston Consulting Group centre for energy impact: *Mind the queue*, *Connection reform for the electricity grid*, 2025. https://web-assets.bcg.com/f5/79/77645d12463793d174af9ae00d4a/mind-the-queue-connection-reform-for-the-electricity-grid-r2.pdf.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán Leictreachais, dírítear ar an méid a mheastar is gá chun an cuspóir a bhaint amach aghaidh a thabhairt ar chostais chórais atá ag ardú trí oibreoirí córais agus úsáideoirí córais a dhreasú chun gníomhú ar bhealach costéifeachúil atá fabhrach don chóras. Ní athbhreithniú iomlán ar an ionstraim sin iad.

Leis an togra chun muirir ghréasáin a dhéanamh níos costéifeachtúla, d'fhéadfaí ceanglais riaracháin ar riaracháin náisiúnta a mhéadú, ach tá siad comhréireach mar a mhínítear thuas. An tráth céanna, leis an tionchar eacnamaíoch atá beartaithe, rachfaí chun tairbhe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí trí rannchuidiú le billí fuinnimh níos ísle. Meastar gur beag an tionchar a bheadh ar riaracháin náisiúnta i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair, ós rud é gur mhó gnóthachain eacnamaíocha an athchóirithe ná aon chostas atheagrúcháin riaracháin gearrthéarmach nó fadtéarmach.

Maidir le táscairí eangaí cliste leictreachais, leis an togra, cuirtear leis an gcleachtas rialála atá ann cheana. Ceanglaítear ar údaráis rialála náisiúnta cheana féin faoi Threoir (AE) 2019/944 faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairt eangaí cliste leictreachais, agus d'fhorbair ACER agus Comhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa obair anailíseach cheana féin sa réimse sin. Dá bhrí sin, ní chruthaítear leis an togra loighic tuairiscithe atá go hiomlán nua, ach déantar an cleachtas atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a struchtúrú agus a chuíchóiriú chun tacú le faireachán agus obair leantach rialála níos comhleanúnaí.

Maidir le córais méadraithe chliste, leis an togra, cuirtear leis an gcreat atá ann cheana faoi Threoir (AE) 2019/944 trí íosleibhéal cur in úsáid a thabhairt isteach ar fud an Aontais, agus ról na measúnuithe costais agus tairbhe maidir le cur in úsáid á choinneáil ar bun thar an leibhéal sin agus, ar an gcaoi sin, an cur chuige atá ann faoi láthair a shoiléiriú agus a bheachtú gan sásra rialála nua a thabhairt isteach.

Maidir le malartú sonraí eangaí idir oibreoirí córais, leis an togra, cuirtear leis na hoibleagáidí comhair agus comhroinnte sonraí atá ann cheana ach atá níos ginearálta san *acquis* leictreachais, go háirithe maidir le comhar i bpleanáil agus oibriú gréasáin idir oibreoirí córais tarchurtha (OCTanna) agus oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna). Fágtar leis go bhfuil na hoibleagáidí sin níos oibríochtúla agus níos cuspóirbhunaithe trína shonrú nach mór do mhalartú sonraí tacú le forbairt agus úsáid éifeachtach eangach cliste leictreachais agus réiteach nuálach sonraíbhunaithe le haghaidh oibriú córais agus, ar an gcaoi sin, débhríocht agus ilroinnt dhlíthiúil a laghdú seachas sraith nua oibleagáidí a chruthú.

Maidir leis an gcreat lena dtacaítear le hathúsáid rialaithe sonraí eangaí leictreachais le haghaidh taighde agus nuálaíochta, leis an togra, cuirtear le tionscnaimh ón mbun aníos atá á bhforbairt cheana féin ag oibreoirí eangaí agus ag a gcomhlachtaí ionadaíocha. Ní fhorchuirtear leis rannpháirtíocht shainordaitheach ach soláthraítear leis creat dlíthiúil agus rialachais níos soiléire maidir le comhar deonach atá ag teacht chun cinn cheana féin sa chleachtas chun gur féidir scála, deimhneacht dhlíthiúil agus coimircí coiteanna a bhaint amach ar fud an Aontais.

Leis na leasuithe atá beartaithe maidir le cánachas, laghdaítear an t-ualach rialála ar ghnólachtaí dianfhuinnimh agus ar riaracháin náisiúnta trí dheireadh a chur le réamhchoinníollacha áirithe chun rátaí máil níos ísle a chur i bhfeidhm. Is féidir athruithe ar rátaí cánachais mar gheall ar na leasuithe sa togra seo a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta trí athruithe spriocdhírithe ar an gcreat intíre i bpróisis reachtacha thráthrialta (fhioscacha) agus ní théitear i bhfeidhm ar an ualach rialála leo.

Maidir leis na forálacha atá beartaithe a bhaineann le bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódaithe, leis an togra, cuirtear go hiomlán le hAirteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944 agus leis an Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla agus soiléirítear an fhreagracht atá ar na húdaráis rialála náisiúnta cheana coinníollacha a shocrú maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach thrédhearcach tríú páirtí ar an eangach, rud a fhágann nach mbeidh aon ualach riaracháin breise ann.

- **Cearta bunúsacha**

Níor sainaithníodh aon tionchar diúltach ar chearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann tionchar buiséadach an togra seo le hacmhainní ACER agus an Choimisiúin ar a dtugtar tuairisc sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra. Go bunúsach, chun go ndéanfaidh ACER na cúraimí nua, beidh gá le dhá choibhéis lánaimseartha (FTEnna) bhreise do ACER ó 2026 ar aghaidh, mar aon le hacmhainní airgeadais comhfhreagracha. Tiocfaidh méadú 5 FTE ar ualach oibre an Choimisiúin.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíontacht na mBallstát agus na ngníomhaithe eile leis na bearta ba cheart a ghlacadh ar deireadh, agus déanfaidh sé bearta forfheidhmiúcháin nuair is gá. Déanfaidh an Coimisiún idirchaidreamh freisin le ACER agus leis na húdaráis rialála náisiúnta.

Thairis sin, chun cur chun feidhme na mbeart a ghlacfar ar deireadh a éascú, beidh an Coimisiún ar fáil le haghaidh cruinnithe agus glaonna déthaobhacha leis na Ballstáit maidir le ceisteanna sonracha.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na leasuithe ar na prionsabail atá ann cheana maidir le taraifí gréasáin tarchurtha agus dáileacháin, soláthraítear tuilleadh mionsonraí maidir leis na critéir atá ann faoi láthair agus critéir bhreise chun úsáid chostéifeachtúil eangach leictreachais a áirithiú. Cumhachtaítear an Coimisiún a thuilleadh leo gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i bhfoirm treoirlínte maidir le struchtúr coiteann agus modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí tarchurtha agus dáileacháin, lena n-áirítear coinníollacha mionsonraithe faoina bhféadfaidh údaráis rialála córais muirear gréasáin ar leithligh a thabhairt isteach do chatagóirí sonracha úsáideoirí córais, mar aon le rialacha comhchuibhithe maidir leis na ceanglais nós imeachta agus shubstainteacha le haghaidh comhairliúcháin phoiblí faoi dhréacht-mhodheolaíochtaí taraife ábhartha.

Leis na leasuithe, ceanglaítear ar údaráis rialála réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha a chur chun cinn chun tacú le húsáid níos costéifeachtaí an bhonneagair atá ann cheana sula rachfar i muinín leathnú traidisiúnta eangaí.

Bunaítear leis na leasuithe freisin creat struchtúrtha ar leibhéal an Aontais le haghaidh táscairí eangaí cliste leictreachais chun eangacha cliste leictreachais agus réitigh nuálacha shonraíbhunaithe a chumasú le haghaidh faireachán, optamú agus comhordú oibriú an

ghréasáin. Cuirtear de chúram ar ACER moladh a eisiúint maidir le tacar teoranta táscairí agus tuarascálacha tráthrialta ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais a fhoilsiú, agus cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

Tugtar isteach leis na leasuithe beartaithe freisin oibleagáid níos soiléire agus níos oibríochtúla ar oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin sonraí eangaí a bhainistiú agus a mhalartú ar bhealach lena gcumasófar eangacha cliste leictreachais a fhorbairt, a chur in úsáid agus a úsáid go héifeachtach.

Leis na leasuithe, cruthaítear creat le haghaidh comhar deonach idir oibreoirí córais, arna éascú go comhpháirteach ag an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchuir le haghaidh Leictreachais, ENTSO-E, agus Eintiteas AE do OCDanna, chun uirlisí digiteacha nuálacha a fhorbairt, a thástáil, a chomhtháthú agus a chur in úsáid le haghaidh oibriú agus optamú eangaí. Cuirtear ar bhonn foirmiúil leo na príomhghnéithe rialachais, rochtana, cibearshlándála, comhlíontachta agus bainistíochta saolré is gá le haghaidh an chomhair sin. Cuirtear é ar a chumas don Choimisiún leo freisin tuairim a eisiúint maidir leis an socrú atá beartaithe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear ceanglais choiteanna maidir le samhlacha sonraí, formáidí, comhéadain, trédhearcacht agus bainistiú riosca. Is é is cuspóir dó bunús dlí earnáilsonrach a sholáthar maidir le hathúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí eangaí leictreachais le haghaidh taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail, lena n-áirítear ardanailísíocht agus réitigh IS-bhunaithe.

Leis na leasuithe, tugtar isteach íoscheanglas cur in úsáid uile-Aontais le haghaidh córais méadraithe chliste, lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcumhdófar 50 % ar a laghad de chustaiméirí deiridh faoin 31 Nollaig 2030 agus 75 % ar a laghad faoin 31 Nollaig 2033, agus an fhéidearthacht ann síneadh teoranta a chur leis an sprioc-am chun na spriocanna a bhaint amach i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Soiléirítear leis nach mbeidh feidhm ag measúnuithe costais agus tairbhe faoi Threoir (AE) 2019/944 ach amháin maidir le cur in úsáid thar an tairseach 75 %

Cinntear leis an togra maidir le cánachas máil ar leictreachas go mbeidh an t-íosleibhéal cánachais ar leictreachas níos ísle ná an t-íosleibhéal cánachais is infheidhme maidir le gás nádúrtha. Ina theannta sin, measfar na coinníollacha maidir le ráta laghdaithe cánachais suas le nialas a chur i bhfeidhm ar leictreachas lena úsáid ag gnólachtaí dianfhuinnimh a bheith comhlíonta, i bhfianaise an tionchair dhearfaigh ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhaineann le glacadh leictreachais agus i bhfianaise an róil atá aige maidir le spriocanna glan-nialasachta an Aontais a bhaint amach.

Leis an togra a bhaineann le bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin, soláthraítear tuilleadh soiléirithe ar cheart na n-údarás rialála agus ar an bhfreagracht atá orthu cheana bearta a ghlacadh agus coinníollacha a shocrú maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach, oibiachtúil agus thrédhearcach tríú páirtí de bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944. Déantar amhlaidh trína shoiléiriú go bhféadfaidh údaráis rialála breithniú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag iarrataí ar nascadh leis an eangach ar phlódú gréasáin, agus go bhféadfaidh siad breithnithe eacnamaíocha, sóisialta nó comhshaoil a chur san áireamh, mar aon le haibíocht na n-iarrataí ar nascadh leis an eangach agus an dul chun cinn a bheidh déanta acu le linn dóibh a bheith sa scuaine nasctha eangaí. Féadfaidh na húdaráis rialála coinníollacha a ghlacadh freisin chun tosaíocht a thabhairt d'earnálacha eacnamaíocha nó do ghrúpa úsáideoirí, mar aon le coinníollacha a shocrú maidir le caitheamh le húsáideoirí laistigh de na hearnálacha nó den ghrúpa úsáideoirí, agus á áirithiú an tráth céanna go mbeidh aon choinníoll den sórt sin neamh-idirdhealaitheach, oscailte agus

trédhearcach. An tráth céanna, ba cheart do na húdaráis rialála a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí na bearta is infheidhme lena dtugtar aghaidh ar phlódú eangaí, go háirithe an breithniú tosaíochta ar réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha, comhaontuithe nasctha sholúbtha nó rannpháirtíocht luath páirtithe leasmhara i bpleanáil gréasáin trasearnála.

2026/0203 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/943, a mhéid a bhaineann le féachaint chuige go seasfaidh billí leictreachais an aimsir san Aontas Eorpach, trí chostais chórais a laghdú agus trí leictriú agus digitiú a chothú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le costais arda leictreachais, déantar difear díobhálach do theaghlaigh agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais agus, ar an gcaoi sin, baintear an bonn d'iomaíochas an mhargaidh inmheánaigh agus den chomhtháthú sóisialta. Cé go ndéantar costas chomhpháirt an chostais tráchtearra sa bhille leictreachais a chinneadh de réir soláthair agus éilimh, féadfar comhpháirteanna costais rialála na mbillí leictreachais, is iad sin, muirir ghréasáin agus cánachas, a ailíniú a thuilleadh le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais. Chun faoiseamh follasach a sholáthar do thomhaltóirí leictreachais, is gá tacar comhleanúnach beart a ghlacadh lena spriocdhíreofar ar na comhpháirteanna sin de bhillí leictreachais.

(2) Is é is aidhm do na bearta a bhaineann le muirir ghréasáin a leagtar amach sa Rialachán seo costais eangaí a optamú trí roinnt beart, lena n-áirítear éifeachtúlacht mhéadaithe an ghréasáin, sásraí leithdháilte costas feabhsaithe agus solúbthacht éilimh fheabhsaithe. Thairis sin, chun solúbthacht éilimh a fheabhsú a thuilleadh, le cur in úsáid agus úsáid éifeachtach eangach cliste, córas méadraithe chliste agus sonraí idir-inoibritheacha, cuirtear feabhas ar inbhreathnaitheacht agus inrialaitheacht an chórais leictreachais. Cumasaítear leis na huirlisí sin oibriú agus pleanáil eangaí níos éifeachtúla, agus gníomhachtú acmhainní solúbthachta ar an gcostas is ísle. Trí neamhéifeachtúlachtaí i dtarchur agus i ndáileadh leictreachais a laghdú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhainistiú eangaí níos sonraíbhunaithe agus trí chomharthaí praghais níos cruinne maidir le tomhaltas agus giniúint sholúbtha, laghdófar leis na bearta sin comhpháirt na muirear gréasáin de bhillí leictreachais ar deireadh agus, ar an gcaoi sin, cuirfear leis an gcuspóir foriomlán costais fuinnimh do thomhaltóirí deiridh a laghdú.

(3) Tá na forálacha maidir le cánachas atá sa Rialachán seo coimhdeach leis na bearta a bhaineann le muirir ghréasáin agus tá gá leo chun tacú leis an gcuspóir billí leictreachais a laghdú. D'fhéadfadh sé nach n-aistreofar go hiomlán laghduithe ar mhuirir ghréasáin ina mbillí leictreachais níos ísle do thomhaltóirí deiridh, má leanann leictreachas de bheith faoi réir cánachas níos airde ná breoslaí iontaise. Le neamhréireacht den sórt sin, tá an riosca ann go ndéanfar na tairbhí a bhaineann le muirir ghréasáin níos ísle a fhritháireamh agus go mbainfear an bonn de chuspóirí níos leithne an Aontais maidir le hinacmhainneacht agus leictriú.

(4) Trí dhlús a chur le leictriú chóras fuinnimh an Aontais, is féidir cuidiú le costais fuinnimh agus neamhchosaint ar luaineacht praghsanna breosla iontaise a laghdú trí úsáid níos mó leictreachais intíre in-athnuaite agus ísealcharbóin a chumasú, go háirithe i gcás ina dtacaítear leis an leictriú le dearadh taraife iomchuí, le teicneolaíochtaí éifeachtúla agus le solúbthacht. Tá méadair chliste agus eangacha cliste, agus malartú sonraí slán agus idir-inoibritheach idir oibreoirí córais, rannpháirtithe margaidh agus custaiméirí deiridh mar thaca leo, ina bpríomhchumasóirí don tsolúbthacht sin, toisc go bhfágtar leo go bhféadfaidh tomhaltas, giniúint agus stóráil leictreachais freagairt ar bhealach níos éifeachtúla do riachtanais córais agus do chomharthaí praghais. Mar sin féin, tá bac ar an aistriú chuig leictriú i gcás ina leanann creataí cánachais náisiúnta de bheith i bhfabhar breoslaí iontaise seachas leictreachas agus, ar an gcaoi sin, dídhreasaítear an t-aistriú chuig réitigh fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin ar chostas níos ísle.

(5) Chun billí leictreachais a laghdú go héifeachtach agus chun tacú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais, is gá cur chuige déach a ghlacadh a mbeidh méadú éifeachtúlacht na ngréasán leictreachais agus ailíniú na bprionsabal cánachais i gceist leis. Leis na bearta a bhaineann le cánachas a leagtar amach sa Rialachán seo, ní dhéantar rátaí ná leibhéil chánach a chomhchuibhiú, ach áirithítear nach mbeidh leictreachas faoi réir ualach cánach níos airde ná gás. Trí dheireadh a chur le bacainní rialála a d'fhéadfadh bac a chur ar shlí eile ar inacmhainneacht leictreachais agus ar an aistriú chuig leictriú, tacaítear leis na forálacha sin le príomhchuspóir an Rialacháin seo, agus inniúlacht na mBallstát i réimse an chánachais á hurramú an tráth céanna.

(6) Le príomhchuspóir na mbeart sin, i.e. éifeachtúlacht mhéadaithe an ghréasáin trí mhuirir ghréasáin níos cliste, teicneolaíochtaí cliste agus digiteacha agus malartuithe sonraí cuíchóirithe, ba cheart, dá réir sin, leathnú éifeachtúil na heangaí leictreachais a áirithiú freisin. Is minic a bhíonn gá le leathnú eangaí chun dlús a chur le naisc eangaí agus chun freastal ar éileamh ar leictreachas atá ag ardú ó úsáideoirí córais amhail lárionaid sonraí, tionscail dianfhuinnimh nó rannpháirtithe margaidh san earnáil iompair.

(7) Cuimsítear muirir nasctha agus muirir úsáide le muirir nó taraifí gréasáin. Is iondúil go mbíonn muirir nasctha iníoctha ar bhonn 'aon uaire' chun nascadh leis an ngréasán leictreachais. Tá muirir úsáide nasctha le húsáid an ghréasáin leictreachais. Áirítear le muirir úsáide muirir ar thógáil, uasghrádú, coinneáil ar bun agus oibriú an bhonneagair tarchurtha agus dáileacháin, muirir ar chaillteanais tarchurtha agus dáileacháin, muirir ar sholáthar seirbhísí córais ag oibreoirí córais agus muirir ar leictreachas a aistarraingt nó a instealladh. Ós rud é gur toisc nach beag iad muirir ghréasáin i gcostais leictreachais agus gur spreagadh tábhachtach iad chun córas fuinnimh is fearr costas a áirithiú, féadfar tacú le cothrom iomaíochta agus dea-chleachtais a leathnú chuig na Ballstáit uile le rialacha comhchuibhithe. Leis sin, cuirtear cur chuige níos éifeachtúla chun cinn, lenar féidir costais a laghdú agus tionchar dearfach a imirt ar inacmhainneacht leictreachais do thomhaltóirí an Aontais agus ar iomaíochas

gheilleagar na hEorpa. Chuige sin, ba cheart do mhuirir ghréasáin a bheith costléiritheach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus ba cheart dóibh na dreasachtaí cearta a sholáthar d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí córais araon ar mhaithe le feidhmiú costéifeachtúil an chórais leictreachais.

(8) Ba cheart do mhuirir ghréasáin chostléiritheacha na costais a thabhaíonn oibreoirí córais a léiriú chun gréasán costéifeachtúil a fhorbairt agus a oibriú, a mhéid a chomhfhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide ó thaobh struchtúir de, agus caiteachais oibríochtúla agus chaipitiúla á gcur san áireamh. Ba cheart toradh iomchuí ar infheistíocht a áireamh leis na muirir ghréasáin freisin. Chun úsáid chostéifeachtúil an ghréasáin a bhaint amach agus i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, ba cheart do tharaifí oibreoirí córais a dhreasú chun caillteanais leictreachais a íoslaghdú agus úsáid na n-eangach atá ann cheana a optamú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as seirbhísí solúbthachta agus trí réitigh neamhshreinge agus dhigiteacha, eangacha cliste leictreachais agus córais méadraithe chliste a chur in úsáid. Thairis sin, ba cheart muirir ghréasáin a dhearadh ar bhealach lena soláthrófar na dreasachtaí is gá d'úsáideoirí córais chun rannchuidiú le solúbthacht níos airde sa ghréasán, agus chun ciorrú neamhéifeachtúil a sheachaint, agus úsáid fuinnimh á ceadú an tráth céanna san áit ina bhfuil na foinsí fuinnimh is saoire ar fáil agus nuair is é an ceann is costéifeachtúla don chóras foriomlán é. Ba cheart do mhuirir ghréasáin comharthaí suímh infheistíochta a sholáthar freisin agus ba cheart acmhainneacht a bheith iontu, mar aon le heilimintí a bhaineann leis an am úsáide. D'fhéadfadh an eilimint sin a bheith de chineál statach nó dinimiciúil chun úsáideoirí córais a dhreasú d'fhonn úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an gréasán. Thairis sin, ba cheart costais a chruthaíonn úsáideoirí córais a insteallann leictreachas isteach san eangach nó a aistarraingíonn é amach aisti a chur san áireamh freisin i modheolaíocht fhoriomlán na muirear gréasáin.

(9) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú do na rannpháirtithe margaidh uile sna margaí leictreachais Eorpacha idirnasctha, ba cheart muirir ghréasáin a chur i bhfeidhm ar bhealach nach ndéanann idirdhealú idir táirgeadh atá nasctha ar leibhéal an dáileacháin agus táirgeadh atá nasctha ar leibhéal an tarchuir. Thairis sin, níor cheart do mhuirir ghréasáin dídhreasú a dhéanamh ar chomhiomlánú, ar phobail fuinnimh, ar fhéinghiniúint, ar fhéintomhaltas, ar stóráil ná ar rannpháirtíocht sa fhreagairt don éileamh, agus ba cheart dóibh rochtain éifeachtach thráthúil tríú páirtí a chumasú. Maidir le stóráil, ba cheart muirir ghréasáin a úsáid chun iompraíocht atá neamhdhíobhálach don eangach a dhreasú, agus ba cheart dóibh na tairbhí don eangach a léiriú, gan cur in úsáid sócmhainní stórála a dhíspreagadh. Thairis sin, ba cheart do chórais taraifí sainiúlachtaí na saoráidí stórála a chur san áireamh, trí 'mhuirearú dúbailte' a sheachaint, agus tionchar foriomlán costais na stórála ar chostais ghréasáin á léiriú an tráth céanna.

(10) Ba cheart d'aon chórais taraifí speisialta do chatagóirí sonracha úsáideoirí córais, amhail tionscail dianfhuinnimh agus lárionaid sonraí, prionsabal na costléiritheachta a urramú. Cé go meastar go dtiocfaidh méadú mór ar thomhaltas leictreachais na lárionad sonraí sna blianta amach romhainn, rud a mhéadóidh an brú ar eangacha agus taraifí leictreachais, lena suíomh optamach, am úsáide agus próifíl tomhaltais, féadfar tacú lena gceangal agus lena gcomhtháthú éifeachtúil sa chóras leictreachais agus ba cheart é a dhreasú i dtaraifí gréasáin, go háirithe i gcás ina bhféadfaidh lárionaid sonraí seirbhísí a chur ar fáil don chóras fuinnimh, mar shampla, trí sheirbhísí solúbthachta, stóráil bhreise fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh ghlain a thabhairt chuig an eangach.

(11) Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis rialála chun a áirithiú go ndeartar taraifí ar an mbealach is iomchuí chun costéifeachtúlacht an ghréasáin a áirithiú agus chun a áirithiú go bhfuil infheistíocht leordhóthanach ann don oibriú agus forbairt eangaí is gá. I bhfianaise an ghá atá ann cothrom iomaíochta a ráthú agus úsáid éifeachtúil gréasáin leictreachais na hEorpa a áirithiú, ba cheart d'údaráis rialála critéir thagarmharcála chomhsheasmhacha oibiachtúla a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na húdaráis rialála táscairí feidhmíochta a shocrú, lena n-áirítear táscairí eangaí cliste leictreachais, chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a oibríonn agus a fhorbraíonn oibreoirí córais an gréasán ar bhealach costéifeachtúil. I bhfianaise an tsaineolais agus na taithí atá aici, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) cúnamh a thabhairt do na húdaráis rialála leis an gcúram sin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomparáid éifeachtúlachta a dhéanamh idir oibreoirí córais tarchurtha. I bhfianaise thírdhreach an-éagsúil na gcóras dáileacháin ar fud an Aontais, agus ceadúnas ag níos mó ná 2 600 oibreoir córais dáileacháin, is iad na húdaráis rialála is fearr atá in ann comparáidí éifeachtúlachta a dhéanamh idir oibreoirí córais dáileacháin ar an leibhéal náisiúnta.

(12) I bhfianaise an bhrú ar bhillí leictreachais, an ghá atá le hinfheistíochtaí móra san eangach agus an ghá atá le hinacmhainneacht leictreachais agus iomaíochas thionscal na hEorpa a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cistiú a leithdháileadh ar an ngréasán leictreachais óna mbuiséad ginearálta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chodanna sonracha de na Cistí Comhtháthaithe nó cistiú eile de chuid an Aontais atá ar fáil a leithdháileadh ar thacaíocht infheistíochta d'fhorbairt eangaí. Níor cheart instealltaí cistí poiblí den sórt sin chun tacú le costais fhoriomlána ghréasáin a cheadú ach amháin a mhéid atá siad neamh-idirdhealaitheach, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme agus le prionsabal na costléiritheachta, agus nach mbaintear an bonn den mhargadh inmheánach leo. Thairis sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh an tacaíocht phoiblí sin spriocdhírithe agus sealadach agus go soláthrófar tairbhí foriomlána léi trí dhlús a chur leis an dícharbónú, mar shampla, trí thomhaltóirí tionsclaíocha a leictriú, agus trí chomhtháthú margaidh amhail infheistíochtaí in idirnascairí, in uasghráduithe móra ar an ngréasán nó i mbonneagar nasctha eangaí easchósta, agus go gcomhlíonfar léi riachtanais shonracha áirithe sa ghréasán, amhail infheistíochtaí lena laghdaítear amanna feithimh le haghaidh naisc eangaí. Mar sin féin, níor cheart d'úsáid cistí poiblí moill a chur ar infheistíochtaí sa bhonneagar is gá ná suíomh optamach na n-aonad giniúna cumhachta a shaobhadh.

(13) Tá an cumas taraifí a chur i gcomparáid ríthábhachtach d'úsáideoirí córais chun gníomhú ar bhealach atá fabhrach don chóras. Leis sin, ní hamháin go gcuirtear feabhas ar an tuiscint atá acu ar na taraifí is infheidhme, ach cuidítear leo freisin tuiscint a fháil ar conas a n-iompraíocht i leith an chórais a choigeartú dá réir sin chun taraifí níos ísle a íoc. Chun inchomparáideacht maidir le socrú taraifí a mhéadú, tá gá le tuilleadh trédhearcachta. Le trédhearcacht bhreise, cuirfear é ar a gcumas do na húdarás rialála dea-chleachtais a ghlacadh agus a measúnuithe costéifeachtúlachta faoi seach a dhéanamh agus modheolaíochtaí taraife á socrú nó á bhformheas acu. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás na n-eilimintí éagsúla nach mór a chur san áireamh sna modheolaíochtaí taraife, mar aon leis na comhbhabhtálacha casta is bonn leis an measúnú ar an mbonn a úsáidtear chun modheolaíochtaí taraife a shocrú nó a fhormheas. Sula ndéanfar modheolaíochtaí taraife a shocrú nó a fhormheas, ba cheart d'údaráis rialála dul i gcomhairle go poiblí le páirtithe leasmhara ábhartha. Ba cheart do na húdaráis rialála tionchair dháileacháin ghearrthéarmacha aon athraithe ar na modheolaíochtaí taraife a chur san áireamh agus a bhreithniú an bhfuil gá le cur chuige

céimnithe chun am a thabhairt d'úsáideoirí córais a bpatrúin iompraíochta agus tomhaltais a choigeartú.

(14) Ó bhí 2019 ann, tá roinnt tuarascálacha dea-chleachtais maidir le modheolaíochtaí taraife eisithe ag ACER. Tugtar léargas leis na tuarascálacha sin ar na dúshláin agus ar na forbairtí is déanaí maidir le taraifí gréasáin a shocrú agus ar anailísí sonracha ar chleachtais náisiúnta socraithe taraifí. Leis na tuarascálacha, méadaíodh trédhearcacht freisin agus bhíothas in ann dea-chleachtais agus inchomparáideacht a chomhroinnt maidir le socrú taraifí. I bhfianaise na dtorthaí dearfacha sin, ba cheart do ACER leanúint de thuarascálacha den sórt sin a eisiúint. Ba cheart na tuarascálacha sin a bheith ar leithligh ó thuarascálacha ACER ina ndéantar comparáid idir éifeachtúlacht na n-oibreoirí córais tarchurtha agus a gcostais, mar gheall ar an ábhar éagsúil atá iontu.

(15) Chun na mionsonraí is gá a leagan síos chun éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/943 a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún, i leith an Rialachán seo a fhorlíonadh trí threoirlínte a bhunú maidir le struchtúr coiteann agus modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí, coinníollacha mionsonraithe faoina bhféadfaidh údaráis rialála córais muirear gréasáin ar leithligh a thabhairt isteach do chatagóirí sonracha úsáideoirí córais agus rialacha comhchuibhithe maidir leis na ceanglais nós imeachta agus shubstainteacha le haghaidh na gcomhairliúchán poiblí is gá a dhéanamh i ndáil leis na dréacht-mhodheolaíochtaí taraife ábhartha. I bhfianaise na taithí seanbhunaithe agus an tsaineolais sheanbhunaithe atá ag rialtóirí maidir le modheolaíochtaí taraife a fhormheas agus maidir le maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gaolmhara, ba cheart do ACER moladh a sholáthar don Choimisiún sula n-eiseoidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe maidir le struchtúr coiteann agus modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(16) Ba cheart cur in úsáid réiteach neamhshreinge, cliste agus digiteach a chur chun cinn aon uair a fheabhsaítear go héifeachtúil leo acmhainneacht inúsáidte, solúbthacht agus iontaofacht na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais. Agus comhlánú á dhéanamh ar an gcreat le haghaidh eangacha cliste leictreachais dá bhforáiltear faoi Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus faoi Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ba cheart

---

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

2 Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, p. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

3 Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944,

d’oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin a áirithiú go ndéanfar réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha, in éineacht le solúbthacht neamh-iontaise amhail freagairt don éileamh, stóráil agus réitigh eile, a bhreithniú mar thosaíocht i bpleanáil gréasáin agus in oibriú córais. Ba cheart éifeachtaí feabhsaithe éifeachtúlachta na réiteach sin a léiriú ar bhonn critéir oibiachtúla thrédhearcacha, amhail a dtionchar ar acmhainneacht inúsáidte gréasáin, plódú, athléimneacht, cáilíocht an tsoláthair nó comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite agus solúbthacht, agus costéifeachtúlacht maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach i gcomparáid le forbairt fhisiciúil eangaí. Ba cheart do na húdaráis rialála a bheith in ann brath ar phleananna forbartha gréasáin, lena n-áirítear measúnuithe costais agus tairbhe gaolmhara, agus táscairí feidhmíochta ábhartha chun na críche sin.

(17) Tá úsáid éifeachtúil bonneagair leictreachais ag brath níos mó agus níos mó ar chumas na gcóras tarchurtha agus dáileacháin an eangach a fhorbairt go héifeachtúil le haghaidh riachtanais córais cumhachta amach anseo, lena n-áirítear dlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite agus limistéir thionsclaíocha, agus solúbthacht, digitiú agus réitigh shonraíbhunaithe a chomhtháthú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do chomhtháscairí bonn comhsheasmhach a sholáthar chun feidhmíocht na n-oibreoirí córais a thomhas maidir le feidhmiúlachtaí eangaí cliste leictreachais a chur in úsáid agus úsáid éifeachtach a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana. Ba cheart do ACER tacar teoranta comhtháscairí a mholadh, ag tógáil ar an obair anailíseach a rinne sé cheana agus ar obair na n-údarás rialála náisiúnta, chun creat faireacháin níos comhleanúnaí a bhaint amach, chun tacú le cóineasú cur chuige rialála, chun sainaithint dea-chleachtas le haghaidh cuir chuige rialála a éascú agus chun an dul chun cinn i bhforbairt eangach cliste leictreachais a thomhas, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (AE) 2022/869.

(18) Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inoiriúnaitheacht na ngréasán leictreachais agus chun bonn comhsheasmhach anailíseach a sholáthar chun cuir chuige rialála a fhorbairt lena léireofar ar bhealach níos fearr feidhmíocht córais, tairbhí don chóras fuinnimh i gcoitinne agus glacadh le réitigh nuálacha, ba cheart tuairisciú tráthrialta ar leibhéal an Aontais a dhéanamh bunaithe ar na táscairí sin. Ba cheart do ACER sonraí a fháil maidir le cur in úsáid teicneolaíochtaí eangaí cliste leictreachais agus maidir le cleachtais rialála chumasúcháin agus táscairí eangaí cliste náisiúnta chun é a chur ar a chumas do ACER measúnú a dhéanamh ar chleachtais atá ann cheana chun na samplaí de na cásanna is fearr ó údaráis rialála náisiúnta a shainaithint. Faoi láthair, níl táscairí eangaí cliste leictreachais á gcur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais, agus eascraíonn timpeallacht rialála éagsúil as cineálacha éagsúla cur chuige, rud a bhaineann an bonn de thomhas comhsheasmhach ar ghlacadh agus ar fheidhmíocht teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun táscairí eangaí cliste leictreachais a bhunú d’fhonn glacadh agus feidhmíocht teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réitigh dhigiteacha i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a thomhas. Ba cheart don Choimisiún moladh ACER a bhreithniú.

(19) Chun costais chórais a laghdú agus feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le praghsanna leictreachais níos ísle, is gá úsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar eangaí atá ann cheana trí

---

agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj).

mhalartú sonraí gan uaim agus trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha. Chuige sin, ní mór sonraí ábhartha eangaí leictreachais a mhalartú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos tráthúla idir oibreoirí córais, rud a chumasóidh leibhéal níos airde inbhreathnaitheachta eangaí trí chomhordú níos fearr ar fud na leibhéal tarchurtha agus dáileacháin. De réir an cháis úsáide, is féidir a áireamh le sonraí eangaí leictreachais toipeolaíocht gréasáin, paraiméadair eangaí agus saintréithe sócmhainní, sonraí nasctha agus acmhainneachta, tomhais fíor-ama ó chórais Rialaithe Maoirseachta agus Fála Sonraí agus tomhais oibríochtúla eile, sonraí maidir le meastachán stáit agus sreabhadh cumhachta, voltas, sonraí maidir le sreabhadh lóid agus plódú, sonraí maidir le héaradh seirbhíse agus coinneáil ar bun, sonraí seolta, athsheolta agus ciorraithe, riachtanais solúbthachta, agus réamhaisnéisí oibríochtúla, mar aon le teorainneacha agus srianta atá ábhartha d'oibriú córais tarchurtha agus dáileacháin.

(20) Ba cheart d'oibreoirí córais feabhas a chur ar tháirgiúlacht an bhonneagair gréasáin trí theicneolaíochtaí nuálacha a chur in úsáid, agus socruithe idir-inoibritheacha malartaithe sonraí eangaí mar thaca leis. Is amhlaidh atá toisc go rannchuideofar le huirlisí sonraíbhunaithe le srianta córais a laghdú le haghaidh oibriú eangaí agus, ar an gcaoi sin, cuirfear teorainn le raon na dtreisithe eangach agus maolófar strus córais. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta i sonraí eangaí leictreachais, ba cheart aon phróiseáil a dhéantar ar na sonraí sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Chun críocha an Rialacháin seo, níor cheart d'oibreoirí córais, i bprionsabal, ach sonraí comhiomlánaithe nó anaithnidithe a mhalartú. Níor cheart sonraí pearsanta a chomhroinnt ach amháin nuair nach leor sonraí anaithnidithe don chuspóir atá á shaothrú. I gcás ina dtagann sonraí eangaí leictreachais den sórt sin faoi raon feidhme Chaibidil II de Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], tá feidhm ag na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil sin. Níor cheart córas comhthreomhar ná córas coibhleachta chun na sonraí sin a rochtain agus a chomhroinnt a chruthú leis an Rialachán seo.

(21) Tá oibriú éifeachtúil agus slán na ngréasán leictreachais ag brath níos mó agus níos mó ar ardréitigh dhigiteacha agus shonraíbhunaithe a fhorbairt agus a chur in úsáid. Tá infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí eangaí leictreachais ábhartha ríthábhachtach don chumas réitigh nuálacha a fhorbairt, a thástáil agus a scálú le haghaidh oibriú agus optamú eangaí. Go háirithe, tá úsáid sonraí eangaí leictreachais chun críoch anailíseach, taighde agus nuálaíochta srianta ag éiginnteacht dhlíthiúil, costais arda idirbheart agus easpa comhshocruithe maidir le rochtain shlán ar shonraí, próiseáil shlán agus rialachas slán. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le creat lena gcuirfear é ar a gcumas d'oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin oibriú i gcomhar, ar bhonn deonach agus trí shocrú comhordaithe ar leibhéal an Aontais, le páirtithe leasmhara ábhartha chun sonraí, saineolas agus acmhainní ríomhaireachta a chomhthiomsú d'fhonn uirlisí digiteacha nuálacha a fhorbairt, a thástáil, a chomhtháthú agus a chur in úsáid ar mhaithe le hoibriú agus optamú córais leictreachais.

---

4 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

5 Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

(22) Leis an gcreat um chomhar idir oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin, ba cheart tacú le hinfhaighteacht níos leithne na réiteach a fhorbraítear chun tairbhe oibreoirí córais ar fud an Aontais. Ba cheart dó coimircí iomchuí a áirithiú freisin maidir le cosaint sonraí, rúndacht, sábháilteacht, cibearshlándáil agus slándáil córais. Tá an Coimisiún réidh chun treoraíocht neamhfhoirmiúil a sholáthar do chuideachtaí maidir le comhoiriúnacht tionscadal comhair lena rannchuidítear le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach le rialacha in aghaidh trustaí, go háirithe tionscadail a bhaineann le nuálaíocht, dícharbónú agus forbairt IS.

(23) Chun tacú le forbairt chomhsheasmhach an tsocraithe chomhordaithe ar scála, ba cheart ceanglais choiteanna maidir le samhlacha sonraí, formáidí sonraí, ointeolaíochtaí sonraí, nósanna imeachta rochtana, rialachas, trédhearcacht agus malartú slán sonraí eangaí a bhunú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart dóibh sin cur leis na caighdeáin atá ann cheana amhail an Caighdeán Malartaithe Samhla Coitinne Eangaí. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an socrú comhordaithe a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais sin a bhunú, mar aon le rialacha maidir le hathúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí chun críoch taighde agus nuálaíochta lena dtacaítear le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais.

(24) Braitheann úsáid éifeachtúil an ghréasáin leictreachais ar infhaighteacht sonraí tomhaltais cruinne agus gráinneacha agus ar chumas na gcustaiméirí deiridh na sonraí sin a rochtain agus gníomhú ina leith. Is príomhchumasóir iad córais méadraithe chliste don fhreagairt don éileamh agus do chonarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla, rud a d'fhéadfadh cuidiú le feabhas a chur ar úsáid an bhonneagair gréasáin leictreachais atá ann cheana, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chiorrú an fhuinnimh in-athnuaite a laghdú agus trí leictriú a éascú. Trí thomhaltóirí a chumasú a dtomhaltas a choigeartú do thréimhsí praghsanna níos ísle agus tairbhiú d'úsáid níos éifeachtúla an chórais leictreachais, féadfar le córais méadraithe chliste rannchuidiú le billí fuinnimh níos inacmhainne agus níos intuartha. Chun cur in úsáid leordhóthanach a bhaint amach ar fud an Aontais agus chun tacú le húsáid níos éifeachtúla gréasáin, lena n-áirítear úsáid thar theorainneacha laistigh den mhargadh inmheánach fuinnimh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag 50 % ar a laghad de chustaiméirí deiridh ar mhéadar cliste chun mais chriticiúil a bhunú le haghaidh rannpháirtíocht tomhaltóirí agus seirbhísí solúbthachta, agus an leibhéal sin a mhéadú de réir a chéile go 75 % ar a laghad faoin 31 Nollaig 2033. Chun amlínte leata amach indéanta a áirithiú, agus uaillmhian fhoriomlán an Aontais á coimeád an tráth céanna, ba cheart am breise a thabhairt do na Ballstáit a bhfuil leibhéil cur in úsáid faoi bhun 30 % acu ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo chun na spriocanna sin a bhaint amach. Leis sin, tugtar aghaidh ar an staid mhíchothrom maidir le cur in úsáid atá ann faoi láthair ar fud an Aontais, agus dul i bhfód foriomlán ag thart ar 60 % agus roinnt Ballstát tite ar gcúl nó nach bhfuil tús curtha acu go fóill le leathadh amach ar mhórscála, ar bhealach comhréireach. Níor cheart feidhm a bheith ag measúnuithe costais agus tairbhe faoi Threoir (AE) 2019/944 ach amháin maidir le cur in úsáid thar an leibhéal 75 %, lena n-áirithítear comhréireacht, agus cuspóirí digitithe agus solúbthachta an Aontais á gcomhlíonadh an tráth céanna. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach na n-oibleagáidí sin mar a leagtar síos in Airteagal 18b den Rialachán seo, moltar do na Ballstáit úsáid iomchuí a bhaint as na deiseanna cistiúcháin agus maoiniúcháin atá ar fáil faoi chláir agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear na cláir agus na hionstraimí sin.

(25) I bhfianaise an róil chriticiúil atá ag córais méadraithe chliste a chuirtear in úsáid agus a oibrítear i gcóras leictreachais atá ag éirí níos digitithe, ba cheart ardleibhéal cibearshlándála agus athléimneachta oibríochtúla agus athléimneachta slabhra soláthair a áirithiú ar feadh a saolré, agus reachtaíocht ábhartha Eorpach maidir leis an gcibearshlándáil á cur san áireamh, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], go háirithe i gcás ina dtagann comhpháirteanna méadraithe chliste faoi raon feidhme táirgí criticiúla, scéimeanna deimhniúcháin a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], mar aon leis an ngá atá le rioscaí agus spleáchais slándála sa slabhra soláthair a sheachaint lena bhféadfaí an bonn a bhaint de leanúnachas agus de shlándáil feidhmiúlachtaí méadraithe fíor-riachtanacha agus de chosaint sonraí. Ós rud é gur cuid d'éiceachóras teicneolaíochta eangaí leictreachais níos leithne iad córais méadraithe chliste, ní mór breithnithe ábhartha maidir le hinbhuanaitheacht, athléimneacht agus slándáil soláthair a léirítear i Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, i gcleachtais soláthair.

(26) Tá glacadh an leictrithe nasctha go dlúth le costais leictreachais, a mbíonn tionchar acu ní hamháin ar mhuirir ghréasáin, ach ar na cánacha a thoibhítear ar bhillí leictreachais freisin. Chun tacú le hinacmhainneacht leictreachais, lena ghlacadh mar fhoinse fuinnimh agus leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ngearrfar cáin níos fabhraí ar leictreachas ná ar ghás nádúrtha agus, ar an gcaoi sin, comhartha praghsála a sholáthar chun tacú le leictriú an Aontais. Tá an prionsabal sin i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais agus is féidir leis na Ballstáit é a achtú faoi chreat comhchuibhithe reatha an Aontais a bhunaítear le Treoir 2003/96/AE ón gComhairle[9]. Mar sin féin, i gcás ina dtugann Ballstát údar cuí leis sin, bunaithe ar imthosca náisiúnta sonracha, lena n-áirítear imthosca i bhfianaise staid fhioscach an Bhallstáit, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún údarú a thabhairt do Bhallstát, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre a chur siar go dtí pointe ama lena mbaintear cothromaíocht amach idir na himthosca náisiúnta sonracha lena mbaineann agus an gá atá le cuspóirí leictriúcháin an Aontais a bhaint amach.

(27) Tá an comhartha praghais sin ábhartha go háirithe do ghnólachtaí dianfhuinnimh, ina bhféadfar bac a chur ar an aistriú chuig foinsí fuinnimh níos glaine leis an difreálach costais le gás nádúrtha. Le hAirteagal 17 de Threoir 2003/96/AE, ceadaítear do na

---

6 Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht), (IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).

7 Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil), (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj).

8 Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

9 Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj).

Ballstáit leibhéal laghdaithe cánachais, lena n-áirítear ráta nialasach, a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a úsáideann gnólachtaí dianfhuinnimh, faoi réir coinníollacha áirithe comhshaoil, uisce agus éifeachtúlachta fuinnimh. Ós rud é gur príomhcholún de straitéis an Aontais é an leictriú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach, mar a athdhearbhaíodh le déanaí sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, le leictriú an gheilleagair ní hamháin go rannchuideofar le dlús a chur le cuspóirí aeráide, ach féadfar cuidiú freisin le costais fuinnimh a laghdú agus tacú le hiomaíochas earnáil monaraíochta an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas, maidir le leictreachas a úsáideann gnólachtaí dianfhuinnimh, go gcomhlíontar cuspóirí comhshaoil agus an choinníollacht mhéadaithe éifeachtúlachta fuinnimh a leagtar amach in Airteagal 17(4) de Threoir 2003/96/AE.

(28) I gcás ganntanas san acmhainneacht eangaí atá ar fáil, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis rialála bearta a fhormheas chun iarrataí amhantracha ar nascadh leis an eangach a dhíspreagadh agus scuainí nasctha a bhainistiú, chun a áirithiú go ndéanfar rochtain ar an eangach ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/944. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus do na húdaráis rialála infheidhmeacht beart eile atá ar fáil a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht neamhleor eangaí amhail comhaontuithe solúbtha nasctha nó pleanáil gréasáin trasearnála. Is féidir leis na Ballstáit roghanna breise a fhiosrú freisin chun aibíocht agus dul chun cinn na n-iarrataí ar nascadh leis an eangach a bhreithniú i gcomhréir leis an bprionsabal ‘tús freastail ar an gceann is túisce’ nó le pleanáil réamh-mheasta gréasáin, mar a mhínítear faoin Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla[10]. Chuige sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit coinníollacha a chruthú chun limistéir shonracha ina bhfuil uasghráduithe acmhainneachta eangaí ar fáil nó beartaithe a shuí chun rochtain luathaithe ar ghréasáin a chumasú d’úsáideoirí gréasáin amhail, mar shampla, custaiméirí tionsclaíocha agus lárionaid sonraí. Agus bearta agus coinníollacha maidir le rochtain ar an eangach á bhformheas, agus go háirithe do chatagóirí speisialta úsáideoirí córais amhail lárionaid sonraí nó tionscal dianfhuinnimh, i bhfianaise a dtionchar ar an ngréasán, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis rialála freisin tosaíocht a thabhairt d’úsáideoirí laistigh den chatagóir chéanna ag a bhfuil patrúin tomhaltais sholúbtha a chuireann le stóráil ar an láthair agus le giniúint fuinnimh ghlain bhreise ar an láthair agus le húsáid inbhuanaithe acmhainní.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir (AE) 2019/1791 a leasú dá réir.

(30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin, costéifeachtúlacht oibriú an chórais a bhaint amach agus leictriú na heangaí a chothú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(31) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an [dáta].

---

[10] Fógra ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025, Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla, C(2025) 8473 final.

(32) Tá forálacha an Rialacháin seo gan dochar do cheart na mBallstát fógra a thabhairt faoi bhearta státchabhrach, de réir na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha is infheidhme a leagtar síos sna rialacha maidir leis an státchabhair. Féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, bearta a thabhairt isteach chun tacú le tionscadail leictrithe thionsclaíoch i gcás ina ndeimhnítear éifeacht éifeachtach dícharbónaithe agus i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh (CEEAG)[11] agus le Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CSCCTG)[12]. Leis na bearta státchabhrach sin, féadfar tacaíocht a sholáthar freisin don chaiteachas breise a bhaineann leis an nascadh leis an eangach leictreachais nó le síneadh a chur le nasc leis an eangach leictreachais atá ann cheana, lena n-áirítear costais tosaigh, mar shampla, nascadh eangaí ‘an mhíle deiridh’, agus costais bhliantúla, i.e. taraif thráthrialta eangaí, agus dreasachtaí á gcaomhnú an tráth céanna, ar dreasachtaí iad a sholáthraítear d’úsáideoirí córais chun a suíomh a roghnú agus a dtomhaltas a choigeartú chun costais fhoriomlána na gcóras tarchurtha agus dáileacháin a ísliú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022, C/2022/481.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Creat le haghaidh bearta Státchabhrach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (Creat Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan), C/2025/7600.

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/943 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

‘Airteagal 18

Muirir líonra

1. Beidh na muirir ghréasáin costléiritheach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, soláthrófar dreasachtaí leo d’oibreoirí córais na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin a fhorbairt agus a oibriú ar bhealach costéifeachtúil, agus soláthrófar dreasachtaí leo d’úsáideoirí córais an úsáid a bhaineann siad as an gcóras leictreachais a choigeartú chun tacú lena fheidhmiú costéifeachtúil.

2. Áireofar le modheolaíochtaí taraife dearadh na muirear gréasáin a chuirfear i bhfeidhm ar úsáideoirí córais agus cinneadh an luacha saothair a gheobhaidh oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin trí na muirir ghréasáin sin. Maidir leis na teagascóirí seo:

   (a) costais na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin a léiriú, a mhéid a chomhfhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora córais atá éifeachtúil agus inchomparáide ó thaobh struchtúir de, agus caiteachas caipitil agus oibríochtúil araon á chur san áireamh, lena n-áirítear costais a bhaineann le hinfheistíocht oirchilleach, ach ní costais a thacaíonn le cuspóirí beartais neamhghaolmhara. Socróidh na húdaráis rialála comhtháscairí feidhmíochta a mhéid a bhaineann le hoibriú agus forbairt éifeachtúil an ghréasáin, lena n-áirítear táscairí eangaí cliste leictreachais i gcomhréir le hAirteagal 18a;

   (b) íocaíochtaí agus fáltais a eascraíonn as an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha a chur san áireamh, lena n-áirítear íocaíochtaí iarbhír a rinneadh agus a fuarthas, mar aon le híocaíochtaí a bhfuil coinne leo le haghaidh tréimhsí sa todhchaí, a ndéanfar meastachán orthu ar bhonn tréimhsí roimhe sin;

   (c) dreasachtaí iomchuí a sholáthar d’oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin le haghaidh oibriú agus fhorbairt chostéifeachtúil an ghréasáin sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma agus le haghaidh optamú na n-eangach atá ann cheana ar gach leibhéal voltais, *inter alia* trí úsáid a bhaint as seirbhísí solúbthachta, trí réitigh neamhshreinge agus dhigiteacha, eangacha cliste leictreachais agus córais méadraithe chliste a chur in úsáid, lena n-áirítear dreasachtaí chun íosleibhéil na hacmhainneachta atá ar fáil a bhaint amach le haghaidh trádálacha traschriosacha a leagtar amach in Airteagal 16(8);

   (d) na costais a chruthaíonn úsáideoirí córais a aistarraingíonn leictreachas as na gréasáin tarchurtha nó dáileacháin agus a insteallann leictreachas isteach iontu a léiriú;

   (e) dreasachtaí iomchuí a sholáthar d’úsáideoirí córais chun leictreachas a aistarraingt as na gréasáin tarchurtha nó dáileacháin agus leictreachas a instealladh iontu ar bhealach a thacaíonn le feidhmiú éifeachtúil na ngréasán sin;

   (f) comharthaí suímh infheistíochta a sholáthar;

(g) dreasachtaí iomchuí a sholáthar d'úsáideoirí córais chun tomhaltas buaiclóid a laghdú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí eilimint acmhainneachta a chur leis an struchtúr taraife;

(h) eilimintí a bhaineann leis an am úsáide a chuimsiú chun úsáid an ghréasáin a léiriú;

(i) gan idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí córais atá nasctha ar leibhéal an dáileacháin agus úsáideoirí córais atá nasctha ar leibhéal an tarchuir;

(j) gan rochtain tríú páirtí, comhiomlánú, pobail fuinnimh, féinghiniúint, féintomhaltas, stóráil ná rannpháirtíocht sa fhreagairt don éileamh atá éifeachtach agus tráthúil a dhídhreasú;

(k) comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite a chumasú trí sholúbthacht neamh-iontaise a fhorbairt agus a éascú, amhail stóráil agus freagairt don éileamh, mar aon le nuálaíocht, réitigh neamhshreinge, eangacha cliste leictreachais agus digitiú;

(l) úsáid nasc solúbtha a chumasú, agus a áirithiú an tráth céanna nach gcuirfear moill ar threisithe gréasáin is gá leis sin;

(m) gan muirir ghréasáin shonracha a fhorchur ar idirbhearta aonair i ndáil le trádáil thraschriosach leictreachais;

(n) a áirithiú go léireofar leis na muirir ghréasáin is infheidhme maidir le suiteálacha stórála aon tairbhe a chruthaítear don ghréasán agus go mbeidh siad teoranta do na costais a chruthaíonn na suiteálacha sin do na gréasáin tarchurtha nó dáileacháin; and

3. Féadfaidh feidhm a bheith ag córais taraifí speisialta maidir le catagóirí sonracha úsáideoirí córais, amhail tionscail dianfhuinnimh nó lárionaid sonraí agus pobail fuinnimh, ar choinníoll gur féidir leis na húdaráis rialála a léiriú go bhfuil tionchar níos ísle nó níos airde go comhréireach ag próifíl tomhaltais na n-úsáideoirí atá i gceist ar chostas foriomlán an ghréasáin tarchurtha nó dáileacháin agus go n-urramaítear prionsabal na costléiritheachta.

4. Féadfaidh na Ballstáit costais ghréasáin a chumhdach i bpáirt trí chistí Stáit chun méid foriomlán na muirear gréasáin a ghearrtar ar úsáideoirí córais a ísliú, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) go soláthraítear na cistí Stáit d'oibreoirí córais tarchurtha nó dáileacháin ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, gan fabhar roghnaitheach a thabhairt, go díreach nó go hindíreach, do chatagóirí sonracha úsáideoirí córais;

(b) nach mbaintear an bonn le soláthar cistí Stáit d'aon dreasacht a sholáthraítear d'oibreoirí córais chun an gréasán a oibriú agus a fhorbairt go héifeachtúil agus d'úsáideoirí córais chun a dtomhaltas a choigeartú chun costais fhoriomlána na gcóras tarchurtha agus dáileacháin a ísliú;

(c) gur cistí sealadacha iad na cistí Stáit, agus nach gcumhdaítear leo ach na costais bhreise a eascraíonn as bearta chun dlús a chur le dícharbónú, leictriú próiseas táirgthe agus comhtháthú margaidh;

(d) nach bhfuil soláthar cistí Stáit chun dochair don iomaíocht ná d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh don leictreachas.

Tá an mhír seo gan dochar do cheart na mBallstát fógra a thabhairt faoi bhearta faoi na rialacha is infheidhme maidir leis an státchabhair arb é is aidhm dóibh costais fuinnimh a laghdú, lena n-áirítear muirir ghréasáin, do chatagóirí sonracha úsáideoirí, agus dreasachtaí á gcaomhnú an tráth céanna a sholáthraítear d'úsáideoirí córais chun a suíomh a roghnú agus a dtomhaltas a choigeartú d'fhonn costais fhoriomlána na gcóras tarchurtha agus dáileacháin a laghdú.

5. Ón [*an chéad lá de mhí an teacht i bhfeidhm móide 13 mhí*], áiritheoidh na húdaráis rialála trédhearcacht na modheolaíochtaí, na bparaiméadar agus na luachanna a úsáidtear chun na costais atá le haisghabháil ag oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin a chinneadh nó a fhormheas. Ón dáta sin, foilseoidh na húdaráis rialála an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad, nó ceanglóidh siad ar na hoibreoirí córais tarchurtha nó ar an oibreoir córais dáileacháin ábhartha an fhaisnéis sin a fhoilsiú:

   (a) costais bonneagair tarchurtha, amhail caiteachas caipitiúil, lena n-áirítear toradh ar chaipiteal agus dímheas, agus caiteachas oibríochtúil;

   (b) costais bonneagair dáileacháin, amhail caiteachas caipitiúil, lena n-áirítear toradh ar chaipiteal agus dímheas, agus caiteachas oibríochtúil;

   (c) costais caillteanas tarchurtha;

   (d) costais caillteanas dáileacháin;

   (e) costais seirbhísí méadraithe;

   (f) costais a bhaineann le cumhacht imoibríoch a aistarraingt nó a instealladh lasmuigh de na teorainneacha ceadaithe; and

   (g) costais na n-oibreoirí córais a·bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus seirbhísí um bainistiú ar phlódú a cheannach, lena n-áirítear costais athsheolta.

   Thairis sin, foilseoidh na húdaráis rialála an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad, nó ceanglóidh siad ar an oibreoir córais tarchurtha nó dáileacháin ábhartha í a fhoilsiú:

   (a) an measúnú is bonn leis na modheolaíochtaí taraife mionsonraithe tarchurtha agus dáileacháin;

   (b) catagóirí na gcostas agus méideanna na gcostas sin a aisghabhtar de réir gach cineáil taraife a chuireann siad i bhfeidhm;

   (c) i gcás inarb infheidhme, méid na muirear gréasáin a chumhdaítear trí chistí Stáit nó trí chistí poiblí eile de bhun mhír 4 agus a sciar de na muirir ghréasáin iomlána;

   (d) luachanna bliantúla na dtaraifí tarchurtha agus dáileacháin do gach grúpa úsáideoirí córais;

   (e) aon staidéar ar braitheadh air le haghaidh na roghanna atá ar fáil maidir le dearadh taraifí;

   (f) aon chóras taraifí speisialta a sholáthraítear d'úsáideoirí córais mar aon le bonn cirt leis na córais sin;

   (g) na táscairí feidhmíochta a mhéid a bhaineann le hoibriú agus forbairt éifeachtúil an ghréasáin dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

   Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo ar fáil i bhformáid atá inrochtana go héasca, in-íoslódáilte agus inléite amháin agus, a mhéid is féidir, i dteanga amháin nó

níos mó a thuigtear go coitianta, agus rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de á caomhnú an tráth céanna.

6. Sula ndéanfar na modheolaíochtaí taraife is infheidhme a shocrú nó a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 59(1), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/944, déanfaidh na húdaráis rialála comhairliúchán poiblí amháin nó níos mó maidir leis na dréacht-mhodheolaíochtaí ábhartha.

7. Tabharfaidh ACER cúnamh do na húdaráis rialála táscairí feidhmíochta a chinneadh i gcomhréir le mír 2, pointe a), agus déanfaidh sé comparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha, agus a gcostais, agus na táscairí sin á gcur san áireamh. Soláthróidh na húdaráis rialála agus na hoibreoirí córais tarchurtha na sonraí uile is gá le haghaidh na comparáide sin do ACER. Faoin [*an chéad lá de mhí an teacht i bhfeidhm móide 25 mhí*] agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh ACER tuarascáil ina leagfar amach an chomparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha agus a gcostais, agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de á gcosaint an tráth céanna.

   Déanfaidh na húdaráis rialála an chomparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais dáileacháin ina ndlínsí faoi seach, agus na costais a bhaineann leo, a mhéid atá níos mó ná oibreoir córais dáileacháin amháin ann agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh. Soláthróidh na hoibreoirí córais dáileacháin ábhartha na sonraí uile is gá le haghaidh na comparáide sin do na húdaráis rialála. Faoin [*an chéad lá de mhí an teacht i bhfeidhm móide 37 mí*] agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh na húdaráis rialála tuarascáil lena gcuirfear le torthaí na comparáide éifeachtúlachta náisiúnta idir oibreoirí córais dáileacháin agus a gcostais.

8. Déanfaidh ACER faoin [*an chéad lá de mhí an teacht i bhfeidhm móide 25 mhí*] tuarascáil dea-chleachtais a sholáthar maidir le modheolaíochtaí taraifí tarchurtha agus dáileacháin, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh an tráth céanna. Tabharfar aghaidh leis an tuarascáil dea-chleachtais sin ar an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) an cóimheas idir na taraifí a chuirtear i bhfeidhm ar tháirgeoirí agus na taraifí a chuirtear i bhfeidhm ar chustaiméirí deiridh;

   (b) na costais a bheidh le haisghabháil trí bhíthin taraifí;

   (c) taraifí gréasáin arna n-idirdhealú ar bhonn ama;

   (d) comharthaí suímh;

   (e) an gaol idir na taraifí tarchurtha agus taraifí dáileacháin;

   (f) modhanna, atá le cinneadh tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, chun trédhearcacht a áirithiú maidir le struchtúr na dtaraifí agus iad a shocrú, lena n-áirítear infheistíocht oirchilleach, atá i gcomhréir le cuspóirí ábhartha fuinnimh an Aontais agus le cuspóirí ábhartha fuinnimh náisiúnta agus na dlúslimistéir arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 á gcur san áireamh;

   (g) grúpaí d'úsáideoirí gréasáin a bheidh faoi réir taraifí lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, saintréithe na ngrúpaí sin, cineálacha tomhaltais, agus aon díolúine ó tharaifí;

   (h) caillteanais in eangacha ardvoltais, meánvoltais agus ísealvoltais;

(i) dreasachtaí le haghaidh infheistíocht éifeachtúil i ngréasáin, agus le haghaidh úsáid éifeachtúil an ghréasáin atá ann cheana, lena n-áirítear acmhainní lena soláthraítear solúbthacht agus comhaontuithe nasctha solúbtha, agus úsáid réiteach neamhshreinge, digiteach agus cliste.

Déanfaidh ACER a dea-chleachtas a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad uair amháin gach 2 bhliain.

9. Tabharfaidh na húdaráis rialála aird cuí ar an tuarascáil dea-chleachtais agus taraifí tarchurtha nó dáileacháin, nó na modheolaíochtaí a ghabhann leo, á socrú nó á bhformheas acu i gcomhréir le hAirteagal 59 de Threoir (AE) 2019/944.';

(2) cuirtear isteach Airteagail 18a, 18b, 18c agus 18d seo a leanas:

‘Airteagal 18a

Táscairí agus nuálaíocht eangaí cliste leictreachais

1. Déanfaidh na húdaráis rialála cur in úsáid réiteach neamhshreinge, cliste agus digiteach a chur chun cinn, aon uair a fheabhsaíonn teicneolaíochtaí agus réitigh den sórt sin go héifeachtúil acmhainneacht inúsáidte, solúbthacht agus iontaofacht na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais, trí dhreasachtaí rialála de bhun Airteagal 18 agus trí na réitigh sin a bhreithniú agus tosaíocht á tabhairt dóibh faoi na pleananna forbartha gréasáin de bhun Airteagail 32 agus 51 de Threoir (AE) 2019/944.
2. Faoin [*an chéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh ACER, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, le ENTSO don Leictreachas, leis an Eintiteas AE do OCDanna agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, moladh a eisiúint a dhíreofar ar údaráis rialála maidir le táscairí eangaí cliste leictreachais chun glacadh agus feidhmíocht teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a thomhas. Soláthróidh oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin na sonraí a iarrtar chun na críche sin do na húdaráis rialála agus do ACER, nó áiritheoidh siad go soláthrófar na sonraí sin. Ní áireofar aon sonra pearsanta leis na sonraí sin.
3. Gach 3 bliana ar a laghad tar éis fhoilsiú an mholta ó ACER dá dtagraítear i mír 2, foilseoidh ACER tuarascáil ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais lena ndéanfar measúnú ar fhorbairt agus glacadh réiteach eangaí cliste leictreachais agus ar úsáid éifeachtúil bonneagair leictreachais, bunaithe ar na táscairí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus ar thuarascálacha náisiúnta faoi Airteagal 59(l) de Threoir (AE) 2019/944. Le tuarascáil ACER, sainaithneofar dea-chleachtais agus, i gcás inarb iomchuí, molfar bearta breise do na húdaráis rialála agus don Choimisiún.
4. Déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin sonraí eangaí a bhainistiú agus a mhalartú chun forbairt, cur in úsáid agus úsáid éifeachtach eangach cliste leictreachais a chumasú d’fhonn oibriú éifeachtúil, slán agus solúbtha an chórais leictreachais a áirithiú. Chun na críche sin, oibreoidh siad i gcomhar le chéile, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhaontuithe comhroinnte sonraí a bhunú, chun úsáid a bhaint as sonraí eangaí leictreachais ar bhealach comhchuibhithe. Déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. I gcás ina dtagann sonraí eangaí leictreachais faoi raon feidhme Chaibidil II de Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, beidh feidhm ag an gCaibidil sin. Déanfaidh siad réitigh dhigiteacha shonraíbhunaithe úrscothacha a fhorbairt agus a oibriú freisin chun tacú le faireachán, optamú agus comhordú oibriú an ghréasáin, lena n-áirítear freagairt don éileamh, foinsí fuinnimh in-athnuaite agus solúbthacht neamh-iontaise a chomhtháthú. Ní chomhroinnfear sonraí pearsanta ach amháin nuair nach leor sonraí anaithnidithe don chuspóir atá á shaothrú.
5. Faoin [*an chéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin, i gcomhar le hoibreoirí córais eile trí shocrú comhordaithe arna éascú go comhpháirteach ag ENTSO don Leictreachas agus ag Eintiteas AE do OCDanna, creat slán deonach um malartú sonraí eangaí leictreachais a bhunú. Leis an gcreat sin, cumasófar an athúsáid sonraí ar bhealach dleathach, slán agus rialaithe chun críoch

taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail chun teicneolaíochtaí úrscothacha a fhorbairt, a thástáil, a chomhtháthú agus a chur in úsáid, lena dtacófar le hoibriú agus optamú éifeachtúil sábháilte eangaí. Agus forálacha na míre seo á gcur i bhfeidhm, déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha agus na hoibreoirí córais dáileacháin an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais rúndachta agus slándála;

(b) oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha Eorpacha, lena n-áirítear eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus soláthraithe réiteach tionsclaíoch chun saineolas, sonraí agus acmhainní digiteacha a chomhdhlúthú;

(c) cead a thabhairt d'oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin uile na hEorpa úsáid a bhaint as na réitigh forbartha úrscothacha agus iarraidh á comhdú acu trí shocrú comhordaithe ENTSO don Leictreachas agus Eintiteas AE do OCDanna;

Déanfaidh ENTSO don Leictreachas agus Eintiteas AE do OCDanna, i ndlúthchomhar leis na hoibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin sin ar mian leo an socrú comhordaithe a bhunú, an méid seo a leanas a tharraingt suas agus a chur in iúl don Choimisiún:

(a) rialachas, rialacha cinnteoireachta agus rialacha rannpháirtíochta na n-oibreoirí córais tarchurtha agus na n-oibreoirí córais dáileacháin, lena n-áirítear iad siúd a thagann isteach ag céim níos déanaí, leithdháileadh ról agus freagrachtaí, bainistiú maoine intleachtúla agus na modhanna chun na réitigh forbartha úrscothacha a rochtain;

(b) bearta teicniúla agus oibríochtúla chun an reachtaíocht ábhartha maidir le fuinneamh, cibearshlándáil agus sonraí a chomhlíonadh, go háirithe Rialachán (AE) 2023/2854, Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(c) bearta sábháilteachta agus cibearshlándála chun a áirithiú go ndéanfar réitigh a fhorbraítear a chomhtháthú go sábháilte laistigh de phróisis agus oibríochtaí inmheánacha na n-oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin;

(d) bearta teicniúla agus oibríochtúla chun oibriú, coinneáil ar bun agus nuashonrú na n-uirlisí digiteacha a eascraíonn as an gcreat um malartú sonraí a áirithiú ar feadh a saolréanna foriomlána i dtreo cur in úsáid agus comhtháthú oibríochtúil san eangach;

(e) creataí coiteanna chun aschuir a thástáil, a thagarmharcáil agus a bhailíochtú.

Tabharfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na heilimintí a chuirtear in iúl de bhun phointí (a) go (e) laistigh de 6 mhí ón lá a fhaightear an fhaisnéis. I gcás ina mbaineann na heilimintí sin le próiseáil sonraí pearsanta, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Tabharfaidh ENTSO don Leictreachas, Eintiteas AE do OCDanna agus na hoibreoirí córais tarchurtha agus na hoibreoirí córais dáileacháin lena mbaineann lánaird ar an tuairim sin agus an socrú comhordaithe á bhunú agus á chur chun feidhme acu. Cuirfidh ENTSO don Leictreachas agus Eintiteas AE do OCDanna an Coimisiún ar an eolas faoin gcaoi ar cuireadh an tuairim sin san áireamh.

Na hoibreoirí córais tarchurtha agus na hoibreoirí córais dáileacháin uile atá i mbun an tsocraithe chomhordaithe, ar ghlacadh gníomhartha cur chun feidhme ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 61(5), pointe (b), comhlíonfaidh siad go hiomlán na

ceanglais theicniúla, oibríochtúla, chibearshlándála agus trédhearcachta a leagtar amach ann. Ní dhéantar difear do chineál deonach na rannpháirtíochta leis an gceanglas sin.

Airteagal 18b

Córais méadraithe chliste

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear córais méadraithe chliste in úsáid ar a gcríocha lena gcumhdófar 50 % ar a laghad de na custaiméirí deiridh uile faoin 31 Nollaig 2030 agus 75 % de na custaiméirí deiridh uile faoin 31 Nollaig 2033. I gcás ina mbeidh leibhéal cur in úsáid Ballstáit faoi bhun 30 % ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, is é an 31 Nollaig 2031 an sprioc-am don sprioc 50 % agus is é an 31 Nollaig 2034 an sprioc-am don sprioc 75 %. Le feidhmiúlachtaí na gcóras méadraithe chliste sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 20 de Threoir (AE) 2019/944.
2. Chun críocha Threoir (AE) 2019/944, aon tagairt do mheasúnú costais agus tairbhe i ndáil le córais méadraithe chliste a chur in úsáid, tuigfear go bhfuil feidhm aici go heisiach maidir le cur in úsáid thar an leibhéal cumhdaigh 75 % dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 18c

Cánachas leictreachais

1. Déanfaidh na Ballstáit glacadh leictreachais mar fhoinse fuinnimh a chur chun cinn trí chreat cánachais tacaíochta a ghlacadh.
2. Cuirfidh na Ballstáit difreálach cánach i bhfeidhm ar na dleachtanna máil a rialaítear faoi Threoir 2003/96/CE ón gComhairle*** idir leictreachas agus gás nádúrtha, ionas go ngearrfar cáin ar leictreachas ag ráta nach airde ná an ráta a chuirtear i bhfeidhm ar ghás nádúrtha, i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar amach i mír 1. Féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, bunaithe ar imthosca náisiúnta sonracha, lena n-áirítear imthosca i bhfianaise staid fhioscach an Bhallstáit, a údarú don Bhallstát sin, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre a chur siar go dtí pointe ama lena mbainfear cothromaíocht amach idir na himthosca náisiúnta sonracha lena mbaineann agus an gá atá le cuspóirí leictriúcháin an Aontais a bhaint amach.
3. Maidir le leictreachas a sholáthraítear do ghnólachtaí dianfhuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 17(1), pointe (a), de Threoir 2003/96/CE, measfar go gcomhlíontar na ceanglais i mír 4 den Airteagal sin leis.

* Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

** Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

***Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj.';

Airteagal 18d

Bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin

1. Chun rochtain a sholáthar do rannpháirtithe margaidh ar na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin de bhun Airteagal 3, pointe (q), i gcás ganntanas san acmhainneacht eangaí atá ar fáil, féadfaidh údaráis rialála bearta a fhormheas chun iarrataí amhantracha ar nascadh leis an eangach a dhíspreagadh, aibíocht leordhóthanach tionscadal a iarrann nascadh leis an eangach a áirithiú agus tosaíocht a thabhairt do chatagóirí úsáideoirí córais amhail an earnáil phoiblí, seirbhísí sóisialta, pobail fuinnimh, teaghlaigh, fiontair bheaga agus mheánmhéide, lárionaid sonraí, tionscail dianfhuinnimh nó rannpháirtithe margaidh san earnáil iompair, mar aon le coinníollacha a shocrú chun tosaíocht a thabhairt d'úsáideoirí laistigh de chatagóir shonrach de réir mar is gá, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Féadfar breithniú a dhéanamh leis na critéir sin ar thionchar na dtionscadal féideartha ar phlódú gréasáin a réiteach, mar aon le tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta.
2. Áiritheoidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála go gcuirfear bearta ábhartha eile i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht eangaí neamhleor, lena n-áirítear úsáid a bhaint as réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha de bhun Airteagal 18a, comhaontuithe nasctha sholúbtha de bhun Airteagal 6a de Threoir (AE) 2019/944, agus pleanáil gréasáin trasearnála le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1788 agus Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944.';

(3) Leasaítear Airteagal 61 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach míreanna 5a agus 5b seo a leanas:

'5a. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 68 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí threoirlínte a leagan amach maidir le struchtúr coiteann agus modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí de bhun Airteagal 18. Sula nglacfar na gníomhartha sin, nó sula ndéanfar aon leasú orthu, eiseoidh ACER, arna iarraidh sin don Choimisiún, moladh dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/942 maidir le struchtúr coiteann agus modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí. Leagfar amach leis na treoirlínte sin na rialacha maidir le struchtúir chomhchuibhithe taraife le haghaidh an leictreachais, lena n-áirítear coinníollacha mionsonraithe faoina bhféadfaidh údaráis rialála córais muirear gréasáin ar leithligh a thabhairt isteach do chatagóirí sonracha úsáideoirí córais dá dtagraítear in Airteagal 18(3) agus rialacha comhchuibhithe maidir leis na ceanglais nós imeachta agus shubstainteacha le haghaidh na gcomhairliúchán poiblí dá dtagraítear in Airteagal 18(6).

Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach, chun críoch Airteagal 18a, táscairí eangaí cliste leictreachais chun glacadh agus feidhmíocht teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réitigh dhigiteacha i

ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a thomhas. Déanfaidh an Coimisiún moladh ACER a eiseofar de bhun Airteagal 18a(2) a bhreithniú, le linn dó gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ullmhú, a leasú nó a ghlacadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(2).'

5b. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach ceanglais mhionsonraithe chun athúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí a chumasú chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail, lena dtacófar le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais de bhun Airteagal 18a. Déanfar an méid seo a leanas leis na ceanglais sin:

(a) samhlacha sonraí teicniúla, formáidí, ointeolaíochtaí, comhéadain agus idir-inoibritheacht sonraí a shonrú agus a thabhairt cothrom le dáta;

(b) coinníollacha a shonrú maidir le hoibríochtaí trédhearcacha agus cuntasacha timpeallachtaí slána próiseála lena gcumasaítear malartú sonraí chun críoch nuálaíochta agus ceanglais maidir le tuarascálacha tréimhsiúla ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú, lena n-áirítear na cásanna úsáide a dtacaítear leo agus aon bhacainn ar chomhroinnt sonraí a shainaithnítear;

(c) ceanglais maidir le dliteanas, cibearshlándáil, maolú riosca agus tuairisciú teagmhas a shonrú, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, go háirithe Rialachán (AE) 2024/1689.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(2). Féadfaidh an Coimisiún sonraí, faisnéis agus doiciméadacht a ghinfear nó a mhalartófar laistigh den socrú comhordaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 18a(5) a iarraidh a mhéid is gá agus is comhréireach chun na gníomhartha cur chun feidhme sin a ullmhú.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [*xxx*] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH - GNÍOMHAIREACHTAÍ

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA 3

1.1. Teideal an togra 3

1.2. Réimse beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóirí 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha 4

1.3.3. Torthaí agus tionchar a bhfuil coinne leo 7

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 8

1.4. Baineann an togra le: 8

1.5. Foras an togra 9

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 9

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. 11

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 11

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 12

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 12

1.6. Fad an togra agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 13

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 13

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 15

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 15

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe 15

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 15

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 15

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 16

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 17
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 18
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 18
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 19
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 19
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 24
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 29
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 29
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 29
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam 33
4. Gnéithe digiteacha 34
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha 34
4.2. Sonraí 36
4.3. Réitigh dhigiteacha 41
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 45
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 47

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA

1.1. Teideal an togra

Togra reachtach maidir le Rialachán (AE) 2019/943 a leasú chun féachaint chuige go mbeidh billí leictreachais san Aontas Eorpach slán i bhfad na haimsire

1.2. Réimse beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Fuinneamh Gníomhaíocht: Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é príomhaidhm an togra dhlíthiúil i réimse na muirear gréasáin an t-aistriú i dtreo dearadh muirear gréasáin agus oibriú gréasáin atá níos fabhraí don chóras a dhéanamh sainordaitheach d'údaráis rialála náisiúnta, agus tacú le cuspóir níos leithne an Aontais an tráth céanna dlús a chur leis an leictriú agus a áirithiú go mbeidh struchtúr costais rialála an tomhaltais leictreachais ailínithe le cuspóirí fuinnimh, aeráide agus iomaíochais an Aontais. D'áireofaí leis sin dreasachtaí níos láidre d'oibreoirí córais chun costéifeachtúlacht a mhéadú agus chun rochtain thráthúil ar an eangach a chumasú, dreasachtaí d'úsáideoirí eangaí chun a n-iompraíocht tomhaltais a oiriúnú, trédhearcacht fheabhsaithe agus oibleagáid ar údaráis rialála táscairí feidhmíochta a shocrú chun éifeachtúlacht in úsáid na heangaí a mhéadú agus éifeachtúlacht córais a mhéadú. Ba cheart do na tograí sin uile cuidiú lena áirithiú go léireofar le muirir ghréasáin na fíorchostais a fhorchuirtear ar an gcóras agus go dtacófar a thuilleadh le húsáid éifeachtúil na heangaí. I gcomhthráth, féachtar leis an togra lena áirithiú, le héifeacht chomhcheangailte muirear gréasáin agus cánachais leictreachais, go dtacaítear leis an leictriú, go rannchuidítear le costais leictreachais a laghdú do thomhaltóirí agus don tionscal, agus go neartaítear iomaíochas gheilleagar an Aontais. Leis an togra dlíthiúil, tugtar isteach bearta tacaíochta spriocdhírithe chun dlús a chur le cur in úsáid méadar cliste, ceanglaítear ar oibreoirí córais sonraí eangaí a mhalartú chun críoch eangaí cliste, agus bunaítear creat deonach ar leibhéal an Aontais le haghaidh athúsáid shlán sonraí leictreachais chun uirlisí digiteacha nuálacha a fhorbairt agus a thástáil ar mhaithe le hoptamú eangaí — arb é is aidhm dóibh uile feabhas a chur ar tháirgiúlacht an bhonneagair eangaí atá ann cheana agus costais fhoriomlána chórais a laghdú. Comhlánaítear na bearta sin le prionsabail spriocdhírithe maidir le cánachas leictreachais, arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach ndíspreagfar leictriú le creataí cánachais agus go ngearrfar cáin níos fabhraí ar leictreachas ná ar bhreoslaí iontaise iomaíocha, go háirithe gás nádúrtha, i gcomhréir le cuspóirí AccelerateEU, an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne agus cuspóirí dícharbónaithe an Aontais. Féachtar leis an togra freisin rannchuidiú le costais deiridh leictreachais a laghdú do thomhaltóirí agus do thionscail dianfhuinnimh trí idirghníomhaíocht níos comhleanúnaí a chumasú idir dearadh muirear gréasáin agus na dreasachtaí atá leabaithe i gcreataí cánachais leictreachais na mBallstát, agus inniúlachtaí na mBallstát faoi Threoir 2003/96/CE ón gComhairle á n-urramú go hiomlán an tráth céanna.

Ar deireadh, soláthraítear soiléiriú leis an togra maidir leis an gceart atá ag údaráis rialála bearta maidir le nascadh leis an eangach i gcás plódú gréasáin a ghlacadh, trí bhearta a ghlacadh agus coinníollacha a shocrú le haghaidh rochtain neamh-idirdhealaitheach, oibiachtúil agus thrédhearcach tríú páirtí, agus breithniú féideartha á dhéanamh ar thionchair na n-iarrataí ar nascadh leis an eangach ar phlódú gréasáin, ar chúinsí eacnamaíocha, sóisialta nó comhshaoil, agus a n-aibíocht agus a ndul chun cinn á gcur san áireamh. Féadfaidh na húdaráis rialála coinníollacha a ghlacadh freisin chun tosaíocht a thabhairt d'earnálacha eacnamaíocha nó do ghrúpa úsáideoirí, mar aon le coinníollacha a leagan síos maidir le caitheamh le húsáideoirí laistigh de na hearnálacha nó den ghrúpa úsáideoirí, agus á áirithiú an tráth céanna go gcuirfear bearta eile lena dtugtar aghaidh ar phlódú eangaí chun feidhme go cuí.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an Meabhrán Míniúcháin.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Leis na cuspóirí sonracha (SOnna) seo a leanas, dírítear ar na cuspóirí sin ar a dtugtar aghaidh le forálacha a bhfuil gá le hacmhainní breise don Choimisiún ina leith (AS ENER agus AS JRC):

SO1: Feabhas a chur ar éifeachtúlacht, slándáil agus solúbthacht oibriú an chórais leictreachais trí oibleagáid dhlíthiúil chuspóirbhunaithe a bhunú d'oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin chun sonraí eangaí a mhalartú ar bhealach comhchuibhithe, lena gcumasófar eangacha cliste leictreachais agus réitigh nuálacha shonraíbhunaithe a fhorbairt, a chur in úsáid agus a úsáid go héifeachtach le haghaidh faireachán, optamú agus comhordú gréasáin.

SO2: Forbairt, tástáil agus cur in úsáid uirlisí digiteacha nuálacha a chumasú le haghaidh oibriú agus optamú eangaí trína cheangal ar oibreoirí eangaí creat deonach ar leibhéal an Aontais a bhunú le haghaidh athúsáid shlán agus rialaithe sonraí eangaí leictreachais chun críoch taighde agus nuálaíochta, lena soláthrófar an deimhneacht dhlíthiúil, an creat agus na ceanglais theicniúla choiteanna. É a chur ar a chumas don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte chun athúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí eangaí leictreachais a chumasú chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail.

SO3: É a chur ar a chumas don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte maidir le modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cuir chuige rialála níos comhleanúnaí ar fud an Aontais.

SO4: É a chur ar a chumas don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le táscairí eangaí cliste agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cuir chuige rialála níos comhleanúnaí ar fud an Aontais.

SO5: Tugtar isteach leis an togra cúram teoranta nua don Choimisiún a bhaineann le hAirteagal 18b maidir le córais méadraithe chliste. Is éard atá i gceist leis an gcúram sin go bunúsach obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme an íoscheanglais cur in úsáid ag na Ballstáit maidir le córais méadraithe chliste agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tsoiléirithe nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag measúnuithe costais agus tairbhe ach amháin thar an íosleibhéal cumhdaigh.

SO6: Soiléirítear leis an togra cearta na n-údarás rialála a bhaineann le bearta maidir le nascadh leis an eangach a ghlacadh i gcás plódaithe, chun a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta um nascadh leis an eangach tráthúil agus éifeachtúil agus chun

tacú leis an leictriú. Níl aon cheanglas ar an gCoimisiún ná ar ACER i ndáil leis sin agus, dá bhrí sin, níl aon tionchar airgeadais ar an gCoimisiún ná ar ACER. Chuige sin, ní dhéantar measúnú breise ar thionchair airgeadais ar institiúidí an Aontais toisc go bhfanann comhlíontacht an chuspóra shonraigh seo go hiomlán faoi chúram na n-údarás rialála náisiúnta.

Tá ceanglais nua don Choimisiún i gceist leis an togra (AS ENER agus AS JRC), atá nasctha le SO1 agus SO2 a bhaint amach:

Ceanglas 1 (nasctha le SO1 agus SO2): Chun tacú leis na hoibreoirí eangaí ina ngníomhaíochtaí malartaithe sonraí, déanfaidh an Coimisiún, ar thaobh amháin, forálacha leormhaithe a fhorbairt maidir le malartú sonraí fuinnimh sna hionstraimí ábhartha amhail, mar shampla, an Cód um Líonra Freagartha don Éileamh (Airteagal 18a(4)), agus, ar an taobh eile, formhaoirseacht ar chur chun feidhme an chreata nua um malartú sonraí eangaí leictreachais chun críoch nuálaíochta, faoina gceanglaítear ar ENTSO don Leictreachas, ar Eintiteas AE do OCDanna, agus ar OCTanna agus OCDanna rannpháirteacha rialachas, rialacha rannpháirtíochta, bearta teicniúla agus oibríochtúla, coimircí cibearshlándála, socruithe bainistithe saolré, agus creataí tástála agus bailíochtaithe an tsocraithe chomhordaithe a bhunú agus a chur in iúl (Airteagal 18a(5)). Ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na gnéithe sin, tuairim a thabhairt laistigh de 3 mhí, agus faireachán a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh an tuairim sin san áireamh. Soláthraíonn JRC tacaíocht theicniúil agus eolaíoch chun an creat slán deonach um malartú sonraí leictreachais a fhorbairt faoi Airteagal 18a(5). Áirítear leis sin treoirlínte a sholáthar maidir le cuir chuige tástála agus bailíochtaithe, agus ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha.

Ceanglas 2 (nasctha le SO2): Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte chun athúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí eangaí leictreachais a chumasú chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail, lena dtacaítear le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais (Airteagal 61(5b)). Áirítear leis sin ullmhúchán teicniúil agus dlíthiúil, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, dréachtú agus obair leantach ar chur chun feidhme. Beidh JRC rannpháirteach in ionchur teicniúil a sholáthar chun na gníomhartha cur chun feidhme sin a ullmhú, lena n-áirítear ionchur maidir le samhlacha sonraí, ointeolaíochtaí, comhéadain, ailtireachtaí idir-inoibritheachta agus sonraíochtaí teicniúla.

Ceanglas 3 (SO3): Cumhachtaítear an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte maidir le modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí de bhun Airteagal 18. Leis an gcúram sin, tacaítear le creat rialála níos comhleanúnaí agus níos comhchuibhithe a fhorbairt ó Bhallstát go chéile.

Ceanglas 4 (SO4): Cumhachtaítear an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le táscairí eangaí cliste de bhun Airteagal 18a. Chun na críche sin, beidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar mholadh ACER maidir le táscairí eangaí cliste, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus comhordú idirsheirbhíse a ullmhú agus a bhainistiú, an gníomh cur chun feidhme a dhréachtú i gcás inarb iomchuí, agus tacú lena ghlacadh agus lena athbhreithniú ina dhiaidh sin. Leis na cúraimí sin, tacaítear le creat rialála níos comhleanúnaí agus níos comhchuibhithe a fhorbairt ó Bhallstát go chéile.

Ceanglas 5 (nasctha le SO5): Is faoi AS ENER amháin a bheadh an cúram leantach gaolmhar agus meastar go bhfanfaidh sé teoranta, ós rud é go gcumhdaítear dul chun cinn maidir le méadrú cliste cheana féin trí chleachtaí faireacháin atá ann cheana.

Dírítear leis na cuspóirí sonracha (SOnna) seo a leanas ar na cuspóirí sin ar a dtugtar aghaidh le forálacha a bhfuil gá le hacmhainní breise do ACER ina leith:

SO6: Glacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a chur chun cinn trí tháscairí eangaí cliste a bhunú agus, ar an gcaoi sin, tacú le digitiú agus nuachóiriú an bhonneagair leictreachais.

SO7: Faireachán ar leibhéal an Aontais a neartú ar fhorbairt agus ar ghlacadh réiteach eangaí cliste agus ar úsáid éifeachtúil bonneagair leictreachais trí thuarascálacha tráthrialta ar dhul chun cinn a fhoilsiú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar fhormhaoirseacht rialála agus ar chinnteoireacht fhianaisebhunaithe.

SO8: An cuspóir a neartú a thuilleadh maidir le héifeachtúlacht in úsáid na heangaí a mhéadú agus éifeachtúlacht córais a mhéadú, trí chúnamh a thabhairt d'údaráis rialála táscairí feidhmíochta a shocrú a mhéid a bhaineann le hoibriú agus forbairt éifeachtúil an ghréasáin.

SO9: An cuspóir a neartú a thuilleadh maidir le héifeachtúlacht in úsáid na heangaí a mhéadú agus éifeachtúlacht córais a mhéadú, trí chomparáidí éifeachtúlachta a dhéanamh idir oibreoirí córais tarchurtha.

S10: Rannchuidiú leis an gcuspóir comhchuibhiú a bhaint amach i modheolaíochtaí socraithe taraifí, trí mholadh a fhorbairt a dhíreofar ar an gCoimisiún maidir le togra le haghaidh modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme maidir leis an topaic.

Tá ceanglais nua do ACER i gceist leis an togra, ceanglais atá nasctha le SO6, SO7, SO8, SO8 agus S10 a bhaint amach:

Ceanglas 6 (nasctha le SO6): Ceanglaítear ar ACER, i ndlúthchomhar le ENTSO don Leictreachas, le hEintiteas AE do OCDanna agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, moladh a eisiúint a dhíreofar ar údaráis rialála maidir le táscairí eangaí cliste chun glacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a thomhas (Airteagal 18a(2)).

Ceanglas 7 (nasctha le SO7): Ceanglaítear ar ACER tuarascáil ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais a fhoilsiú lena ndéanfar measúnú ar fhorbairt agus ar ghlacadh réiteach eangaí cliste agus ar úsáid éifeachtúil bonneagair leictreachais (Airteagal 18a(3)). Foilseofar an tuarascáil sin gach 3 bliana ar a laghad tar éis fhoilsiú mholadh ACER maidir le táscairí eangaí cliste.

Ceanglas 8 (nasctha le SO8): Cuirtear de chúram ar ACER cúnamh a thabhairt d'údaráis rialála táscairí feidhmíochta a chinneadh (Airteagal 18(7)).

Ceanglas 9 (nasctha le SO9): Cuirtear de chúram ar ACER tuarascáil a fhoilsiú ar an gcomparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha agus a gcostais, faoin gcéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin (Airteagal 18(7)).

Ceanglas 10 (nasctha le S10): Cuirtear de chúram ar ACER moladh a eisiúint a dhíreofar ar an gCoimisiún maidir le togra le haghaidh modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí (Airteagal 61(5a)).

1.3.3. Torthaí agus tionchar a bhfuil coinne leo

Cuirfear é ar a gcumas don Choimisiún (AS ENER agus AS JRC) agus do ACER leis na hacmhainní na cúraimí is gá a dhéanamh chun a sainordú a chomhlíonadh faoi reachtaíocht an Aontais de réir na gceanglas faoin togra seo.

Meastar go neartófar leis an togra oibriú costéifeachtúil, slán agus digiteach an chórais leictreachais trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála le haghaidh eangacha cliste leictreachais, malartú sonraí eangaí leictreachais agus córais méadraithe chliste. Tá sé beartaithe leis na hacmhainní atá nasctha leis an togra cur chun feidhme éifeachtach na n-eilimintí nua sin a áirithiú agus tairbhí follasacha a chur ar fáil d'údaráis rialála, d'oibreoirí córais, do rannpháirtithe margaidh agus d'úsáideoirí leictreachais.

An Coimisiún (AS ENER agus JRC)

Ceanglais 1 agus 2: Trí fhreagrachtaí a bhaineann le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le malartú sonraí eangaí leictreachais a chur de chúram ar an gCoimisiún, meastar go soláthrófar creat níos comhleanúnaí uile-Aontais chun réitigh eangaí cliste agus digiteacha a ghlacadh. Leis sin, ba cheart tacú le faireachán níos comhsheasmhaí ar dhul chun cinn ó Bhallstát go chéile, le dea-chleachtais a shainaithint ar bhealach níos fearr, agus le bonn níos láidre le haghaidh dreasachtaí rialála lena spreagtar oibriú agus forbairt éifeachtúil eangaí. Go háirithe, meastar go n-éascófar leis forbairt, tástáil agus scálú réiteach nuálach digiteach agus IS-bhunaithe le haghaidh oibriú agus optamú eangaí agus, ar an gcaoi sin, cuirfear feabhas ar inbhreathnaitheacht eangaí, ar éifeachtúlacht córais agus ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, ar fhreagairt don éileamh agus ar sholúbthacht neamh-iontaise.

Ceanglas 3: É a chur de chúram ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ullmhú agus a ghlacadh maidir le modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí chun tacú le creat níos comhchuibhithe agus níos intuartha le haghaidh cur chun feidhme rialála náisiúnta. Leis sin, ba cheart ilroinnt i gcuir chuige náisiúnta a laghdú, feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis rialála agus d'oibreoirí córais, agus éifeachtacht an athchóirithe níos leithne a neartú maidir le costais chórais a ísliú.

Ceanglas 4: Trína chur de chúram ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ullmhú agus a ghlacadh maidir le táscairí eangaí cliste, meastar go dtacófar le creat níos comhchuibhithe agus níos intuartha le haghaidh cur chun feidhme rialála náisiúnta. Leis sin, ba cheart ilroinnt i gcuir chuige náisiúnta a laghdú, feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis rialála agus d'oibreoirí córais, agus éifeachtacht an athchóirithe níos leithne a neartú maidir le costais chórais a ísliú. Ina theannta sin, meastar le rialacha coiteanna cur chun feidhme maidir le hathúsáid sonraí eangaí, go dtacófar le nuálaíocht shlán agus idir-inoibritheach ar fud an Aontais, rud a rachaidh chun tairbhe d'oibreoirí agus d'úsáideoirí córas leictreachais.

Ceanglas 5: Trína chur de chúram ar an gCoimisiún (AS ENER) obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 18b maidir le córais méadraithe chliste, meastar go dtacófar le cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí an íoscheanglais cur in úsáid maidir le córais méadraithe chliste ó Bhallstát go chéile. Áirítear leis sin faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na mBallstát leis an íosleibhéal cur in úsáid agus leis an soiléiriú a chur i bhfeidhm nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag measúnuithe costais agus tairbhe ach amháin thar an íosleibhéal cumhdaigh sin. Leis sin, ba cheart rannchuidiú le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr, feabhas a chur ar

leathadh amach na gcóras méadraithe chliste, agus tacú le creat níos éifeachtaí agus níos comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíocht tomhaltóirí agus éifeachtúlacht córais, rud a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí, d'oibreoirí córais agus d'údaráis rialála.

ACER

Ceanglas 6: Trí chúram a chur ar ACER moladh a fhorbairt maidir le táscairí eangaí cliste, meastar go gcuirfear cur chuige níos comhleanúnaí chun cinn i leith digitiú agus nuálaíocht i ngreasáin leictreachais ar fud an Aontais a thomhas. Leis sin, ba cheart feabhas a chur ar an bhfaireachán ar dhul chun cinn, tacú le teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réitigh dhigiteacha a chur in úsáid ar bhonn níos leithne, agus rannchuidiú le húsáid níos éifeachtúla agus níos nua-aimseartha a bhaint as bonneagar leictreachais, rud a rachaidh chun tairbhe d'oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin, d'údaráis rialála agus d'úsáideoirí gréasáin.

Ceanglas 7: Trína chur de chúram ar ACER tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le réitigh eangaí cliste a fhorbairt agus a ghlacadh agus maidir le húsáid éifeachtúil a bhaint as bonneagar leictreachais, meastar go neartófar faireachán ar chur in úsáid eangaí cliste agus éifeachtúlacht bonneagair ar leibhéal an Aontais. Leis sin, ba cheart tacú le formhaoirseacht rialála níos eolaí agus rannchuidiú le húsáid níos éifeachtúla agus níos nua-aimseartha a bhaint as bonneagar leictreachais, rud a rachaidh chun tairbhe d'oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin, d'údaráis rialála agus d'úsáideoirí gréasáin.

Ceanglas 8: Trína chur de chúram ar ACER cúnamh a thabhairt d'údaráis rialála táscairí feidhmíochta a chinneadh, meastar go gcuirfear feabhas ar thrédhearcacht, comhsheasmhacht agus bonn fianaise na formhaoirseachta rialála ar fud an Aontais. Leis sin, ba cheart tacú le cinntí rialála níos eolaí agus dreasachtaí a neartú le haghaidh oibriú agus infheistíocht éifeachtúil gréasáin, rud a rachaidh chun tairbhe d'údaráis rialála, d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí leictreachais.

Ceanglas 9: Trína chur de chúram ar ACER comparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha agus a gcostais a dhéanamh agus a fhoilsiú, meastar go gcuideofar le dea-chleachtais agus neamhéifeachtúlachtaí a shainaithint ar fud na n-oibreoirí córais tarchurtha. Leis sin, ba cheart tagarmharcáil ar fud an Aontais a neartú agus tacú le hoibriú gréasáin agus cinntí infheistíochta níos éifeachtúla, rud a rachaidh chun tairbhe d'údaráis rialála, d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí leictreachais.

Ceanglas 10: Trína chur de chúram ar ACER moladh a eisiúint don Choimisiún maidir le togra le haghaidh modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí, meastar go dtacófar le comhsheasmhacht agus intuarthacht níos fearr i gcuir chuige socraithe taraifí ó Bhallstát go chéile. Leis sin, ba cheart rannchuidiú le creat rialála níos comhchuibhithe, ilroinnt sa chur chuige náisiúnta a laghdú, agus tacú le bonn níos soiléire agus níos comhleanúnaí le haghaidh dearadh taraifí gréasáin, rud a rachaidh chun tairbhe d'údaráis rialála, d'oibreoirí córais agus do rannpháirtithe margaidh.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Féach an Meabhrán Míniúcháin a mhéid a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an tionscnamh.

1.4. Baineann an togra le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[1]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

An Coimisiún (AS ENER agus AS JRC)

Ceanglas 1: Cuirtear de chúram ar AS ENER formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata um malartú sonraí eangaí leictreachais chun críoch nuálaíochta, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán cur chun feidhme le ACER, ENTSO don Leictreachas, Eintiteas AE do OCDanna, OCTanna, OCDanna, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus comhleanúnachas le creat níos leithne an Aontais a áirithiú (Airteagal 18a(5)). Ina theannta sin, na heilimintí a chuireann ENTSO don Leictreachas, Eintiteas AE do OCDanna agus OCTanna agus OCDanna rannpháirteacha in iúl maidir le rialachas, rialacha rannpháirtíochta, bearta teicniúla agus oibríochtúla, coimircí cibearshlándála, socruithe saolré agus creataí tástála, ceanglaítear ar an gCoimisiún na heilimintí sin a fháil, measúnú a dhéanamh orthu agus obair leantach a dhéanamh orthu, tuairim ón gCoimisiún a thabhairt laistigh de 3 mhí, agus faireachán a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh an tuairim sin san áireamh. Le hacmhainní tiomnaithe, thacófaí go háirithe le comhordú foriomlán an phróisis cur chun feidhme le ACER, ENTSO don Leictreachas, Eintiteas AE do OCDanna, oibreoirí córais, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile; le hullmhú na tuairime ón gCoimisiún faoi Airteagal 18a(5); le hobair leantach beartais agus dhlíthiúil, lena n-áirítear obair leantach maidir le moltaí ACER agus rialachas sonraí, cibearshlándáil, IS agus saincheisteanna a bhaineann leis an mbonneagar criticiúil; agus le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, faireachán agus tabhairt cothrom le dáta féideartha amach anseo ar an gcreat cur chun feidhme.

Soláthraíonn JRC comhairle theicniúil agus eolaíoch chun an creat slán deonach um malartú sonraí leictreachais a fhorbairt faoi Airteagal 18a(5). Áirítear leis sin treoirlínte a sholáthar maidir le cuir chuige tástála agus bailíochtaithe, agus ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh JRC rannchuidiú le cásanna úsáide tráthúla atá ábhartha ó thaobh beartais de a cheapadh, ar cásanna iad a bhaineann le pleanáil, oibriú agus optamú eangaí leictreachais. Sholáthródh JRC ionchur teicniúil freisin le haghaidh na ngníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 61.5b, lena dtacófaí leis an measúnú teicniúil ar an gcreat slán deonach um malartú sonraí eangaí leictreachais faoi Airteagal 18a(5).

Ceanglas 2: Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte chun athúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí eangaí leictreachais a chumasú chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail, lena dtacaítear le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais de bhun Airteagal 18a (Airteagal 61(5b)). Áirítear leis sin ullmhúchán teicniúil agus dlíthiúil, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, dréachtú agus obair leantach ar chur chun feidhme. Chun an cúram sin a dhéanamh, tá gá le comhiarracht ó AS ENER agus ó JRC, agus ionchur teicniúil á sholáthar ag JRC chun na gníomhartha cur chun

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

feidhme sin a ullmhú, lena n-áirítear ionchur maidir le samhlacha sonraí, ointeolaíochtaí, comhéadain, ailtireachtaí idir-inoibritheachta agus sonraíochtaí teicniúla. Chumhdófaí leis na hacmhainní sin go háirithe glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 61.5a agus 5b a ullmhú, a dhréachtú agus a stiúradh, lena n-áirítear comhairliúchán idirsheirbhíse agus comhairliúchán leis na Ballstáit faoin nós imeachta coiste ábhartha.

Ceanglas 3: Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte maidir le modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí de bhun Airteagal 18 (Airteagal 61(5a)). Chun an cúram sin a dhéanamh, tá gá le hacmhainneacht anailíseach, rialála agus chomhordúcháin laistigh de AS ENER. Chumhdófaí go háirithe leis na hacmhainní sin a bhfuil gá leo obair leantach beartais agus dhlíthiúil.

Ceanglas 4: Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le táscairí eangaí cliste de bhun Airteagal 18a (Airteagal 61(5a)). Chun an cúram sin a dhéanamh, tá gá le hacmhainneacht anailíseach, rialála agus chomhordúcháin laistigh de AS ENER. Chumhdófaí go háirithe leis na hacmhainní sin a bhfuil gá leo obair leantach beartais agus dhlíthiúil.

Ceanglas 5: Ní mheastar go bhfuil gá le hacmhainní daonna ar leithligh le haghaidh AS ENER i ndáil le hAirteagal 18b, ós rud é go gcumhdaítear dul chun cinn maidir le méadrú cliste a chur in úsáid cheana féin trí chleachtaí faireacháin atá ann cheana.

ACER

Ceanglas 6: Ceanglaítear ar ACER, i ndlúthchomhar le hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin agus le páirtithe leasmhara ábhartha, moladh a eisiúint a dhíreofar ar údaráis rialála maidir le táscairí eangaí cliste chun glacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a thomhas (Airteagal 18a(2)). Tá an moladh sin le heisiúint laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus is cúram aonuaire é.

Ceanglas 7: Ceanglaítear ar ACER tuarascáil ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais a fhoilsiú lena ndéanfar measúnú ar fhorbairt agus ar ghlacadh réiteach eangaí cliste agus ar úsáid éifeachtúil bonneagair leictreachais (Airteagal 18a(3)). Tá an tuarascáil sin le foilsiú gach 3 bliana ar a laghad tar éis do ACER a mholadh maidir le táscairí eangaí cliste a fhoilsiú agus is cúram athfhillteach é.

Maidir le Ceanglais 6 agus 7 le chéile tá gá ag ACER, dá bhrí sin, le foireann bhreise chun an obair shaineolach a stiúradh agus a dhéanamh, lena n-áirítear moladh tosaigh agus faireachán tráthrialta ar OCTanna agus OCDanna araon, mar aon le cúnamh a thabhairt maidir le bailiú sonraí agus cúraimí cléireachais eile a bhaineann go dlúth leis an ngníomhaíocht sin.

Ceanglas 8: Cuirtear de chúram ar ACER cúnamh a thabhairt d’údaráis rialála táscairí feidhmíochta a chinneadh (Airteagal 18(7)).

Ceanglas 9: Cuirtear de chúram ar ACER tuarascáil a fhoilsiú lena ndéanfar comparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha agus a gcostais, faoin gcéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin (Airteagal 18(7)).

Ceanglas 10: Cuirtear de chúram ar ACER moladh a eisiúint a dhíreofar ar an gCoimisiún maidir le togra le haghaidh modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí (Airteagal 61(5a)).

Maidir le Ceanglais 8, 9 agus 10, tá gá ag ACER le hacmhainní foirne breise le haghaidh tacaíocht chothrománach agus forchostais, mar aon le buiséad oibríochtúil le haghaidh sainchomhairleoireacht speisialaithe agus forbairtí speisialaithe.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Tá creat ar leibhéal an Aontais le haghaidh costais fuinnimh, lena n-áirítear muirir ghréasáin, níos éifeachtaí ná bearta náisiúnta ar leithligh toisc go seachnaítear ilroinnt leis. Ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonar na hathchóirithe is gá a bhaint amach laistigh de theorainneacha chreat an Aontais atá ann cheana faoin Rialachán Leictreachais. Le creat coiteann dlíthiúil agus beartais, is féidir gníomhaíocht níos uaillmhianaí agus níos costéifeachtaí a dhéanamh freisin.

Bunaítear leis an togra cur chuige comhleanúnach de chuid an Aontais i leith réitigh neamhshreinge, chliste agus dhigiteacha ar fud na gcóras leictreachais, lena n-áirítear cur in úsáid íosta méadraithe chliste, rannpháirtíocht níos láidre tomhaltóirí, táscairí eangaí cliste faoi stiúir ACER, agus malartú idir-inoibritheach sonraí eangaí.

Tá na bearta atá beartaithe comhréireach toisc nach dtugtar isteach leo ach na bearta is gá chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht eangaí, trédhearcacht agus dreasachtaí leictriúcháin, gan samhail theicneolaíoch aonfhoirmeach ná ualach riaracháin iomarcach a fhorchur. Ós rud é, leis an tionscnamh, go gcuirtear forálacha le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus go ndéantar iad a choigeartú den chuid is mó, is é gníomh leasaitheach an ionstraim dlí iomchuí.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Is léir ón taithí a fuarthas ó chur chun feidhme chreat an mhargaidh leictreachais atá ann cheana go bhfuil gá le cur chuige atá níos dírithe ar an gcóras agus níos éifeachtúla i leith oibriú agus úsáid na ngréasán leictreachais chun an leictriú a mhéadú, foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid go mear agus digitiú méadaitheach a dhéanamh ar an gcóras leictreachais. Níor soláthraíodh leis na creataí rialála atá ann cheana dreasachtaí sách láidir i gcónaí le haghaidh úsáid éifeachtúil eangaí, solúbthacht, rochtain thráthúil ar an eangach ná cur in úsáid réiteach cliste agus digiteach.

Leis na tionscnaimh bheartais a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha agus AccelerateEU, cuireadh i dtábhacht freisin an gá atá le cur chuige níos comhleanúnaí i leith na gcomhpháirteanna rialála lena rannchuidítear le costais leictreachais, lena n-áirítear muirir ghréasáin agus cánachas, chun tacú le cuspóirí leictrithe, inacmhainneachta agus iomaíochais.

Thairis sin, is léir ón taithí a fuarthas roimhe seo ó chur chun feidhme reachtaíocht mhargadh leictreachais an Aontais go bhfuil gá le hacmhainneacht leormhaith theicniúil, rialála agus faireacháin ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear acmhainneacht laistigh de ACER agus den Choimisiún, mar gheall ar chreataí rialála atá ag éirí níos teicniúla agus níos déine ar shonraí.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an togra ailínithe leis na cuspóirí a mhionsonraítear in AccelerateEU agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

Tá cuspóirí an togra maidir le tomhaltóirí a chosaint, feabhas a chur ar iomaíochas thionscal an Aontais agus borradh a chur faoi fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus infheistíocht ísealcharbóin go hiomlán comhsheasmhach freisin le creat an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, agus tá siad comhleanúnach agus comhlántach leis na tionscnaimh atá ann faoi láthair. Freagraítear leis do na saincheisteanna a sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Fhuinneamh Inacmhainne i mí Feabhra 2025, is é sin, go gcuirtear iomaíochas chuideachtaí na hEorpa i mbaol le costais arda fuinnimh agus gur ualach mór iad ar thomhaltóirí. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh ról tábhachtach ag úsáid éifeachtúil an chórais fuinnimh, agus struchtúr iomchuí cánacha mar thaca leis, chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí leictreachais tairbhiú de chostais fuinnimh atá níos intuartha agus níos ísle.

Tá an tionscnamh atá beartaithe nasctha go láidir agus comhlántach leis na tograí reachtacha a tugadh chun cinn sa Phacáiste um na hEangacha, ar príomhsprioc insoláthartha é faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, ar cuid de Chlár Oibre 2025 an Choimisiúin é.

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua 2028-2034, cuirtear i dtábhacht 'a ríthábhachtaí atá fíor-Aontas Fuinnimh agus gréasáin bonneagair de chuid an Aontais a bheith dea-chomhtháite', rud a léirítear i mbuiséad atá méadaithe go substaintiúil agus atá beartaithe don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) don Fhuinneamh.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Tá gá leis na FTEnna le haghaidh cúraimí breise a dhéanfaidh ACER agus ní thiocfaidh laghdú ar na cúraimí atá ann cheana amach anseo.

A mhéid is féidir ó thaobh an dlí de, maoineofar FTEnna breise a iarrtar le haghaidh ACER ó imchlúdach cláir ábhartha faoin gceannteideal CAI céanna, faoi réir an chomhaontaithe maidir le CAI 2028-2034.

1.6. Fad an togra agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

☐ comhlachtaí dlí poiblí

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

N/B

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

De réir rialáil airgeadais ACER, is gá do ACER Clár Oibre bliantúil a sholáthar i gcomhthéacs a Dhoiciméid Chlársceidealaithe, lena n-áirítear sonraí maidir le hacmhainní, idir acmhainní daoine agus acmhainní airgeadais, de réir gach gníomhaíocht a dhéantar.

Tugann ACER tuairisc mhíosúil d'Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh faoi chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear gealltanais, agus íocaíochtaí de réir teideal buiséid, agus na rátaí folúntas de réir na gcineálacha foirne.

Ina theannta sin, déantar ionadaíocht ar AS ENER go díreach i gcomhlachtaí rialachais ACER. Trí ionadaithe AS ENER ar an mBord Riaracháin, ag gach cruinniú de i gcaitheamh na bliana, cuirfear AS ENER ar an eolas faoi úsáid an bhuiséid agus faoin bplean bunaíochta.

Ina cheann sin uile, agus i gcomhréir leis na rialacha airgeadais, mar an gcéanna, tá ACER faoi réir ceanglais bhliantúla maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí agus úsáid acmhainní tríd an mBord Riaracháin agus trína Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí.

Na cúraimí a chuirfidh AS ENER chun feidhme go díreach, i gcás inarb iomchuí le tacaíocht ón Airmheán Comhpháirteach Taighde, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, mar a chuirtear chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú tríd an Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí ó AS ENER agus ó JRC.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Maidir le ceanglais a thagann faoi raon feidhme an Choimisiúin, is é AS ENER go príomha a dhéanfaidh na cúraimí sin, agus tacaíocht eolaíoch agus theicniúil ann ó JRC. Faoi réir riachtanais cur chun feidhme, féadfar roinnt gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh trí sholáthar poiblí, lena n-áirítear staidéir shaineolacha, tacaíocht theicniúil, ceardlanna, fréamhshamhaltú nó cleachtaí bailíochtaithe. I gcásanna den sórt sin, chuirfí soláthar chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais. Leanfaí rialuithe caighdeánacha dlíthiúla, airgeadais agus oibríochtúla *ex ante* agus *ex post* an Choimisiúin leis an straitéis rialaithe le haghaidh na gcaiteachas sin.

Maidir le ceanglais a thagann faoi raon feidhme ACER, is í an Ghníomhaireacht is fearr atá in ann na cúraimí a dhéanamh a bhaineann le moltaí agus tuarascálacha ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais maidir le táscairí eangaí cliste a ullmhú. Cé go mbeidh ar ACER saineolas nua a fhorbairt, tá sé níos costéifeachtaí, mar sin féin, na cúraimí nua faoin togra seo a leithdháileadh ar ghníomhaireacht atá ann cheana agus atá ag obair cheana féin ar chúraimí comhchosúla.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh

D’fhéadfadh na gnéithe atá á mbainistiú go díreach ag an Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh a bheith faoi réir na ngnáthrioscaí a dhéanann difear do nósanna imeachta soláthair phoiblí. Meastar go bhfuil na rioscaí sin ar leibhéal íseal a mhéid a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Tá rialuithe iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm ar an leibhéal corparáideach agus ar leibhéal na hArd-Stiúrthóireachta. Maidir le feidhmíocht, an príomhriosca atá ann, sin é meastacháin mhíchearta a mhéid a bhaineann leis an ualach oibre a chruthaítear leis an togra seo, i bhfianaise go dtugtar cúraimí nua isteach leis. Is gá glacadh leis an riosca sin, ós rud é, mar is léir ón taithí a fuarthas, mura n-áirítear riachtanais bhreise acmhainní sa togra tosaigh, tá sé an-deacair an scéal seo a réiteach níos déanaí.

AS JRC

Mar chuid den phróiseas measúnaithe riosca dá ghníomhaíochtaí eolaíocha, sainaithníonn an tAirmheán Comhpháirteach Taighde rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann, déanann sé meastóireacht ar a leibhéal agus beartaíonn sé gníomhaíochtaí maolaithe lena bhfuil gá agus sainaithníonn sé rialuithe atá ann cheana. Tagraíonn an príomhriosca a sainaithníodh do a) an meastachán ar an ualach oibre gaolmhar le haghaidh na gcúraimí nua atá bainteach leis an togra seo (d’fhéadfadh an t-ualach oibre le haghaidh cuid de na cúraimí a bheith gannmheasta); b) cainníocht nó cáilíocht neamhleor na sonraí chun tacú leis na cúraimí nua éagsúla. I gcás a) inar gá glacadh leis an riosca; déantar pleanáil foirne go cúramach le linn thréimhse iomlán na ngníomhaíochtaí mar chuid de na bearta maolaithe chun saineolas iomchuí a áirithiú. I gcás b) ar na gníomhaíochtaí, áirítear rannpháirtíocht luath i ndearadh agus i gceapadh na bpróiseas bailithe sonraí, chomh maith leis na bacainní a d’fhéadfadh a bheith laistigh de gach cúram nach mór gníomhaíochtaí atá dian ar shonraí a dhéanamh ina leith, a shainaithint go luath, ar bacainní iad ar rochtain a fháil ar na sonraí ina bhfuil leas, agus cumarsáid a dhéanamh go luath leis an Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun an tsaincheist maidir le hinfhaighteacht sonraí a tharraingt anuas.

ACER

A mhéid a bhaineann le cúraimí nua do ACER, áirítear roinnt cúraimí nua sa togra lena maolaítear an riosca sin, ós rud é go bhféadfadh an t-ualach oibre a bhaineann le roinnt cúraimí a bheidh ann amach anseo a bheith gannmheasta, d’fhéadfadh cúraimí eile a bheith rómheasta, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí ath-imlonnú a dhéanamh amach anseo.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

AS ENER agus AS JRC

Cuirfear na cúraimí a shanntar don Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh chun feidhme de réir an chórais rialaithe atá ann cheana agus meastar go bhfanfaidh an cóimheas maidir le costas an rialaithe cobhsaí (5 % go 6 % de na cistí a bhainistítear, ar bhonn cleachtaí a rinneadh le déanaí).

ACER

Ní mheastar go nginfear rialuithe sonracha breise ar leibhéal na Gníomhaireachta trí chúraimí breise a leithdháileadh ar an sainordú atá ag ACER faoi láthair, dá bhrí sin,

ní thiocfaidh athrú ar chóimheas na gcostas rialaithe i leith luach na gcistí a bhainistítear i gcás ACER.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh

Ghlac an Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh Straitéis Frithchalaoise athbhreithnithe in 2020 agus, in 2023, plean gníomhaíochta athbhreithnithe lena gcumhdaítear na blianta 2023-2025. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh faoi láthair ar a Straitéis Frithchalaoise do na blianta 2026-2028, i gcomhréir le modheolaíocht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF). Tá Straitéis Frithchalaoise na hArd-Stiúrthóireachta bunaithe ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin maidir le Fuinneamh agus measúnú riosca sonrach arna dhéanamh go hinmheánach chun na réimsí is leochailí i leith na calaoise a shainaithint, mar aon leis na rialuithe atá i bhfeidhm cheana féin agus na gníomhaíochtaí is gá chun feabhas a chur ar chumas na hArd-Stiúrthóireachta um Fhuinneamh calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

AS JRC

Glacadh Straitéis Frithchalaoise an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, mar aon leis an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann léi, in 2020 agus modhnaíodh í in 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean le haghaidh na tréimhse 2025-2027 agus é a thabhairt cothrom le dáta. Tá trí ghníomhaíocht nua sa phlean a tugadh cothrom le dáta: feachtas múscailte feasachta a dhíríonn ar shaincheisteanna eitice an Choimisiúin agus ar bhearta frithchalaoise, ina bhfuil samplaí ábhartha atá saincheaptha d'fhoireann eolaíoch an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, ar feachtas é a seoladh sa chéad leath de 2025; clár oiliúna leathnaithe ina mbeidh seisiúin théamacha ar thopaicí amhail coinbhleacht leasa, údarthacht, úsáid IS, sceithireacht agus bealaí tuairiscithe, i measc nithe eile; leathanaigh Comhphointe nuashonraithe atá tiomnaithe do shaincheisteanna eitice agus do bhearta frithchalaoise. Comhlánaíonn na gníomhaíochtaí nua sin na hiarrachtaí atá ar siúl faoi láthair ó Phlean Gníomhaíochta 2021-2024 agus rannpháirtíocht an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde i bPlean Gníomhaíochta Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin. Is mór ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde a chomhar le OLAF, leis an bhfoireann rialaithe inmheánaigh, agus le páirtithe leasmhara eile inár n-iarrachtaí comhchoiteanna chun an chalaois a chomhrac.

ACER

Cuireann ACER prionsabail frithchalaoise Ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais i bhfeidhm, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin agus leis na Treoirlínte ó OLAF in 2024 le haghaidh gníomhaireachtaí agus Comhghnóthais dhíláraithe. I mí na Nollag 2024, ghlac an Ghníomhaireacht Straitéis Frithchalaoise nua, lena n-aisghairtear Cinneadh 15/2021 ó Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta. Tá an straitéis nua, a chuimsíonn an tréimhse 2025-2027, bunaithe ar na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas: na bearta coiscthe calaoise atá ann cheana a bharrfheabhsú, tráthúlacht agus cruinneas na gcóras braite atá ann cheana a fheabhsú, prótacail imscrúdaithe a neartú, agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bharrfheabhsú ar mhaithe le gnóthuithe tapa.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN[1].	ó thíortha de chuid CSTE[2]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[3]	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
1	02.10.03 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)	Difreáilte	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA	NÍ hEA

1 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

2 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

3 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil		Uimhir	1					
Ard-Stiúrthóireacht: an tAirmheán Comhpháirteach Taighde			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí								
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					**0,000**	
	Íocaíochtaí	(2a)					**0,000**	
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					**0,000**	
	Íocaíochtaí	(2b)					**0,000**	
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach								
Líne bhuiséid 01 01 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fís Eorpach		(3)				**0,255**	**0,255**	**1,782**
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS JRC	Gealltanais	=1a+1b+3	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,255**	**0,255**	**1,782**
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,255**	**0,255**	**1,782**

Na leithreasuithe a shainaithnítear mar leithreasuithe is gá faoi líne thacaíochta Fís Eorpach (Taighde Díreach), ath-imlonnófar iad ó imchlúdach an chláir a leithdháiltear ar JRC agus ní iarraidh bhreise iad ar leibhéal reatha na leithreasuithe a iarradh i gcomhthéacs Dhréachtbhuiséad 2027.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

ACER	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**

Líne bhuiséid: 02.10.03/Ranníocaíocht Bhuiséad an Aontais leis an ngníomhaireacht				0,391	**0,391**	**10,039[1]**

Déanfar na leithreasuithe / an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an ngníomhaireacht a chúiteamh trí imchlúdach an chláir Saoráid um Chónascadh na hEorpa - Fuinneamh / na líne buiséid seo a leanas a laghdú: 02.03.01/sa bhliain: 2027

Is méid táscach é méid na leithreasuithe atá le leithdháileadh ar an ngníomhaireacht sa chéad CAI eile agus tá sé faoi réir an chomhaontaithe maidir le CAI. Ba cheart é a chomhtháthú i bhfóirdheontas na Gníomhaireachta mar gheall ar chineál buan na gcúraimí a leithdháiltear leis an togra seo agus cúiteofar é, más ábhartha, le laghdú coibhéiseach ar imchlúdach cláir ábhartha faoin gceannteideal céanna de CAI. Má tá gá le laghdú cúiteach, d'fhéadfadh sé gur ghá na hacmhainní a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht a athbhreithniú freisin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil.

			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (lena n-áirítear ranníocaíocht leis an ngníomhaireacht dhíláraithe)	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,391	**0,391**	**10,039**
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,391	**0,391**	**10,039**
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,255	**0,255**	**1,782**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1	Gealltanais	=4+6	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,645**	**0,645**	**11,821**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	=5+6	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,645**	**0,645**	**11,821**

			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,391	**0,391**	**10,039**
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,391	**0,391**	**10,039**

[1] Cuirtear san áireamh leis an bhfigiúr sin an t-innéacsú bliantúil carntha 2 %.

• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	0,000	0,000	0,000	0,255	**0,255**	**1,782**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 6	Gealltanais	=4+6	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,645**	**0,391**	**11,821**
den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Íocaíochtaí	=5+6	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,645**	**0,391**	**11,821**

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	**7**	‘Caiteachas riaracháin’

Ard-Stiúrthóireacht: ENER			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
• Acmhainní daonna			0,000	0,000	0,000	0,404	**0,404**	**2,828**
• Caiteachas riaracháin eile			0,000	0,000	0,000	0,018	**0,018**	**0,126**
IOMLÁN NA hARD-STIÚRTHÓIREACTHTA UM FHUINNEAMH			**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,422**	**0,422**	**2,954**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		(Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí)	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,422**	**0,422**	**2,954**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7	Gealltanais	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,067**	**1,067**	**14,775**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,067**	**1,067**	**14,775**

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain **2024**		Bliain **2025**		Bliain **2026**		Bliain **2027**		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
⇩	Cineál [2]	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[3]…																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

[2] Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[3] Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**	**IOMLÁN CAI 2028-2034**
CEANNTEIDEAL 7						
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,404	**0,404**	2,828
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,018	**0,018**	0,126
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,422**	**0,422**	**2,954**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7						
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,255	**0,255**	1,782
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,255**	**0,255**	**1,782**
IOMLÁN	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,677**	**0,677**	**4,736**

In 2027, cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus cinnfear iad ina diaidh sin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Tar éis 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)						
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		0	0	0	1	1
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)		0	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)		0	0	0	0,5	0,5
Línte buiséid eile (sonraigh)		0	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)						
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		0	0	0	2	2
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa cheanncheathrú	0	0	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)		0	0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	1,5	1,5
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7		0	0	0	0	0
IOMLÁN		**0**	**0**	**0**	**5**	**5**

	Baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	**Baill foirne bhreise***		
		Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 / Taighde	**Le maoiniú ó líne BA**	**Le maoiniú ó tháillí**
Poist sa phlean bunaíochta	1 AS ENER 0.5 AD AS JRC		Ní bhaineann le hábhar	
Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT)	2 Leithreasú faoi chomhair Gealltanas - Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh 1.5 CA AS JRC			

Is chun críoch léiriúcháin amháin a chuirtear isteach an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar sholáthar foirne do 2028 agus ina dhiaidh sin, agus níl sé ina réamhbhreith ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá foinse maoinithe agus raon feidhme ghealltanas airgeadais an Aontais sa tréimhse tar éis 2027 fós faoi réir thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le CAI 2028-2034 agus cinnfear iad ina diaidh sin tríd an nós imeachta buiséadach bliantúil. Is leithreasuithe táscacha iad na leithreasuithe agus na leithdháiltí foirne uile ó 2028 ar aghaidh.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le muirir ghréasáin, táscairí eangaí cliste, malartú sonraí eangaí leictreachais agus athúsáid sonraí eangaí leictreachais chun críoch taighde agus nuálaíochta, tugtar isteach tacar cúraimí nua don Choimisiún, a bhfuil gá le hacmhainní ina leith chun cur chun feidhme éifeachtach tráthúil a áirithiú. Is de chineál trasearnálach iad na cúraimí sin, lena gcomhcheanglaítear rialáil fuinnimh, beartas digiteach, rialachas sonraí, cibearshlándáil agus tacaíocht nuálaíochta, agus tá gá le hidirghníomhaíocht leanúnach ina leith le raon leathan gníomhaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh Is gá **1 FTE oifigeach buan (AD)** a leithdháileadh laistigh de AS ENER chun rialachas fadtéarmach, comhordú agus formhaoirseacht rialála an chreata nua arna bhunú faoi Airteagal 18a a áirithiú. Áirítear leis sin cur chun feidhme an chreata um malartú sonraí eangaí leictreachais a stiúradh, comhleanúnachas a áirithiú le creat dlíthiúil níos leithne an Aontais (lena n-áirítear an Gníomh um Shonraí, an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an reachtaíocht chibearshlándála), comhordú a dhéanamh le ACER, ENTSO-E, Eintiteas AE do OCDanna agus na Ballstáit, agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an obair leantach ar an tuairim ón gCoimisiún maidir leis an socrú comhordaithe. Bhainfeadh na hacmhainní sin le Ceanglas 1 agus chumhdóidís go háirithe: Stiúradh próisis agus comhordú rialála - Comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán cur chun feidhme le ACER, ENTSO don Leictreachas, Eintiteas AE do OCDanna, OCTanna, OCDanna, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. - Bainistiú a dhéanamh ar ullmhú tuairime ón gCoimisiún maidir leis an socrú comhordaithe a chuirtear in iúl faoi Airteagal 18a(5), lena n-áirítear measúnú ar ghnéithe rialachais, rannpháirtíochta, teicniúla, oibríochtúla, trédhearcachta agus cibearshlándála. - Comhleanúnachas an tionscnaimh le creat níos leithne an Aontais maidir le margaí leictreachais, digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí, IS agus beartas tionsclaíoch a áirithiú. Obair leantach beartais agus dlí - Measúnú a dhéanamh ar impleachtaí rialála mholtaí ACER agus ar thuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le táscairí eangaí cliste. - Obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata dheonaigh um malartú sonraí eangaí leictreachais, lena n-áirítear an chaoi a gcuirtear tuairim an Choimisiúin san áireamh. - Comhordú a dhéanamh le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, go háirithe comhordú maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialachas sonraí,

	cibearshlándáil, IS agus bonneagar criticiúil. Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus faireachán - Cruinnithe, ceardlanna saineolaithe agus comhairliúcháin spriocdhírithe le OCTanna, OCDanna, ENTSO-E, Eintiteas AE do OCDanna, ACER, an tionscal, gníomhaithe taighde agus páirtithe leasmhara eile a eagrú agus obair leantach a dhéanamh orthu. - Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an chur chun feidhme agus tacú leis an gcreat cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta amach anseo i gcás inar gá. Is cúraimí struchtúracha agus fadtéarmacha iad na cúraimí sin, toisc go mbaineann siad le faireachán, éabhlóid agus rialachas leanúnach dhigitiú na ngréasán leictreachais ar leibhéal an Aontais. Téitear thar raon feidhme ghníomhaíochtaí AS ENER atá ann faoi láthair leo, nach n-áirítear leo formhaoirseacht oibríochtúil ar chreat ar leibhéal an Aontais um malartú sonraí eangaí agus nuálaíocht. D'áireofaí leis sin freisin obair leantach theoranta ar chur chun feidhme a bhaineann le hAirteagal 18b maidir le córais méadraithe chliste. AS JRC Rinne AS JRC measúnú mionsonraithe ar an tacaíocht theicniúil agus eolaíoch is gá chun an togra a chur chun feidhme agus rinne sé athbhreithniú ar an bhféidearthacht ath-imlonnú inmheánach a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil roinnt sineirgí ann le gníomhaíochtaí leanúnacha i réimsí dhigitiú an chórais fuinnimh agus na cibearshlándála, chun na gníomhaíochtaí breise sin a chur chun feidhme, beidh gá le hiarracht **0.5 FTE AD — a ath-imlonnófar óna acmhainní inmheánacha** — a bheidh tiomnaithe don tacaíocht chun gníomhartha cur chun feidhme a fhorbairt. Áirítear leis sin ionchur teicniúil a sholáthar chun gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú faoi Airteagal 61.5b, lena n-áirítear ionchur maidir le samhlacha sonraí, ointeolaíochtaí, comhéadain, ailtireachtaí idir-inoibritheachta agus sonraíochtaí teicniúla.
Pearsanra seachtrach	Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh (AS ENER) Tá gá le **2 FTE le haghaidh baill foirne shealadacha ar conradh (CA)** chun tacú le hullmhú, dréachtú agus glacadh **gníomhartha cur chun feidhme** faoi Airteagal 61 (modheolaíocht taraifí agus táscairí eangaí cliste agus athúsáid sonraí) a bhaineann leis na ceanglais seo a leanas: - Ceanglas 2: Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte chun athúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí eangaí leictreachais a chumasú chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail, lena dtacaítear le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais de bhun Airteagal 18a (Airteagal 61(5b)). Áirítear leis sin ullmhúchán teicniúil agus dlíthiúil, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, dréachtú agus obair leantach ar chur chun feidhme. Meastar go mbeidh gá le 0,5 FTE ó AS ENER chun an cúram sin a dhéanamh. Chumhdófaí leis na

	hacmhainní sin go háirithe glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 61.5a agus 5b a ullmhú, a dhréachtú agus a stiúradh, lena n-áirítear comhairliúchán idirsheirbhíse agus comhairliúchán leis na Ballstáit faoin nós imeachta coiste ábhartha. - Ceanglas 3: Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte maidir le modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí de bhun Airteagal 18 (Airteagal 61(5a)). Chun an cúram sin a dhéanamh, tá gá le hacmhainneacht anailíseach, rialála agus chomhordúcháin bhreise laistigh de AS ENER, lena n-áirítear 1 FTE measta chun gníomh cur chun feidhme a ullmhú. Chumhdófaí leis na hacmhainní sin go háirithe obair leantach beartais agus dhlíthiúil. - Ceanglas 4: Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le táscairí eangaí cliste de bhun Airteagal 18a (Airteagal 61(5a)). Chun an cúram sin a dhéanamh, tá gá le hacmhainneacht anailíseach, rialála agus chomhordúcháin laistigh de AS ENER, lena n-áirítear 0.5 FTE measta chun gníomh cur chun feidhme a ullmhú. Chumhdófaí leis na hacmhainní sin go háirithe obair leantach beartais agus dhlíthiúil. Tá na gníomhaíochtaí sin níos comhchruinnithe sa chéad chéim den chur chun feidhme agus le linn don chreat cur chun feidhme a bheith á thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil. Teastaíonn acmhainneacht mhór anailíseach agus chomhordúcháin uathu thar thréimhse shainithe, ach ní mheastar go mbeidh gá le hathneartú buan nuair a bheidh an príomhchreat cur chun feidhme bunaithe. <u>an tAirmheán Comhpháirteach Taighde</u> Rinne AS JRC measúnú mionsonraithe ar an tacaíocht theicniúil agus eolaíoch is gá chun an togra a chur chun feidhme agus rinne sé athbhreithniú ar an bhféidearthacht ath-imlonnú inmheánach a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil roinnt sineirgí ann le gníomhaíochtaí leanúnacha i réimsí dhigitiú an chórais fuinnimh agus na cibearshlándála, chun na gníomhaíochtaí breise sin a chur chun feidhme, le hiarracht **1.5 FTE CA, déanfaidh JRC a acmhainní inmheánacha a ath-imlonnú** d'fhonn comhairle theicniúil agus eolaíoch a sholáthar chun an creat slán deonach um malartú sonraí leictreachais a fhorbairt faoi Airteagal 18a(5). Áirítear leis sin treoirlínte a sholáthar maidir le cuir chuige tástála agus bailíochtaithe, agus ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha. Maidir leis an gcreat um malartú sonraí, dhíreofaí le tacaíocht JRC ar an méid seo a leanas go háirithe: - Tacú le cásanna úsáide tráthúla atá ábhartha ó thaobh beartais de a cheapadh a bhaineann le pleanáil, oibriú agus optamú eangaí leictreachais. - Tacú leis an gcreat slán deonach um malartú sonraí eangaí leictreachais trí mhodheolaíochtaí a sholáthar le haghaidh tástáil neamhspleách, tagarmharcáil agus modheolaíochtaí bailíochtaithe le haghaidh uirlisí digiteacha nuálacha atá le forbairt faoi Airteagal 18a(5) atá ábhartha d'oibriú agus d'optamú eangaí leictreachais.

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021 - 2027**
CEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
IOMLÁN	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe					

3.2.8. Na hacmhainní daonna a mheastar atá riachtanach agus na leithreasuithe a mheastar is gá a úsáid i ngníomhaireacht dhíláraithe

Riachtanais foirne (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)

Gníomhaireacht: ACER	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**CAI 2028-2034**
Baill foirne shealadacha (Gráid AD)					
Baill foirne shealadacha (gráid AST)					
Baill foirne shealadacha (AD+AST) — fo-iomlán	***0***	***0***	***0***	***0***	***0***
Baill foirne ar conradh				2	2
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht					
Baill foirne ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht — fo-iomlán	***0***	***0***	***0***	***2***	***2***
LÍON IOMLÁN na mball foirne	**0**	**0**	**0**	**2**	**2**

Leithreasuithe a chumhdaítear leis an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Gníomhaireacht: ACER	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**	**IOMLÁN 2028 - 2034**
Teideal 1: Caiteachas foirne				0,091[1]	**0,091**	1,379
Teideal 2: Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin					**0,000**	
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil				0,300	**0,300**	8,660
IOMLÁN na leithreasuithe a chumhdaítear le buiséad an Aontais	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,391**	**0,391**	**10,039[2]**

[1] Caiteachas foirne oiriúnaithe chun an toimhde go dtarlaíonn earcaíocht i mí Iúil a chur san áireamh. Dá réir sin, ní chuirtear ach 50 % den mheánchostas san áireamh in 2027.

[2] Áirítear leis an bhfigiúr sin éifeacht charntha innéacsaithe bhliantúil 2 %.

Forbhreathnú/achoimre ar na hacmhainní daonna agus na leithreasuithe (in EUR milliún) atá riachtanach i gcomhair an togra/tionscnaimh i ngníomhaireacht dhíláraithe

Gníomhaireacht: ACER	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**	**IOMLÁN 2028 - 2034**
Baill foirne shealadacha (AD+AST)	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
Baill foirne ar conradh	**0**	**0**	**0**	2	**2**	**2**
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
Líon iomlán na mball foirne	**0**	**0**	**0**	**2**	**2**	**2**
Leithreasuithe a chumhdaítear le buiséad an Aontais	0,000	0,000	0,000	0,391	**0,391**	**10,039**
Leithreasuithe a chumhdaítear le táillí (más infheidhme)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**	**0,000**
Leithreasuithe cómhaoinithe (más infheidhme)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**	**0,000**
IOMLÁN leithreasuithe	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,391**	**0,391**	**10,039**

Tuairisc ar na Cúraimí atá le déanamh ag ACER:

Ceanglas 6: Ceanglaítear ar ACER, i ndlúthchomhar le hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin agus le páirtithe leasmhara ábhartha, moladh a eisiúint a dhíreofar ar údaráis rialála maidir le táscairí eangaí cliste chun glacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin a thomhas (Airteagal 18a(2)). Tá an moladh sin le heisiúint faoi bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus is cúram aonuaire é.

Ceanglas 7: Ceanglaítear ar ACER tuarascáil ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais a fhoilsiú lena ndéanfar measúnú ar fhorbairt agus ar ghlacadh réiteach eangaí cliste agus ar úsáid éifeachtúil bonneagair leictreachais (Airteagal 18a(3)). Tá an tuarascáil sin le foilsiú gach 3 bliana ar a laghad tar éis do ACER a mholadh maidir le táscairí eangaí cliste a fhoilsiú agus is cúram athfhillteach é.

Maidir le Ceanglais 6 agus 7 le chéile tá gá ag ACER, dá bhrí sin, le foireann bhreise chun an obair shaineolach a stiúradh agus a dhéanamh, lena n-áirítear moladh tosaigh agus faireachán tráthrialta ar OCTanna agus OCDanna araon, mar aon le cúnamh a thabhairt maidir le bailiú sonraí agus cúraimí cléireachais eile a bhaineann go dlúth leis an ngníomhaíocht sin.

Ceanglas 8: Cuirtear de chúram ar ACER cúnamh a thabhairt d'údaráis rialála táscairí feidhmíochta a chinneadh (Airteagal 18(7)).

Ceanglas 9: Cuirtear de chúram ar ACER tuarascáil a fhoilsiú lena ndéanfar comparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha agus a gcostais, faoin gcéad lá den mhí i

ndiaidh 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin (Airteagal 18(7)).

Ceanglas 10: Cuirtear de chúram ar ACER moladh a eisiúint a dhíreofar ar an gCoimisiún maidir le togra le haghaidh modheolaíocht chomhchuibhithe i leith taraifí (Airteagal 61(5a)).

Maidir le Ceanglais 8, 9 agus 10, tá gá ag ACER le hacmhainní foirne breise le haghaidh tacaíocht chothrománach agus forchostais, mar aon le buiséad oibríochtúil le haghaidh sainchomhairleoireacht speisialaithe agus forbairtí speisialaithe.

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

- ☐ ar acmhainní dílse
- ☐ ar ioncam eile
- ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[3]			
		Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**
Airteagal …….					

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[3] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Tuairisc ardleibhéil ar na ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha, agus ar na catagóirí gaolmhara (sonraí, digitiú agus uathoibriú próiseas, réitigh dhigiteacha agus/nó seirbhísí poiblí digiteacha)

Tagairt don cheanglas	**Tuairisc ar an gceanglas**	**Gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dóibh nó a bhfuil baint aige leo**	**Próisis Ardleibhéil**	**Catagóirí**
Ceanglas 1 (R1) — Airteagal 18a(2), (3), (6) agus Airteagal 61.5a: Táscairí eangaí cliste agus creat rialachais gaolmhar	Baineann an ceanglas sin le creat a bhunú ar leibhéal an Aontais le haghaidh táscairí eangaí cliste, lena n-áirítear moladh ó ACER, tuairisciú tréimhsiúil ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais, agus an fhéidearthacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le modheolaíocht chomhchuibhithe. Tá sé ábhartha go digiteach toisc go mbaineann sé le tomhas agus faireachán a dhéanamh ar ghlacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin.	ACER, An Coimisiún, Údaráis rialála náisiúnta Oibreoirí córais tarchuir agus oibreoirí córais dáileacháin.	Faireachán, tuairisciú, measúnú rialála agus forbairt modheolaíochtaí comhchuibhithe.	**Sonraí.**
Ceanglas 2 (R2) — Airteagal 18a(4): Sonraí eangaí a bhainistiú agus a mhalartú le haghaidh oibriú eangaí cliste	Baineann an ceanglas sin leis an oibleagáid atá ar oibreoirí córais tarchurtha agus ar oibreoirí córais dáileacháin sonraí eangaí a bhainistiú	Oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin agus, go hindíreach,	Malartú sonraí, oibriú gréasáin, faireachán, optamú agus comhordú oibriú córais	**Sonraí** **Digitiú próisis agus**

	agus a mhalartú ar bhealach comhchuibhithe ionas gur féidir eangacha cliste leictreachais agus réitigh nuálacha shonraíbhunaithe a fhorbairt, a chur in úsáid agus a úsáid go héifeachtach lena dtacaítear le faireachán, optamú agus comhordú oibriú an ghréasáin. Tá sé ábhartha go digiteach toisc go rialaítear leis malartú agus úsáid sonraí gréasáin, margaidh agus oibríochtúla agus go dtacaítear leis le digitiú oibriú an chórais.	gníomhaithe ábhartha eile a bhfuil baint acu le hoibriú córais agus le comhtháthú solúbthachta.	leictreachais.	**uathoibriú.**
Ceanglas 3 (R3) — Airteagal 18a(5) agus Airteagal 61.5b: Creat slán deonach um malartú sonraí eangaí leictreachais le haghaidh nuálaíochta	Baineann an ceanglas sin le bunú deonach creata shláin um malartú sonraí eangaí leictreachais, arna éascú go comhpháirteach ag ENTSO don Leictreachas agus ag Eintiteas AE do OCDanna, chun tacú le forbairt, tástáil, comhtháthú agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nuálacha le haghaidh oibriú agus optamú eangaí, mar aon leis an gcumhachtú gaolmhar don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach treoirlínte maidir le hathúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail. Tá sé ábhartha go digiteach toisc go mbaineann sé le malartú struchtúrtha sonraí, samhlacha coiteanna sonraí,	Oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, ENTSO don Leictreachas, Eintiteas AE do OCDanna, an Coimisiún, agus páirtithe leasmhara rannpháirteacha ábhartha amhail eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus soláthraithe réiteach tionsclaíoch.	Comhroinnt sonraí, rochtain shlán ar shonraí, tástáil agus bailíochtú uirlisí digiteacha, rialachas idir-inoibritheachta agus tacaíocht nuálaíochta.	**Sonraí, réitigh dhigiteacha,** agus **digitiú agus uathoibriú próisis**.

	formáidí, ointeolaíochtaí agus comhéadain, mar aon le socruithe digiteacha le haghaidh tástáil, tagarmharcáil, bailíochtú, idir-inoibritheacht agus bainistiú saolré uirlisí digiteacha.			

4.2. Sonraí

Tuairisc ardleibhéil ar na sonraí atá faoin raon feidhme

Cineál sonraí	**Tagairt do na ceanglais**	**Caighdeán agus/nó sonraíocht**
Baineann na sonraí lena mbaineann le glacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réiteach digiteach i ngréasáin tarchurtha agus dáileacháin, mar aon le húsáid éifeachtúil an bhonneagair leictreachais. Meastar go gcuirfear leis na tuarascálacha náisiúnta atá ann cheana faoi Airteagal 59(l) de Threoir (AE) 2019/944 leis na sonraí sin go príomha, arna gcomhlánú i gcás inar gá le sonraí breise a shonrófar trí mholadh ACER agus, i gcás ina nglacfar iad, trí ghníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún maidir le táscairí eangaí cliste.	Ceanglas 1 (táscairí eangaí cliste)	Ag an gcéim seo, ní fhorordaítear aon chaighdeán teicniúil sonrach sa téacs dlíthiúil; thabharfaí aghaidh ar aon chomhchuibhiú breise ar mhodheolaíocht, ar tháscairí nó ar fhormáidí tuairiscithe sa mholadh agus b'fhéidir i ngníomh cur chun feidhme.
Is iad na sonraí lena mbaineann na sonraí eangaí leictreachais is gá chun eangacha cliste leictreachais agus réitigh nuálacha shonraíbhunaithe lena dtacaítear le hoibriú gréasáin a fhorbairt, a chur in úsáid agus a úsáid go héifeachtach. De réir an cháis úsáide, d'fhéadfaí toipeolaíocht gréasáin agus sonraí sócmhainní, tomhais oibriúcháin, sreabha ualaigh, sonraí voltais agus plódaithe, sonraí maidir le héaradh seirbhíse agus coinneáil ar bun, sonraí seolta agus ciorraithe, sonraí nasctha agus acmhainne, sonraí a bhaineann le solúbthacht, agus réamhaisnéisí oibríochtúla agus srianta atá ábhartha d'oibriú córais tarchurtha agus dáileacháin a áireamh leis na	Ceanglas 2 (malartú sonraí eangaí le haghaidh oibriú eangaí cliste)	Ní fhorordaítear caighdeáin theicniúla mhionsonraithe leis an téacs dlíthiúil féin. D'fhéadfadh sonraíochtaí agus samhlacha earnála atá ann cheana, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an Caighdeán Malartaithe Samhla Coitinne Eangaí nó réitigh idir-

sonraí sin.		inoibritheachta eile de chuid na hearnála leictreachais, a bheith ábhartha ag céim an chur chun feidhme.
Is iad na sonraí lena mbaineann sonraí eangaí leictreachais agus faisnéis theicniúil ghaolmhar a úsáidtear laistigh de chreat slán deonach chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail lena dtacaítear le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais. De réir an cháis úsáide coincréití, d'fhéadfaí sonraí oibríochtúla, pleanála, sócmhainne, solúbthachta agus feidhmíochta córais a chuireann oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin rannpháirteacha isteach, mar aon le meiteashonraí, sonraí tagarmhairc agus aschuir a ghintear trí ghníomhaíochtaí tástála agus bailíochtaithe, a áireamh leis na sonraí sin.	Ceanglas 3 (creat slán um malartú sonraí eangaí leictreachais le haghaidh nuálaíochta)	Foráiltear leis an togra go bhféadfaidh gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún na samhlacha sonraí, na formáidí, na hointeolaíochtaí agus na comhéadain atá ábhartha don chreat a shonrú nó a thabhairt cothrom le dáta, mar aon le coinníollacha maidir le trédhearcacht, cuntasacht, cibearshlándáil agus maolú riosca.

Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Míniú ar an gcaoi a bhfuil na ceanglais ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Tá Ceanglas 1 (táscairí eangaí cliste) ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí a mhéid a thacaítear leis le húsáid chomhsheasmhach chóir sonraí le haghaidh faireachán rialála agus forbairt beartais laistigh den earnáil fuinnimh, agus é ag brath an tráth céanna ar struchtúir tuairiscithe earnála atá ann cheana.

Tá Ceanglas 2 (malartú sonraí eangaí le haghaidh oibriú eangaí cliste) ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí toisc go dtacaítear leis le comhroinnt agus idir-inoibritheacht sonraí earnáilsonracha ar bhealach atá comhsheasmhach le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, cibearshlándáil agus rochtain chothrom ar shonraí. Comhlánaítear leis freisin an creat sonraí fuinnimh atá ann cheana gan an Gníomh um Shonraí a dhúbláil, toisc go mbaineann sé le sonraí eangaí rialáilte agus le comhar idir eintitis rialáilte le haghaidh oibriú córais.

Tá Ceanglas 3 (creat slán um malartú sonraí eangaí leictreachais le haghaidh nuálaíochta) ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí toisc go bhfuil sé d'aidhm aige athúsáid dhleathach, shlán agus rialaithe sonraí a chumasú laistigh de chreat earnáilsonrach, agus rialacha an Aontais maidir le RGCS, an Gníomh um Shonraí, an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus reachtaíocht eile is infheidhme á n-urramú an tráth

céanna. Sa chleachtas, bheadh an creat seo mar bhonn taca freisin faoi réitigh IS-bhunaithe a fhorbairt agus a chur in úsáid lena dtacófaí le hoibriú agus optamú an chórais leictreachais. Ba cheart aon fhorbairt agus cur in úsáid den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le bainistiú riosca, rialachas sonraí, trédhearcacht, formhaoirseacht dhaonna, stóinseacht agus cibearshlándáil.

Ailíniú le prionsabal na haonuaire

Míniú ar an gcaoi ar cuireadh prionsabal na haonuaire san áireamh agus ar an gcaoi ar fiosraíodh arbh fhéidir sonraí atá ann cheana a athúsáid

Maidir le Ceanglas 1 (táscairí eangaí cliste), leantar leis an togra prionsabal na haonuaire trí chur, a mhéid is féidir, le hoibleagáidí tuairiscithe náisiúnta atá ann cheana seachas córas tuairiscithe iomlán nua a chruthú.

Maidir le Ceanglas 2 (malartú sonraí eangaí le haghaidh oibriú eangaí cliste) urramaítear prionsabal na haonuaire a mhéid a chuirtear le sonraí a ghin agus a d'úsáid oibreoirí córais cheana féin i ngnáthchúrsa oibrithe córais leis an bhforáil; ní chruthaítear leis oibleagáid ghinearálta an fhaisnéis chéanna a athbhailiú ó fhoinsí nua, ach tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar an mbealach a dhéantar sonraí atá ann cheana a mhalartú agus a úsáid.

Maidir le Ceanglas 3 (creat slán um malartú sonraí eangaí leictreachais le haghaidh nuálaíochta) ba cheart cur chun feidhme an chreata a threorú le prionsabal na haonuaire, go háirithe trí thacair sonraí earnála, bealaí tuairiscithe agus réitigh theicniúla atá ann cheana a athúsáid i gcás inar féidir, agus trí dhúbailt oibleagáidí bailithe nó tarchurtha nach bhfuil gá léi a sheachaint.

Míniú ar an gcaoi a bhfuil sonraí nuachruthaithe inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad caighdeáin ardcháilíochta

N/B.

Sreabha sonraí

Tuairisc ardleibhéil ar na sreabha sonraí

Cineál sonraí	**Tagairtí do na ceanglais**	**Gníomhaithe a sholáthraíonn na sonraí**	**Gníomhaithe a fhaigheann na sonraí**	**Truicear don mhalartú sonraí**	**Minicíocht (más infheidhme)**

Sonraí a bhaineann le glacadh teicneolaíochtaí eangaí cliste agus nuálacha agus réitigh dhigiteacha	Ceanglas 1 (táscairí eangaí cliste)	Údaráis rialála náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, oibreoirí córais,	ACER chun a mholadh agus a thuarascálacha ar dhul chun cinn a ullmhú, agus ó ACER chuig an gCoimisiún i bhfoirm na n-aschur sin.	Is é teacht i bhfeidhm an Rialacháin an truicear tosaigh a bheadh ann	agus ullmhú mholadh ACER laistigh de bhliain amháin ina dhiaidh sin, agus an gnáth-thimthriall tuairiscithe 3 bliana ina dhiaidh sin
Is iad na sonraí lena mbaineann na sonraí eangaí leictreachais is gá chun eangacha cliste leictreachais agus réitigh nuálacha shonraíbhunaithe lena dtacaítear le hoibriú gréasáin a fhorbairt, a chur in úsáid agus a úsáid go héifeachtach	Ceanglas 2 (malartú sonraí eangaí le haghaidh oibriú eangaí cliste)	Oibreoirí eangaí	Oibreoirí eangaí	ní mór an córas oibríochtúil a nascadh le faireachán, optamú agus comhordú oibriú an ghréasáin, lena n-áirítear comhtháthú na freagartha don éileamh, foinsí fuinnimh in-athnuaite agus solúbthacht neamh-iontaise	Bheadh minicíocht na malartuithe sin ag brath ar an gcás úsáide oibríochtúla agus d'fhéadfadh idir mhalartuithe gar d'fhíor-am agus chomhroinnt thréimhsiúil sonraí stataca nó sonraí a bhaineann le pleanáil a bheith i gceist.
Sonraí eangaí leictreachais agus faisnéis theicniúil ghaolmhar a úsáidtear laistigh de chreat slán deonach chun críoch taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le leas an phobail lena dtacaítear le hoibriú agus	Ceanglas 3 (creat slán um malartú sonraí eangaí leictreachais le haghaidh	Thiocfadh na príomhshreabha sonraí ó oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin atá rannpháirteach sa socrú comhordaithe, idir rannpháirtithe laistigh den chreat sin faoi rialacha rialachais		Is é an truicear a bheadh ann go mbunódh oibreoirí leasmhara an socrú comhordaithe ar bhonn deonach,	Bheadh malartuithe sonraí ina dhiaidh sin ag brath ar rannpháirtíocht sa chreat agus ar na gníomhaíochtaí

optamú an chórais leictreachais	nuálaíochta)	comhaontaithe, ó ENTSO don Leictreachas agus ó Eintiteas AE do OCDanna chuig an gCoimisiún agus na socruithe rialachais agus teicniúla á gcur in iúl acu, agus ón gCoimisiún ar ais chuig na rannpháirtithe trína thuairim agus, i gcás ina nglacfar iad, trí ghníomhartha cur chun feidhme.	agus go gcuirfí na gnéithe ábhartha rialachais agus teicniúla in iúl don Choimisiún ina dhiaidh sin.	coincréiteacha taighde, tástála, tagarmharcála agus cur in úsáid a dhéantar laistigh de.

4.3. Réitigh dhigiteacha

Tuairisc ardleibhéil ar réitigh dhigiteacha

Réiteach digiteach	Tagairtí do na ceanglais	Na príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe	An comhlacht atá freagrach	Conas a dhéantar freastal ar an inrochtaineacht?	Conas a chuirtear an ath-inúsáidteacht san áireamh?	Úsáid teicneolaíochtaí IS (más infheidhme)
Réiteach digiteach #1 Córais tuairiscithe, faireacháin agus anailíseacha atá ann cheana le haghaidh táscairí eangaí cliste	Ceanglas 1	Ní chruthaítear leis an togra ardán digiteach nua neamhspleách de chuid an Aontais. Is iad na réitigh dhigiteacha ábhartha na córais tuairiscithe, faireacháin agus anailíseacha atá ann cheana a úsáideann ACER agus na húdaráis rialála náisiúnta chun faisnéis a bhailiú, a phróiseáil agus a mheasúnú maidir le feidhmíocht gréasáin agus maidir le glacadh réiteach eangaí cliste agus digiteach. Ag brath ar ghníomhartha cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo, d'fhéadfadh sé gur ghá na córais sin atá ann cheana a thabhairt	Is é ACER atá freagrach as an moladh ar leibhéal an Aontais agus as an tuarascáil ar dhul chun cinn. Is iad na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as faireachán agus tuairisciú náisiúnta.	Ní shocraítear aon cheanglas sonrach inrochtaineachta, ós rud é gur córais rialála atá dírithe ar shaineolaithe iad sin go príomha seachas seirbhísí digiteacha atá dírithe ar an bpobal. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal ar aschuir amhail tuarascálacha ACER i gcomhréir leis na cleachtais trédhearcachta atá ann cheana. Áirithítear in-athúsáidteacht trí chur leis an tuairisciú rialála agus leis na huirlisí anailíseacha atá ann cheana seachas réiteach nua a chruthú ón tús.		Faoi láthair, leis an togra, ní gá IS a úsáid le haghaidh an réitigh dhigitigh sin.

		cothrom le dáta chun tacú le modheolaíocht táscaire níos comhchuibhithe, le struchtúir tuairiscithe choiteanna agus le haschuir anailíseacha inchomparáide.			
Réiteach digiteach #2 Comhéadain, córais agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta malartaithe sonraí eangaí le haghaidh oibriú eangaí cliste	Ceanglas 2	Is iad na réitigh dhigiteacha ábhartha na comhéadain, na córais agus na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a úsáideann oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin chun sonraí eangaí a mhalartú agus a phróiseáil ar bhealach comhchuibhithe. D'fhéadfaí comhéadain meaisín le meaisín, tairseacha malartaithe sonraí, samhlacha séimeantacha comhroinnte, córais bainistithe sonraí, agus uirlisí digiteacha eile lena dtacaítear le faireachán, optamú agus comhordú oibriú an ghreasáin a áireamh leo sin.	Oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin, ag gníomhú dóibh laistigh de na freagrachtaí oibríochtúla atá orthu cheana.	Ní bhunaítear leis an togra seirbhís dhigiteach atá dírithe ar shaoránaigh agus, dá bhrí sin, ní ardaítear leis saincheisteanna sonracha inrochtaineachta don phobal i gcoitinne. Tá sé beartaithe leis na réitigh dhigiteacha tacú le hidir-inoibritheacht agus athúsáid sonraí agus ba cheart dóibh, i gcás inar féidir, cur leis na réitigh agus na caighdeáin earnála atá ann cheana seachas ailtireachtaí atá go hiomlán nua a éileamh.	Beartaítear leis an téacs réitigh nuálacha shonraíbhunaithe a fhorbairt agus a oibriú, lena bhféadfaí uirlisí IS-chumasaithe le haghaidh réamhaisnéise, optamú nó inbhreathnaitheacht córais a áireamh.

